www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*



Duaiseanna Liteartha na hÉireann bronnta aréir i mBÁC

L. 34

ISSN 2009-3055

Gaelscéal

An nuachtán is fearr dearadh san Eoraip

26.11.2010

€1.65 (£1.50)
Uimh. 36

Titim na Tua

Tá plean an Rialtais crua ach uaillmhianach, gan fás sa gheilleagar áfach, ní sheasann sé

ANAILÍS

le Conall Ó Móráin

TÁ plean an Rialtais uaillmhianach ach fós tá a lán ceisteanna le cur faoi na spriocanna atá leagtha amach ann, go mór mór ó thaobh an chaiteachais mar aon le leibhéil na gcánacha atá mar sprioc acu a bhaint dínn.

Rud atá dearfach ná, ar a laghad, go bhfuil cosán airgeadais curtha os ár gcomhair amach, bóthar ár leasa b'fhéidir, go mb'fhéidir a thabharfaidh seans éigin dúinn teacht amach ón íosphointe eacnamaíochta ina bhfuil muid faoi láthair. Faraor, níl sé seo cinnte.

N'fheadar an dea-rud é go bhfuil dhá thaobh an gheilleagair míshásta a bheag nó a mhór leis an bplean.

Ar lean ar leathanach 3

105 bliain d'aois agus ag vótáil go fóill!

Biddy Mc Gee, bean a bhfuil 105 bliain slánaithe aici, as Anagaire i nGaeltacht Thír Chonaill, ag caitheamh a vóta inné i bhfothoghchán Dhún na nGall Thiar Theas (PIC: RONAN MC GARVEY/EMG PHOTOS)

IDIRNÁISIÚNTA

"Fillfidh an Ríocht"

Diarmuid Johnson

I BPÁRAS, ar 4 Nollaig, beidh tionól lae ann dar teideal *Localisme et Identité - La réponse au mondialisme* (Áitiúlacht agus Féiniúlacht - Freagairt ar an Domhandú) . Is iad an *Bloc Identitaire* atá ag reáchtáil an tionóil. Cé hiad féin?

Bunaíodh an *Bloc Identitaire* sa bhFrainc in 2003. Is eagras náisiúnta é a oibríonn lámh ar láimh le heagrais réigiúnda: *Alsace d'Abord*, *Nissa Rebela* (Nice), *Ti Breizh* (An Bhriotáin). I measc na n-ábhar a bheas á gcíoradh tá tionchar Ioslaim ar shaol na Fraince agus na hEorpa, ceann de na cúiseanna móra a mbíonn fornáisiúnaithe na linne ag plé leis ar fud iarthar na hEorpa.

Ar lean ar leathanach 6

An ICTU le máirseáil go dtí an GPO

Meadhbh Ní Eadhra

Tá Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) ag eagrú máirseála ag meán lae amárach ag Cé an Adhmaid (Wood Quay) i mBaile Átha Cliath. Tá siad ag iarraidh ar an bpobal "tacú lena chéile agus seasamh ar son ghnáthoibrithe na hÉireann."

Ar lean ar leathanach 2

Joe O'Toole le héirí as an Seanad

Páidí Ó Lionáird

BA le linn an bhriseadh fógraíochta an oíche faoi dheireadh go ndúrt leis an Seanadóir Joe O'Toole, mar mhagadh, gur mar ghnáthshaoránach a bheadh sé linn an chéad uair eile ar 7 Lá ar TG4, dá bhfaigheadh Fine Gael a slí agus deireadh a chur leis an Seanad.

Níor fhreagair sé mé agus níor thugas aon aird air go dtí go raibh an clár thart. B'fhéidir nár chuala sé mo cheist i gceart nó b'fhéidir nach raibh an cheist ró-shoiléir.

Ar lean ar leathanach 4

Gaeilgeoirí Buailte sa Phlean

Treasa Bhreathnach

TÁ ciorruithe beartaithe i ngach gné den saol i bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 an rialtais agus níl aon seans go mbeidh pobal na Gaeilge ag teacht slán orthu siúd. Gearrfar timpeall 10% de bhuiséad iomlán na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, idir bhuiséad caipitil agus bhuiséad reatha.

Ar lean ar leathanach 2

RÉIGIÚNACH 8
I measc an phobail 14
TUAIRIMÍ 15
CÚRSAI SAOIL 20
nós* FORLÍONADH
GNÓ 22
COMHSHAOL 24
BEATHA 26
OIDEACHAS 30
NUACHT NA nÓG 32
SPÓRT 36

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Imreoirí CLG ag fágáil na tíre

Meadhbh Ní Eadhra

MEASTAR go bhfuil na céadta imreoir iománaíochta agus peile Gaelaí i ndiaidh Contae na Gaillimhe a fhágáil le dhá bhliain anuas ag lorg fostaíochta. Tá laghdú mór ag teacht ar an líon imreoirí CLG sna clubanna ar fud na Gaillimhe, mar gheall air seo. Deir Bord an Chontae go bhfuil siad ag iarraidh go ndéanfar athchóiriú iomlán ar scéimeanna pobail ionas nach mbeidh croí na foirne CLG á bhaint astu.

Mothaíonn na himreoirí nach bhfuil an dara rogha acu ach an tír a fhágáil agus tá tionchar mór aige seo ar na clubanna is lú ach go háirithe. Ní i nGaillimh amháin atá sé seo ag tarlú, de réir dealraimh. Deir Bord an Chontae i gCiarraí gur fhág beagnach 200 imreoir cláraithe ó Chiarraí an tír go dtí seo i mbliana, agus tá sé seo amhlaidh ar fud na tíre. Tá Bord an Chontae i nGaillimh i ndiaidh plean a chur os comhair an rialtais chun imreoirí a choinneáil sna ceantair éagsúla agus stop a chur leis an bhfás ollmhór ar eisimirce.

Gaeilgeoirí Buailte sa Phlean

Ar lean ó leathanach a haon

Meastar gurb é an buiséad a bheidh acu do 2010 ná €384,980,000, rud a chiallóidh go mbeidh gearradh de suas le €38.5 milliún i gceist, is sábháil de €35 milliún atáthar ag iarraidh a chinntiú.

Rinne an tAire Ó Ciadhra ráiteas Dé Céadaoin maidir le cur chuige na Roinne chun déileáil leis an dúshlán a chuirfidh na ciorruithe roimh an Roinn.

Deir sé sa ráiteas seo faoi fhorbairt na Gaeltachta agus na nOileán / Cur Chun Cinn agus Cothabháil na Gaeilge, "D'ainneoin gur lú cistiú a bheidh ar fáil do scéimeanna agus do sheirbhísí reatha, cuirfear tuilleadh béime ar acmhainní a dhíriú ar réimse na pleanála teanga i gcomhthéacs fhoilsiú agus fheidhmiú na straitéise 20 bliain don Ghaeilge."

Tá na ciorruithe seo ag cloí (den chuid is mó) le moltaí na Roinne Airgeadais i leith na Gaeltachta dar teideal, 'Tosaíochtaí Infheistíochta Infreastruchtúir 2010-2016'. Sna moltaí seo tá sé i gceist go ndéanfar ciorruithe ar chaiteachas caipitil na Roinne ó €105 milliún faoi láthair go €86 milliún in 2011, 2012 agus 2013, agus tá sé le titim go €40 milliún in 2014 agus €30 milliún in 2015 agus 2016.

Rossa Ó Snodaigh, Kíla

Beidh TG4 ag fáil maoiniú €6.2 milliún ón gceadúnas teilifíse dá mbuiséad bliana €32 milliún. Cé nach mbeidh aon tionchar aige seo ar bhuiséad iomlán TG4 beidh tionchar aige ar bhuiséad bliantúil RTÉ. Ba é seo ceann de na moltaí a rinne Colm MacCarthy a bhfuil cáil air mar gheall ar an 'Bord Snip Nua'.

Síleann ceannasaí TG4 Pól Ó Gallchóir nach mbeidh aon tionchar aige seo ar sholáthar RTÉ do TG4, "Is dhá rud faoi leith atá sa bhuiséad agus an soláthar a dhéanann RTÉ ar TG4, tá comhaontú eadrainn agus bheadh muid dóchasach go leanfar ar aghaidh le hardchaighdeán an tsoláthair sin. Tá muid sásta go bhfuil aitheantas tugtha do TG4 sa phlean ach is iad na spriocanna atá againn in TG4 ná sceideal láidir tarraingteach a chur ar fáil don lucht féachana agus fostaithe a chosaint taobh istigh de TG4 agus san earnáil neamhspleách, áit a bhfuil timpeall 320 fostaithe go lánaimseartha agus 800 fostaithe go páirtaimseartha."

"Tá laghdú de 16% tagtha ar bhuiséad TG4 le bliain go leith anuas agus go leor ciorruithe déanta againn idir 10% de thuarastal fhostaithe TG4 agus ciorruithe san earnáil neamhspleách. Tuigeann muid go bhfuil ciorruithe ag teastáil ach cinnte tá muid neirbhíseach agus amhrasach faoin mbuiséad cosúil le gach duine eile sa tír," a deir Pól.

Ó 2006 bhí ealaíontóirí in ann suas le €250 a thuilleamh gan cáin a íoc ach faoin bplean seo beidh uasmhéid de €40,000 in aghaidh na bliana i gceist. Deir Rossa Ó Snodaigh ón mbanna ceoil Kíla, "Tá an scéal beagán níos casta do cheoltóirí mar go gcaithfidh muidne cáin a íoc ar cheolchoirm, amhráin ar an raidió, seisiún ceoil nó ceirnín a dhíol ach tá an díolúine chánach i gceist lenár ndleachtanna amháin. Mar a dúirt Winston Churchill le linn an dara cogadh domhanda, 'Má chiorraíonn muid buiséad na n-ealaíon, céard dó a bhfuil muid ag troid?' Taispeánann sé chomh maith go raibh Éireannaigh i gcoinne ealaíona agus chultúr na tíre agus iad ag tabhairt a vóta ar feadh na mblianta dóibh siúd a thug isteach an plean seo, is é sin Fianna Fáil."

An ICTU le máirseáil go dtí an GPO

Ar lean ó leathanach a haon

"An seasfaidh tú ansin gan tada a dhéanamh fad is a chuirtear iallach ar ghnáthoibrithe na hÉireann íoc as saint cuid de na baincéirí sinsearacha cama, polaiteoirí agus forbróirí réadmhaoine? Táimid ag iarraidh do chabhrach amárach, sula mbíonn sé ródhéanach dúinn rud ar bith a dhéanamh faoi. Tar linn ag máirseáil go dtí an GPO agus bíodh do ghlór cloiste," a deir an ceardchumann.

Tá an rialtas i ndiaidh an buiséad is crua ó bhunú an stáit a ghealladh dúinn agus táthar ag meas go mbeidh neart daoine ag tacú leis an ICTU fad is a bheidh siad ag máirseáil amárach.

An chéad líne chabhrach náisiúnta don lucht LGBT seolta in Éirinn

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH an chéad líne chabhrach náisiúnta don lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach (LGBT) in Éirinn an tseachtain seo. An líne chabhrach ná 1890929539, agus cuirfidh sé seirbhís náisiúnta ar fáil d'os cionn 300,000 duine ar fud na tíre, a bhí ag fanacht le tamall fada chun seirbhís den chineál seo a fháil.

Léirigh an staidéar *Supporting LGBT Lives*, a rinneadh le déanaí ar mheabhairshláinte an lucht LGBT in Éirinn, go bhfuil dúshláin shuntasacha rompu go fóill, go háirithe maidir le cur in iúl do dhaoine eile go bhfuil siad leispiach nó aerach nó mar sin de, agus sna scoileanna freisin ó thaobh tromaíochta de.

Léiríonn staitisticí ó na hocht líne chabhrach áitiúla LGBT atá ann thart fán tír, go bhfuil scéalta ag daoine le LGBT a choinnítear faoi rún agus nach mbíonn ar eolas ag daoine eile.

Sa bhliain 2009, rinneadh 2,000 glaoch chuig na seirbhísí áitiúla seo amháin. Bhí formhór díobh siúd a chuir glaoch idir 25 agus 45 bliain d'aois, idir fhir agus mhná, agus bhí cónaí ar a lán acu lasmuigh de cheantair mhóra uirbeacha.

Deir Dave Roche ó líne chabhrach LGB go dtéann sé seo i gcoinne an ruda a chreideann go leor daoine, is é sin go mbeadh formhór de na glaonna seo ag teacht ó dhaoine níos óige.

"I ndáiríre, is minic a ghlaonn fir agus mná níos sine ar na línte cabhrach seo, daoine atá ina gcónaí in áiteanna gan mórán tacaíocht LGBT agus atá uaigneach nó scoite amach," ar sé.

"Tá go leor acu ag iarraidh go n-éistfear leo gan bhreithiúnas, go dtuigfeadh duine éigin iad agus go mbeadh siad in ann eolas a fháil faoi fhoinsí tacaíochta eile."

Is do gach duine an líne chabhrach seo, is cuma cén aois iad nó cén fhadhb nó cén cheist atá acu.

"Má tá tú aerach, leispiach, trasinscneach nó déghnéasach, ní gá go gcuirfeadh sé sin bac ar do ghairm bheatha, ar do mhothúcháin, ar do phobail, do chairdis le daoine eile nó do shaol teaghlaigh. Is le cuidiú leis an lucht LGBT agus a dteaghlaigh é sin a thuiscint atá an line seo ann," a deir an tUasal Roche.

Tá Bernardine Quinn ag obair leis an líne chabhrach freisin agus labhair sí faoin chéad uair a chuir sí glaoch ar líne chabhrach í féin.

"Bhí mé thart ar 17 nó 18 agus is cuimhin liom an fón a thógáil ón halla isteach sa seomra suite ionas nach mbeadh éinne in ann mé a chloisteáil.

An chéad rud a rinne mé nuair a chuala mé glór ag an taobh eile den fhón ná é a chrochadh suas. Ansin ghlaoigh mé arís agus chuala mé duine éigin ag rá an fhocail 'leispiach'. Sin an chéad uair a bhuail an focal sin mé i ndáiríre. Chroch mé an fón suas arís. Ansin, an tríú huair, labhair mé.

Ba mhór an faoiseamh é a fhios a bheith agam go raibh a fhios ag duine éigin cad as a raibh mé ag teacht agus nach raibh mé i m'aonar."

As na daoine a ghlaoigh ar na línte cabhrach áitiúla in Éirinn, dúirt 80% acu go ndearnadh mí-úsáid bhriathartha orthu, dúirt 40% go ndearnadh bagairt fhisiceach orthu, dúirt 25% gur bualadh iad nó gur fhulaing siad ó fhoréigean fisiceach agus dúirt 58% go raibh tromaíocht homafóbach ann sna scoileanna.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Titim an Tua

Ar lean ó leathanach a haon

Tá an chuma air go bhfuil na ceardchumainn fós chun dul ar aghaidh leis an léirsiú atá pleanáilte acu an deireadh seachtaine seo, cé nach bhfuil aon duine róchinnte cé nó céard ina choinne a bhfuil siad ag léirsiú ós rud é go bhfuil an tír bancbhriste agus ré an rialtais caite.

Mar a chéile tá míshástacht ar lucht gnó mar nach bhfuil aon rian de phacáiste spreagtha sa phlean. Ach ar ndóigh conas go mbeadh mura bhfuil aon airgead ann? Is ciorruithe atá sa phlean agus fiú in Éirinn ní dóigh gur féidir linn ciorrú a thabhairt ar chaiteachas breise?

Rud amháin atá sa phlean, atá lárnach maidir leis an iomlán, ná an tomhas atá déanta ag an rialtas faoin bhfás, más ann dó, atá i ndán do gheilleagar na tíre i rith na gceithre bliana atá faoi chaibidil sa phlean. Deir an rialtas go gcreideann siad go bhfásfaidh an eacnamaíocht 2.75% ar an meán thar na ceithre bliana.

Sna laethanta seo ní féidir, go simplí, brath air seo. Agus gan an fás, ní sheasann an plean.

Tá a fhios againn go mbeidh muid ag díol breis cánach agus go mbeidh breis againn dá díol freisin. Scríobh mé cheana anseo go mbeadh cáin shimplí, dhíreach, ar ár dtithe agus gur dea-rud é má dhíolann muid as an uisce a úsáideann muid. Tá cuma air go bhfuil an méid sin le tarlú. Mar a chéile tá an rialtas chun iarracht a dhéanamh 30,000 post a ghearradh san earnáil phoiblí, cé gur éirigh leo, in ainneoin chuile rud, líon na bhfostaithe san earnáil sin a mhéadú le dhá bhliain anuas.

Tá roinnt mhaith cainte déanta faoin ráta pá íosta atá le gearradh. Cé nach bhfuil ann ach €1 san uair de ghearradh is méid suntasach an t-airgead sin, €40 sa tseachtain, mura bhfuil dá thuilleamh agat ach €340 sa tseachtain, iomlán pá seachtainiúil faoi láthair dóibh siúd ar an phá íosta.

Níl aon chiall leis an chiorrú seo mura bhfuil sé ar intinn ag an rialtas na rátaí íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ghearradh ar an mbonn céanna. Mura ndéanann, cuireann an t-athrú ar an bpá íosta bac eile orthu siúd atá ag roghnú obair a ghlacadh nó fanacht sa bhaile, díomhaoin. I bhfad níos tábhachtaí áfach, agus rud nach bhfuil mórán solais caite air fós, ná na hathruithe atá luaite maidir le rátaí pá laistigh de na comhaontuithe fostaíochta cláraithe.

Tá tógálaithe agus óstánaithe na tíre tar éis stocaireacht a dhéanamh le dhá bhliain anuas chun na rátaí seo a ísliú. Seo rátaí pá a socraíodh i rith an Tíogair Cheiltigh agus, de réir na bhfostóirí, atá ag cur bac díreach orthu anois ar athbheochan a thosnú sa dá thionscal mhóra úd a chuireann poist ar fáil dóibh siúd ar bheagán cáilíochtaí, go minic. Poist thábhachtacha iad seo dá bharr sin agus tá sé ríthábhachtach go gcruthaítear iad. Ach troidfidh na ceardchumainn go fíochmhar i gcoinne aon athrú dá shórt. I mo thuairim seo ceann de na pointí brú móra sa phlean agus is fiú súil ghéar a choimeád air.

Geilleagar beag oscailte atá againn sa tír seo. Ciallaíonn sé seo gur cuma den chuid is mó céard a dhéanann muidne linn féin chun cruth a chur ar an ngeilleagar mar gur cúrsaí domhanda is mó a chuireann an cruth sin orainn. Deirtear má dhéanann Stáit Aontaithe Mheiriceá sraoth go bhfaigheann muidne an slaghdán. Cé nach bhfuil cúrsaí i Meiriceá socair in aon chor blúirín de dhea-scéal é go bhfuil biseach de shórt ar na stocmhalartáin ar Wall St agus, go teoiriciúil (agus tá na teoiricí seo dá n-athscríobh in aghaidh an lae), ba chóir gur comhartha é seo go bhfuil geilleagar na tíre sin ag feabhsú.

Sin deireadh leis an dea-scéal áfach.

An fíor-dhrochscéal ná go bhfuil an chuma air, má tá slaghdán orainn, go bhfuil an fíorfhliú anois ar an Phortaingéil agus ar an Spáinn. Mura féidir leis an IMF agus an tAontas Eorpach, le chéile, dul i ngleic go crua agus go tapa leis na deacrachtaí airgeadais sa dá thír sin, is cuma céard iad na ciorruithe agus na spriocanna atá inár bplean féin mar gurb é an Euro féin a thitfidh as a chéile agus má thiteann ní féidir linne faic in aon chor a dhéanamh faoi agus ní deas an rud é a scríobh ach is i dtreo ifreann eacnamaíochta a bheidh muid ag druidim agus leathanaigh an phlean ag cabhrú leis na lasracha.

Geilleagar an Tuaiscirt agus tomhaltóirí an Deiscirt

Anton Mac Cába

TÁ geilleagar an Tuaiscirt go mór i muinín mhargaidh agus thomhaltóirí an Deiscirt. Is leis an Pháirtí Daonlathach Aontachtach (DUP) atá Arlene Foster, an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta. Dúirt sí sa Tionól go bhfuil impleachtaí ag a bhfuil ag tarlú don Tuaisceart "nó go Poblacht na hÉireann a théann thar 10% dá ndíolann comhlachtaí áitiúla déantúsaíochta, agus 28.5% d'easportálacha." Tá sí chun labhairt le rialtas na Breataine, le déanamh cinnte go ndéanfar cúram den Tuaisceart maidir le cibé socrú a déanfar leis an rialtas.

Tá, cheana, impleachtaí le feiceáil. Tráth go bhfuil geilleagar na Breataine ag fás, tá sé ina mheathlú arís ó thuaidh. Is sna ceantair cois teorann is measa an méadú ar an dífhostaíocht. Le bliain anuas, bhí méadú 26.5% i gceantar Iúr Cinn Trá agus Mhúrna.

Bualadh tionscal na tógála go dona. Bhí cuid mhór den obair ó dheas. An t-am ab fhearr é, ba thart ar 10% den gheilleagar é - malairt 25% ó dheas. De réir an tsuirbhé is déanaí ar an lucht saothair, tá laghdú 10% le bliain ar an líon atá fostaithe sa tionscal. Glactar leis go bhfuil an scéal níos measa.

Bhí cuid mhór féinfhostaithe, mar sin ní fheictear iad sna figiúirí. Tá Terry Hughes ina bhainisteoir ar shiopa cois teorann i nDún na nGall, mar a bhfuil cuntar bia the. Dúirt sé go bhfuil laghdú 60% le dhá bhliain ar líon na veaineanna oibre atá ag teacht aduaidh ar maidin.

Cuireann an ghéarchéim sa gheilleagar seirbhisí airgeadais faoi bhrú. Ó dheas, táthar ag caint ar gan ach dhá bhanc bheith ann - agus an líon céanna ó thuaidh. Cheana, ag tús na míosa, d'fhógair Banc na hÉireann go bhfuil 100 post le cailliúint i mBéal Feirste. Bhí Bainc-Aontas Éireann le First Trust, banc s'acu sa Tuaisceart, a dhíol ach tá moill anois air sin.

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin, agus tá miondíoltóirí cois teorann ó thuaidh ag déanamh go maith. Tá sin ag brath go mór ar an ráta malartaithe. Dé Máirt, thit an euro faoi 85p. Má leanann an titim, beidh sé ina bhuille mór do bhailte ar nós Inis Ceithleann agus Iúr Cinn Trá.

€10.279 milliún caite ar bhóithre nár cuireadh tús leo go fóill

Anton Mac Cába

DHÍOL an Roinn Iompair Phoblacht na hÉireann £8.5 milliún (€10.279 milliún) as bóthar sa Tuaisceart - nár tosnaíodh ar an obair air go fóill. Is é seo an débhealach A5 ón teorainn go Doire.

Cuireadh an méid seo in iúl i gceist a chuir an Comhalta den Tionól Reachtach Allan Bresland (Tír Eoghain Thiar) ar Conor Murphy, Aire Forbartha Réigiúnaí. Dúirt Murphy go raibh tuilleadh oibre dá déanamh ar dhearadh an bhóthair, agus ar cheannach talún don bhealach atá molta. Bhí taispeántais phoiblí agus comhairlithe leanúnacha ar siúl: "Bhí costas suntasach leis an obair seo uilig, ach ba chuid riachtanach de thógáil an bhóthair é," arsa Murphy. Beidh fiosrúchán poiblí ann i lár na bliana úire.

Ainneoin na géarchéime sa gheilleagair gheall an Roinn Iompair £400 milliún (€474.02 milliún) don tionscadal. Tá sin ar bheagnach an leath-chuid den chostas.

Is tionscadal conspóideach é, tríd is tríd, ó thaobh na polaitíochta dhe; tá náisiúnaigh ar son an bhóthair, aontachtóirí ina éadán.

Ba ag Cruinniú Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha an mhí seo caite a dearbhaíodh an £400 milliún. I láthair, bhí Noel Dempsey, Aire Iompair; Conor Murphy, Aire Forbartha Réigiúnaí an Tuaiscirt, ó Shinn Féin; agus Edwin Poots, Aire Comhshaoil, ón bPáirtí Aontachtach Daonlathach (DUP).

Tá idir ghníomhaithe timpeallachta agus fheirmeoirí in éadán an bhóthair. Chuir siad an Alternative A5 Alliance ar bun. Dúirt Malcolm Lake ón Alternative A5 Alliance go mbeadh bóthar trí lána agus bóthar iarainn lena thaobh chomh saor céanna. "Den chuid is mó, tá bealach an bhóthair iarainn ó Phort an Dúnáin go Doire ann ar fad," arsa Lake.

Tithíocht trasteorann

Anton Mac Cába

TÁ an Tuaisceart ar an aon réigiún sa Ríocht Aontaithe mar a bhfuil praghsanna tithe ag titim. De réir na tuarascála is déanaí ó Ollscoil Uladh bhí titim 7.6% le bliain. Is é £150,000 (€177,077) anois meán-phraghas tí ó thuaidh, malairt €198,689 ó dheas.

Is toradh eile seo ar an ghéarchéim sa gheilleagar ó dheas. Tar éis na sosanna cogaidh in 1994, bhí sé níos éasca ag daoine dul thar an teorainn. Chothaigh sin - chuig pointe - aon mhargadh tithíochta amháin.

Tá sin le feiceáil go soiléir in oirthear Dhún na nGall. Is múinteoir as Doire í Claire Prunty agus is ann atá sí ag múineadh. Tá cónaí uirthi i gCionn an Droichid i nDún na nGall. Tá an sráidbhaile trí mhíle ó lár chathair Dhoire. Is as Doire do níos mó ná an leath-chuid den mhuintir san eastát mar a bhfuil sí. Is oibrí le Sinn Féin ar an tSrath Bán é Colmán Mac Crosáin. Tá aithne aige ar na heastáit nua i Leifear; is as an tSrath Bán don leath-chuid den mhuintir iontu.

Tá Seamus 'Bush' McGovern ina ghníomhaire eastát in Inis Ceithleann, An Blaic (Co an Chabháin) agus Sligeach. Le tamall, mhothaigh sé dornán daoine ón Tuaisceart ag bogadh isteach go Co an Chabháin agus Co Liatroma. Is mar go bhfuil praghsanna anois chomh híseal a rinne.

Dar leis go bhfuil, ar fad, níos mó brí sa mhargadh ó thuaidh. Thiocfadh leis sin tiontú, áfach. Tá luach €2 bhilliún de thalamh forbartha ag an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Socmhainní (NAMA). Má dhíoltar sin ar phraghas íseal, scriosfadh sé an margadh réadmhaoine.

TG4

Seirbhís Lónadóireachta

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais do chonradh Seirbhís Lóndóireachta 2011 – 2013. Tuilleadh eolais cruinn le fáil san E.U. Journal www.e-tenders.gov.ie agus ar suíomh www.tg4.ie/tenders

TG4 invites qualified companies to tender for their Catering Contract 2011 – 2013. All relevant information is available in the E.U. Journal www.e-tenders.gov.ie and on www.tg4.ie/tenders

TG4

Seirbhís Margaíochta

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais do chonradh Seirbhís Margaíochta 2011 – 2013. Tuilleadh eolais cruinn le fáil san E.U. Journal www.e-tenders.gov.ie agus ar suíomh www.tg4.ie/tenders

TG4 invites qualified companies to tender for their Marketing Contract 2011 – 2013. All relevant information is available in the E.U. Journal www.e-tenders.gov.ie and on www.tg4.ie/tenders

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Eisiach

Pat Sheehan: An Polaiteoir Drogallach

Is é an Gaeilgeoir **Pat Sheehan** a roghnaíodh an tseachtain seo caite chun áit Gerry Adams a ghlacadh in iarthar Bhéal Feirste agus lena shuíochán a thógáil sa Tionól i dTuaisceart na hÉireann. Labhair sé go heisiach le **Meadhbh Ní Eadhra** faoina phost nua.

"SA chéad dul síos, ní raibh mise ag dúil leis an phost seo," a deir Pat. "Tháinig an páirtí chugam. Mhínigh siad dom cad é a bhí ag titim amach maidir le Gerry (Adams) ag bogadh go dtí An Lú, thart fá trí nó ceithre sheachtain ó shin, agus mhínigh siad an cineál plean a bhí acu. D'iarr siad orm áit Gerry a ghlacadh sa tionól anseo. Caithfidh mé a rá nach raibh mé ag iarraidh an post seo; bhí post maith agam i gCoiste na nIarchimí, agus bhí mé lánsásta leis an bpost sin. Caithfidh mé a rá nach bhfeicim mé féin mar pholaiteoir.

Sílim gur gníomhaí polaitiúil mé. Tá baint agam leis an ghluaiseacht ó bhí mé i mo leaid óg, ach níor mhaith liom a rá gur polaiteoir mé. Is cinnte nach *careerist* mise, ach d'iarr an páirtí orm an post a ghlacadh, agus rinne mé sin."

Cén fáth a ndearna sé sin nuair nach raibh mórán suime aige ann?

"Chuir an páirtí [Sinn Féin] argóint láidir chun tosaigh, agus rinne mé iarracht é a bhriseadh síos, ach tháinig siad ar ais le hargóint eile. Bhí mé sásta dul le mian an pháirtí sa deireadh," ar sé. "Tá imní orm. Tá a fhios agam go bhfuil dúshlán mór romham, ach ag deireadh thiar thall, níl sé chomh contúirteach agus a bhí rudaí eile a rinne mé i rith mo shaoil, rudaí mar na stailceanna ocrais agus a bheith sna hÓglaigh agus mar sin de."

Chaith Pat 55 lá ar an dara stailc ocrais in 1981 agus chaith sé blianta fada sa phríosún. Mar fhear a sheas i gcónaí ar son an Phoblachtanachas, an aontaíonn sé le cur chuige Shinn Féin na laethanta seo?

"Cinnte, cinnte. Ag dul siar go dtí tús na 90í, bhí a fhios agam go raibh orainn straitéis nua a chur chun tosaigh. Bhí an streachailt armáilte dóite amach. Is cuimhin liom a bheith ag díospóireacht le príosúnaithe eile sa phríosún faoin mbealach chun tosaigh. Ag an am sin, níor aontaigh gach duine liom, ach d'aontaigh mé leis an straitéis a bhí ag an gceannaireacht ag an am, maidir leis an sos cogaidh, agus ag dul isteach sa chóras polaitiúil agus gach rud mar sin. Ag deireadh na stailc ocrais, ní bhfuair muid gach rud a bhí uainn ag an am, seachas ár gcuid éadaí féin. Rinneamar amach ag an am sin go raibh straitéis eile de dhíth orainn sa phríosún. Caithfidh mé a rá nuair a toghadh Bobby Sands i bhFear Manach/Deisceart Thír Eoghain, agus nuair a fuair sé bás, gur bhain sin gach brí ón bpolasaí coiriúlachta ('*blew the criminalization policy out of the water*'), ach ag an am céanna, ní bhfuaireamar gach rud a bhí uainn sa phríosún. Bhí orainn straitéis eile a chur i bhfeidhm chun na rudaí eile a fháil."

Pat Sheehan

"Caithfidh mé a rá nach bhfeicim mé féin mar pholaiteoir. Sílim gur gníomhaí polaitiúil mé. Tá baint agam leis an ghluaiseacht ó bhí mé i mo leaid óg, ach níor mhaith liom a rá gur polaiteoir mé."

Tá grúpaí éagsúla Poblachtacha ann cosúil le Éirigí, an Real IRA, *Continuity IRA* agus mar sin de. An gceapann Pat go bhféadfadh na grúpaí éagsúla seo teacht le chéile faoi bhrat amháin lá éigin?

"Caithfidh tú cuimhniú nach bhfuil ann ach grúpaí beaga," ar sé. "Tá cuid daoine a chreideann gur cheart dul ar ais go dtí an cogadh, cuid eile nach gcreideann. Ní aontaíonn siad féin maidir leis an bhealach chun tosaigh. B'fhéidir san am atá le teacht, go dtiocfaidh siad le chéile, ach ní fheicim ag tarlú é."

An gceapann sé go mbainfidh Gerry Adams suíochán amach i gContae Lú?

"Sílim go bhfuil seans maith aige an suíochán sin a bhaint," ar sé. "Ach ag an am céanna, tá contúirt ann fosta, nach mbainfidh sé an suíochán. Sílim go bhfuil resentment ann sa deisceart nuair a thagann daoine ón tuaisceart."

Tá sé den bharúil go bhfuil "gach rud athraithe" sna 26 contae anois, leis an ghéarchéim agus gach rud eile atá ag tarlú. Tá Pat i gceannas ar dheasc MheánOirthear Shinn Féin ar Choiste Gnóthaí Idirnáisiúnta an pháirtí.

"Tá naisc dlúthpháirtíochta againn le tamall fada le grúpaí sa Phalaistín, cosúil le Fatah, Hamas agus mar sin de. Tá suim iontach mór acu sa phróiseas síochána anseo agus tá siad ag iarraidh a fháil amach an bhfuil rud ar bith le foghlaim ón phróiseas anseo," ar sé.

Fuair bean chéile Pat, Siobhan O'Hanlon, bás in 2006 ó ailse, agus tá mac 11 bliain d'aois aige, a fhreastalaíonn ar Phobalscoil Feirste.

Tá baint fhada ag clann Pat le CLG Naomh Gall. Tá comóradh 100 bliain den chlub ann i mbliana agus níl fágtha ach dhá chlann a bhí ann ón tús. Tá clann Pat ar cheann acu sin.

"Nuair a scaoileadh saor ón phríosún mé in '87, bhí mé ar an fhoireann sinsir peile a bhain an Chraobh in Aontroim," ar sé. "Bhaineamar an chraobh idirmheánach iománaíochta chomh maith."

Tá Pat iontach gnóthach faoi láthair agus é ag plé le go leor rudaí éagsúla, ina measc comóradh 30 bliain an stailc ocrais, a bheidh ar siúl an bhliain seo chugainn.

Joe O'Toole le héirí as an Seanad

Ar lean ó leathanach a haon

I ndiaidh an chláir, tháinig Joe chugam, chuir sé a lámh dheas ar mo ghualainn agus dúirt, "Ní hé go rabhas ag iarraidh bheith droch-bhéasach nuair a chuiris an cheist orm, ach ní bheidh mé ag seasamh sa chéad toghchán eile don Seanad." Bhuel, leagfadh puth gaoithe mé.

Tá a fhios agam go bhfuil mórán daoine ann a cheapann gur beag maitheas a dhéanann an Seanad. Tá siad ann a cheapann nach bhfuil ann ach clós páirceála do shean-pholaiteoirí nó do chairde an Taoisigh reatha ar theip orthu fáil tofa. Ceapann daoine eile gurb ionann é agus seomra feithimh don fhíor-jab Dála, an TD.

Nílimse i measc aon cheann de na buíonta sin in aon chor. Tá athchóiriú le déanamh ar conas a thoghtar baill an tSeanaid ach níl aon locht ar an institiúid féin.

Nuair a shamhlaím an obair a bhíonn ar bun sa Seanad, smaoiním go bhfuil acmhainn fhíor-thábhachtach ann. Seo an dara teach reachtaíochta den Oireachtas. Scagtar gach uile phíosa reachtaíochta anseo arís sara dtéann sé ar aghaidh chuig Áras an Uachtaráin..

Nach bhfuil an obair sin fíor-luachmhar? Péire súl eile ag faire amach duit agus don mbotún a d'fheadfadh sleamhnú isteach muna mbeadh aire iomlán á tabhairt? Bíodh is nach bhfuil aon chumhacht crosta (*veto*) acu, is féidir leis an Seanad reachtaíocht a mhoilliú, a scagadh agus leasú a iarraidh dá réir.

Ar aon nós, is iontach iad cuid de na carachtair atá tar éis a gcuid ama a thabhairt don dteach áirithe sin. Cuimhním ar Eamon De Buitléar, an fear caomhnaithe comhshaoil, an scríbhneoir agus an sár-scannánóir. Cuimhním ar Mary Robinson, a bhí, ina dhiaidh sin, ina hUachtarán ar Éirinn, ar ndóigh. Bhí Séamus Mallon, Bríd Rodgers agus Gordon Wilson ann, daoine a thug a saol ag plé le síocháin an tuaiscirt. Bhí WB Yeats agus Oliver St John Gogarty ann - nach mór an onóir a thugadar dúinn.

Is ar an ardán céanna a bheirim Joe O'Toole. Cuimhneoidh múinteoirí go geanúil air de bharr na tréimhse rathúla a chaith sé mar Ard-Rúnaí ar an INTO. Cuimhneoidh a dhaltaí scoile air de bharr a chur chuige mar oide den chéad scoth.

Cuimhneoidh a chomhghleacaithe polaitíochta sa dá thigh, Uachtair agus Íochtair, air dá chairdeas, dá acmhainn grinn ach, thar aon ní eile, dá ghrinneas agus éirim aigne, cuma cén t-ábhar. Ba mar sin a chuireamar aithne ar a chéile, é ina phainéalaí rialta agus iontaofa i gcónaí.

Is breá a chomhluadar agus táim ag súil le pé seans a threisíonn an deis sin. Go maire sé céad go leith.

Ag súil le toradh ar an fhothoghchán tráthnóna

Treasa Bhreathnach

MAIDIN inniu ag a 9 a cuireadh tús le comhaireamh na vótaí i bhfothoghchán Dhún na nGall Thiar Theas i Srath an Urláir. Is ag a 10 a chlog aréir a dúnadh na boscaí vótála i nDún na nGall Thiar Theas tar éis lá iomlán vótála don cheantar agus iad i mbun Teachta Dála an cheantair a thoghadh.

Leis an méid éiginnteachta sa rialtas faoi láthair ní bheidh mórán ama ag an té a cheapfar mar Theachta Dála sula mbeidh air dul i mbun feachtasaíochta arís. Cé gur cuireadh tús le feachtasaíocht an fhothoghcháin le seisear iarrthóir, ní raibh deis ag daoine ach vóta a chaitheamh do chúigear tar éis do Ann Sweeney tarraingt amach as an iomaíocht ar an Mháirt seo caite. D'iarr sí ar dhaoine baghcat a dhéanamh ar an fhothoghchán mar gur shíl sí nach raibh ann ach scigdhráma. Cé gur tharraing sí amach as an bhfothoghchán bhí a hainm fós le feiceáil ar an bpáipéar ballóide. Deir sí go bhfuil sé fós i gceist aici dul san iomaíocht don olltoghchán mar iarrthóir neamhspleách. Beidh olltoghchán sa tír roimh mhí an Mhárta seo chugainn, ar a dheireanaí. Bhí 136 stáisiún vótála ar fud an toghcheantair.

Chaith timpeall 43% de mhuintir na n-oileán vóta ar an Luan seo caite agus is iondúil go mbíonn an líon vótálaithe ar na hoileáin ar comhchéim leis an mórthír. Níl súil go mbeidh toradh an vóta ar fáil go dtí tráthnóna inniu. Beidh toradh an vóta seo ina chomhartha láidir don rialtas agus a bplean ceithre bliana agus is cinnte go mbeidh an Tánaiste Mary Coughlan ag coinneáil súil ghéar ar an mbealach a bhfuil a contae féin ag caitheamh a gcuid vótaí.

Litir amháin agus dhá bhliain sa difríocht

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ geilleagar na hÍoslainne ag teacht chuige féin, dar leis an IMF. Deir siad go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta san Íoslainn ag feabhsú agus go bhfuil sé riachtanach go leanfar ar aghaidh leis na bearta atá i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar athstruchtúrú ar fhiacha na tíre.

Thit córas baincéireachta na hÍoslainne as a chéile i mí Dheireadh Fómhair 2008, nuair a theip ar na trí phríomhbhanc teacht amach as an ngéarchéim.

Macasamhail Éireann, cuireadh brú ar an bPríomh-Aire ag an am, Geir H. Haarde, éirí as a phost mar gheall ar ghéarchéim na mbanc.

Ag an am sin, bhí cúnamh airgid de dhíth ar an tír ón IMF, díreach cosúil le cás na hÉireann i láthair na huaire.

Thug an IMF iasacht de $2.1 billiún don Íoslainn ag an am. Anois tá an IMF ag maíomh go bhfuil an tír ag teacht chuici féin agus go raibh tacaíocht á fáil acu ó pholasaithe a bhí á gcur i bhfeidhm de réir a chéile.

Tá an IMF i mbun cainteanna leis an Íoslainn anois agus leanfaidh siad seo ar aghaidh le haghaidh cúpla seachtain eile.

An aidhm atá acu ná athbhreithniú a thabhairt chuig an mbord feidhmiúcháin le faomhadh ag deireadh na bliana seo nó go luath an bhliain seo chugainn.

Deir siad go bhfuil boilsciú ag moilliú agus go bhfuil barrachas ann i gcomhardú na trádála. Bhí siad ag súil go dtiocfadh méadú ar an bhfás eacnamaíochta in 2011 ach deir siad anois go mbeidh sé níos moille ná mar a cheap siad, mar gheall ar mhoill le tograí infheistíochta.

Ní hionann agus an tír seo, tá an Íoslainn ag déanamh go maith sna cúinsí deacra eacnamaíochta seo.

Nuair a rinne rialtas na hÉireann náisiúnú ar an mBanc Angla-Éireannach i mí Mheán Fómhair, chuir daoine an cheist: cad é an difríocht idir córais bhancála na hÉireann agus na hÍoslainne? Litir amháin agus dhá bhliain an freagra ar an gceist seo.

Rinneadh díluacháil ar an *krona* (airgeadra na hÍoslainne) i ndiaidh na géarchéime, agus chuidigh sé seo le hinfheistíocht ó thar lear a spreagadh agus turasóirí a mhealladh ar ais go Reykjavik. Níl an rogha sin ag Éirinn.

Beidh rialtas agus muintir na hÉireann ag breathnú ar thíortha eile ar nós na hÍoslainne anois agus ag iarraidh tuiscint a fháil ar céard é an rud ceart le déanamh, céard a oibríonn, céard nach n-oibríonn, agus cén fáth?

Cás faoi Theachtaireacht Twitter le dul chun na hArdchúirte

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Paul Chambers, fear Sasanach a cúisíodh as teachtaireachtaí bagartha a sheoladh go leictreonach, ag déanamh achomharc ar a chás san Ardchúirt. Deir sé nár ghlac na péas go dáiríre lena theachtaireacht ar Twitter, nuair a dúirt sé go ndéanfadh sé buamáil ar aerfort Robin Hood sa Ríocht Aontaithe, agus deir sé nár cheart go mbeadh an tSeirbhís Ionchúisimh Ríoga i gceannas ar an gcás.

Tá Chambers ag maíomh go raibh sé ag magadh nuair a sheol sé teachtaireacht ar Twitter faoin aerfort a bhuamáil.

Cúisíodh i mí Bhealtaine é agus cé go ndearna sé achomharc cheana, theip air an cinneadh a athrú.

Anois beidh Chambers agus a fhoireann dleathach ag déanamh achomhairc san Ardchúirt mar iarracht deiridh.

Mar gheall ar chás Chambers, tá go leor fearg le brath ar shuímh sóisialta agus ar bhlaganna agus tá eagla ar dhaoine go bhféadfadh an rialú seo tionchar a bheith aige ar shaoire labhartha ar líne.

Is cuntasóir é Chambers atá 27 bliain d'aois agus nuair a sheol sé an teachtaireacht ar an 6 Eanáir, deir sé go ndearna sé é go magúil é. Bhí aerfort Robin Hood, gar dá theach, i ndiaidh druidim mar gheall ar an sneachta, agus bhí imní air nach n-éireodh leis a eitilt a fháil.

Paul Chambers

Stephen Fry

*"Crap! Robin Hood Airport is closed. You've got a week and a bit to get your **** together, otherwise I'm blowing the airport sky high!"* a dúirt sé sa teachtaireacht.

Tá daoine cáiliúla ar Twitter ag tacú le Chambers, leithéidí Stephen Fry, atá i ndiaidh tairiscint a dhéanamh chun costais dhleathacha Chambers a íoc.

An Chóiré Theas chun cúrsaí slándála a láidriú

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ an Chóiré Thuaidh agus Theas ar fud na nuachta an tseachtain seo mar gheall ar an ionsaí a rinneadh ar an gCóiré Theas. Inné, d'éirigh Aire Cosanta na Cóiré Theas as a phost i ndiaidh do dhaoine é a cháineadh go láidir mar gheall ar fhreagairt an airm ar an ionsaí millteanach airtléire a rinne an Chóiré Thuaidh orthu.

Maraíodh ceathrar sa bhlaosc ar oileán imeallach sa Chóiré Theas, agus cuireadh tithe agus foirgnimh trí thine.

Bhí Sarah Palin, duine díobh siúd a cheaptar a bheidh san iomaíocht d'Uachtaránacht na Stát Aontaithe in 2012, sna ceannlínte nuachta ar fud an domhain inné as a rá gurb iad an Chóiré Thuaidh "comhghuaillithe" Mheiriceá.

Tá Uachtarán na Cóiré Theas, Lee Myung-bak, i ndiaidh a rá go ndéanfar cúrsaí slándála thart ar na hoileáin a neartú fad is atá an Chóiré Thuaidh ag bagairt tuilleadh ionsaithe a dhéanamh orthu.

Tá an Chóiré Thuaidh ag maíomh gur scaoil an Chóiré Theas orthu ar dtús.

Solidarność 1989, Éire 2010 – Ceacht le Foghlaim?

Diarmuid Johnson

Ó BUNAÍODH *Solidarność* i 1980 go dtí toghcháin na bliana 1989, thug *Solidarność* clár leasuithe sóisialta agus polaitiúla chun cinn ar mhaithe le hoibrithe na tíre agus a gclann. Bhí aon éileamh is fiche sa gcáipéis is stairiúla a d'fhoilsigh siad. Tá an cháipéis sin le foilsiú ina leabhar anois. Beidh téacs na n-éileamh sa 23 teanga oifigiúil atá san Aontas Eorpach maraon le hagallaimh le baill de *Solidarność*, Lech Wałęsa ina measc.

Is spéisiúil an rud breathnú ar an gcur chuige a bhí ag *Solidarność* i 1989 - tráth a raibh géarchéim mhór le réiteach - nuair atá géarchéim chomh mór céanna ag déanamh tinnis do mhuintir na hÉireann faoi láthair. Cuid d'éilimh *Solidarność*, ní móide go mbaineann siad le cás na hÉireann mar ní hionann an rud is cúis leis na fadhbanna sa dá thír.

Mar shampla, moladh sa cháipéis saoirse chainte a gheallúint do mhuintir na tíre agus an tsaoirse le hábhar a fhoilsiú de réir na forála atá i mBunreacht Dhaonphoblacht na Polainne, agus gan géarleanúint a bheith ar thithe foilsitheoireachta. Glacadh le ceardchumainn atá neamhspleách ar an bPáirtí agus ar na fostóirí de réir na forála i mBunreacht 87 ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir le saorthrádáil, rud a bhí daingnithe ag Poblacht na Polainne ag an am. Is díol spéise atá sa mír seo a leanas i láthair na huaire: an aois scoir a ísliú go 50 bliain i gcás na mban agus go 55 bliain i gcás na bhfear.

Tá rudaí eile i gCáipéis an 21 Éileamh nach mbeadh chomh mór sin as alt in Éirinn na linne seo, b'fhéidir. De réir na cáipéise, is mar seo a leanas a bhí beart le déanamh leis an bPolainn a thabhairt slán ón ngéarchéim. An pobal a chur ar an eolas faoi fhírinne an scéil maidir le cúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta sa tír. Ligean do gach uile ghrúpa agus aicme sa bpobal páirt a ghlacadh sa díospóireacht maidir le clár na leasuithe. Na bainisteoirí a roghnú de réir a gcuid scileanna agus ní de bharr ballraíochta sa bPáirtí. Dóthain áiteacha a bheith sna naíonraí agus sna naíolanna do chlann gach máthar a bhíonn ag obair. Saoire mháithreachais trí bliana a cheadú ionas go bhféadfadh na mná a gclann a thógáil.

Ní miste mír 16 den cháipéis a lua mar fhocal scoir: feabhas a chur ar chúinsí oibre i réimse na sláinte ionas go mbeadh seirbhís chuimsitheach leighis ar fáil dóibh siúd a bhí ag obair sa réimse sin.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

"Fillfidh an Ríocht"

Faisistithe Nua na hEorpa

Ar lean ó leathanach a haon

Seo sliocht as bunreacht an *Bloc Identitaire*: "diúltaímid go láidir do thionchar Ioslaim ar ár sochaí féin, faoi mar a dhiúltaímid don imirce thar teorainn na hEorpa isteach." Cuireann an *Bloc Identitaire* an-bhéim ar thrí ní: cultúr na háite - rud fisiciúil; cultúr na Fraince - rud stairiúil; cultúr na hEorpa - rud sibhialta. Maíonn an *Bloc Identitiare* - mar a dhéanann *Casa Pound* na hIodáile, *FPÖ* na hOstaire, *Vlaams Belang* na Beilge agus eagrais eile nach iad - gur rud mídhúchasach i saol na hEorpa atá i gcultúr na Moslamach.

Baineann an dearcadh seo leis an ord nádúrtha atá sa saol dar le teagaisc éagsúla, an faisisteachas ina measc. De réir an oird seo, is faoin duine geal atá mór-roinn na hEorpa.



Ní dual creidimh dó ach an creideamh Críostaí. Tá náisiúin na hEorpa préamhaithe ina gcuid tailte féin. Is de dhualgas an duine an t-ord nádúrtha seo a chaomhnú. Is rud mínádúrtha atá i mionlach ar bith a bhfuil tréithe dá gcuid féin ag roinnt leo: daoine hómaighnéasacha, na Romaigh, na Giúdaigh, na Moslamaigh. Ós de dhualgais an duine an t-ord nádúrtha a chaomhnú, ní leor tuairim agus briathar. Teastaíonn beart agus gníomh.

Cén cineál gnímh? Bíonn feachtais eolais ann. Agus feachtais aineolais. Ní dea-thoradh a bhíonn orthu i gcónaí. I gceantar Val-de-Marne in oirthear na Fraince, tá buíon ann a thugann '*Na Barbaraigh*' orthu féin. In 2006 ghabh an bhuíon seo Giúdach óg as Páras darb ainm Ilan Halimi. Chéas siad é agus dhóigh siad an craiceann de ar feadh lae agus oíche. Dumpáladh cois iarnróid é gan snáth éadaigh air.



Fuair sé bás. Bhí uafás agus alltacht ar mhuintir Val-de-Marne. Gearradh príosún saoil ar chinnire na mBarbarach i mbliana. Bhí lámh ag suas le scór ball eile den bhuíon sa bhfuadach. Tá an chúirt le breith a thabhairt orthu sin go luath.

Baineann cuid de na heagrais fhrith-Mhoslamacha san Eoraip úsáid as siombailí a bhfuil baint acu leis an traidisiún Ceilteach, an chrois Cheilteach, cuir i gcás. Sa gcrois Cheilteach, tá fáinne na gréine timpeall ar ghéaga na croise féin. Sa lá atá inniu ann, is siombail de chumhacht agus d'ord na cruinne atá sa ngrian, agus is siombail de shibhialtacht Chríostaí na hEorpa atá sa gcrois. Má bhíonn tatú ar bhall óg d'eagras faisisteach san Eoraip sa lá atá inniu ann, gach seans gur macasamhail chroiseanna Chluain Mhic Nóis nó Ghleann Dá Loch atá ann. Bíonn siombail eile i gceist a aithneoidh lucht léite na Gaeilge, sin é an torc. Is é an torc siombail oifigiúil an *Bloc Identitaire*. Cén fáth ar roghnaigh siad siombail dá sórt? Tá fáthanna éagsúla leis. Tá an torc sa bhFrainc leis na mílte bliain. Maireann sé san áit is dual dó féin. Cosnaíonn sé a limistéar féin, agus beidh sé fíochmhar san ionsaí más gá dó. Baineann sé leis an ord nádúrtha, dúchasach.

Ní torc ach turtar an tsiombail atá ag gluaiseacht Casa Pound san Iodáil. As an bhfile Ezra Pound atá an ghluaiseacht seo ainmnithe. Ach oiread le *Bloc Identitaire* na Fraince, agus *Jobbik* na hUngáire, is in 2003 a bunaíodh *Casa Pound*. Bíonn siad ag éileamh ceart do mhuintir na hIodáile, cearta lóistín agus tithíochta cuir i gcás. Sin fáth amháin ar roghnaigh siad an turtar: iompraíonn an t-ainmhí sin a theach ar a dhroim féin. Is mian le *Casa Pound* na neamh-Iodálaigh a dhíbirt ón tír ar áis nó ar éigean.

Tá fáth eile fós ar roghnaíodh siombail nua mar seo i dtíortha na hEorpa le deireanas. Tá cosc ar chuid den siombalachas a bhain leis an bhfaisisteachas 80 bliain ó shin. Tá cosc sa nGearmáin ar ghluaiseachtaí faisisteacha agus ar a gcuid oibre. Ach tá grúpaí faisisteacha i mBeirlin, in Leipzig agus in Dresden in oirthear na Gearmáine. Caitheann siad éide Naitsíoch. Cá bhfaigheann siad an éide seo?

Sa bPolainn a fhaigheann siad í, tír a d'fhulaing scrios agus díothú faoin tríú Reich. Tá cosc sa bPolainn ar imeachtaí polaitiúla atá luaite leis an bhfaisisteachas nua. Ach níl cosc dá leithéid ar shiombail na gluaiseachta. In Poznań, in Gorzów agus in Wrocław, trí bhaile in iarthar na tíre gar do theorainn na Gearmáine, tá táilliúir agus saoir mhiotail ann a bhaineann slí bheatha as an miontionscal seo.

Díoltar a gcuid earraí ar an teorainn in Küstrin-an-Oder agus i mbailte eile. Bíonn amhráin le grúpaí faisisteacha le cloisteáil sna bailte seo lá margaidh.

Landser is ainm do ghrúpa amháin díobh. Tá amhrán mór acu dar teideal *Das Reich kommt wieder*. Cialaíonn sé sin: "Fillfidh an Ríocht."

Focal ón mBruiséil ó Bhéal an Stagiaire

Katie Ní Loingsigh

'IS minic a ghearr teanga duine a scornach' a deir an seanfhocal agus is cás oiriúnach é an Bheilg chun an ghaois sin a phlé. Tá nasc ar leith sa Bheilg idir cearta teanga agus cúrsaí polaitíochta na tíre. Ba mhinic a d'eascair, agus is minic fós a eascraíonn easaontais pholaitíochta ó easaontais faoi chearta teanga sa tír. De réir Bhunreacht na Beilge, tá trí réigiún fhéinrialaitheacha eacnamaíocha sa tír: an Vallúin sa deisceart, Flóndras sa tuaisceart agus an Bhruiséil - príomhchathair na tíre. Ina theannta sin, tá trí phobal teanga sa tír: an pobal Fraincise, an pobal Ollainnise agus an pobal Gearmáinise. Is réigiún dátheangach í an Bhruiséil - cathair i gcroílár na Beilge ina bhfuil stádas oifigiúil ag an bhFraincis agus an Ollainnis araon. Is sa Bhruiséil atá a cheanncheathrú ag an Aontas Eorpach (AE) leis.

Ní haon chúis iontais do mhuintir na Beilge é go bhfuil áit lárnach ag ceist na gceart teanga i gcúrsaí polaitíochta na tíre. Tháinig na cheád deacrachtaí i leith coimhlintí teanga i dtreis sa bhliain 1840, tráth a raibh an Fhraincis in úsáid ag an aicme chinsealach.

Ba í an Fhraincis a labhraíodh an uasaicme agus an bourgeoisie agus is iad canúintí na Pléimeannaise agus na Vallúnaise a bhí in úsáid ag an gcosmhuintir.

Tar éis bhunú an stáit sa bhliain 1830, agus ar feadh cuid mhór den 19ú céad, bhí forlámhas ag dhá pháirtí polaitíochta sa tír: an Páirtí Caitliceach agus an Páirtí Liobrálach. Ag deireadh an 19ú céad tháinig an Páirtí Sóisialach chun cinn agus ba é aidhm an Pháirtí ionadaíocht a dhéanamh don lucht oibre.

Ó shin i leith, tá forlámhas ag na trí pháirtí sin sa rialtas Beilgeach agus ní mór dóibh freastal ar na réigiúin teanga uile sa tír. Is trí fheidhmeannas comhroinnte cumhachta, atá an-chosúil leis an struchtúr polaitiúil i dTuaisceart Éireann, a dhéantar sin. Agus an Bheilg gan rialtas ó bhí mí an Mheithimh ann i mbliana, tá fonn ar dhaoine ar an eite dheis an Bheilg a roinnt ina dhá cuid de réir na deighilte teanga idir an Fhraincis agus an Phléimeannais - an é sin réiteach na faidhbe nó an bhfuil sé ró-radacach mar bheartas?

De réir bheartas teanga an Aontais Eorpaigh, tá na teangacha ina mbunchlocha ag ár bhféiniúlacht chultúrtha. Léiríonn mana an Aontais Eorpaigh "Aontacht san Éagsulacht" meon na n-institiúidí i leith an ilteangachais - is léiriú é an mana ar spiorad an AE.

Is leis na trí chuspóir seo a leanas a chuireann an AE a bheartas teanga chun cinn: (1) ilteangachas a spreagadh agus foghlaim teangacha sa tsochaí a fhorbairt, (2) geilleagar bunaithe ar theangacha a chur chun cinn, (3) lánpháirtíocht shóisialta sa tsochaí a spreagadh trí fhoghlaim teangacha a chur chun cinn.

Is domhnán é an Bheilg, agus an Bhruiséil go háirithe, de bheartas teanga an Aontais Eorpaigh. Dá dteipfeadh ar mhuintir na Beilge teacht ar chomhthuiscint pholaitíochta ó thaobh na dteangacha de, ba dhrochthuar é dá bhfuil i ndán do bheartas teanga an Aontais Eorpaigh.

An bhfuil ceacht le foghlaim againn in Éirinn ón gcur chuige atá ag na Beilgigh maidir le comhionannas idir a gcuid teangacha? B'fhéidir gurbh fhiú d'Éirinn treoir agus comhairle a lorg ó thíortha eile na hEorpa maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí teanga atá againn féin in Éirinn.

De thoradh an stádais oifigiúil a bronnadh ar an nGaeilge in 2007, tá i bhfad níos mó deiseanna anois ag muintir na hÉireann poist a fháil 'san Eoraip' agus is tuar dóchais dúinn in Éirinn go bhfuil na deiseanna sin ann anois. Thapaigh mé an deis sin nuair a chuir mé isteach ar thréimhse oiliúna sa Choimisiún Eorpach. Is 'stagiaire' nó 'oiliúnaí' mé in Aonad na Gaeilge agus beidh mé ag cur fúm anseo sa Bhruiséil go ceann cúig mhí. Féadfaidh duine bheith ina stagiaire i gceann ar bith d'Ard Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin ag obair agus ag foghlaim i measc na foirne lánaimseartha. Is in Ard Stiúrthóireacht an Aistriúcháin atá mé féin ag obair, san oifig ina n aistrítear cáipéisí oifigiúla an AE go Gaeilge.

Tá 23 teanga oifigiúil ag an AE agus dá bharr sin tá Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ansuimiúil. Is cineál 'Túr Bháibil' í ina n-aistrítear cáipéisí an AE go teangacha oifigiúla uile an AE.

Is é mo thuairim gur cuí gur sa Bhruiséil atá an 'túr' seo - cathair ina bhfuil traidisiún an ilteangachais le brath go láidir agus príomhchathair atá tar éis dul i ngleic le dúshlán an chomhionannais teanga.

Má theastaíonn ó mhic léinn cur isteach ar an stage, ní mór dóibh súil a choimeád ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas lena chinntiú go mbeidh siad in ann na deiseanna atá ar fáil a thapú: http://ec.europa.eu/stages/index_fr.htm; http://europa.eu/epso/index_ga.htm; http://www.facebook.com/#!/pages/Bruxelles-Belgium/An-Coimisiun-Eorpach-Aistriuchan-Gaeilge/166447866708870?v=wall European.

Buaileann Pobal leis an Ard-Aighne

Anton Mac Cába

D'ÉIRIGH go maith le cruinniú idir ionadaithe ó Pobal, scáthghrúpa na n-eagraíochtaí Gaeilge ó thuaidh, agus Ard-Aighne an Tuaiscirt, John Larkin. Tá Larkin le bheith ina aoichainteoir ag Pobal Dé hAoine seo chugainn. Tá Pobal ag eagrú ocáide in Ostán an Europa, Béal Feirste, ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna. Beidh sin ann ag 10 ar maidin.

Tá Pobal ag iarraidh deireadh a chur leis an chosc ar Ghaeilge sna cúirteanna ó thuaidh. De réir Acht 1737 um Riar na Córa "*all proceedings in courts of justice within this kingdom shall be in the English language*".

Anuraidh, diúltaíodh cead do Ghaeilgeoir éisteacht as Gaeilge bheith aige maidir le ceadúnas dí. Bhí tábhacht leis an chruinniú leis an Ard-Aighne, nó tá Larkin ina chomhairleoir dlí ag an bhFeidhmeannas. Glacann an dá mhórpháirtí leis. Mar abhcóide, ghníomhaigh sé ar son an Pháirtí Aontachtaigh Dhaonlathaigh (DUP) agus na hEaglaise Saor-Phreispitéirí. Ba é an DUP a d'ainmnigh é cé gur Caitliceach as Iarthar Bhéal Feirste é. Fuair sé a chuid meán-oideachais i Scoil Mhuire na mBráithre, scoil go bhfuil cáil na Gaeilge uirthi.

Sa chruinniú idir é agus Pobal, pléadh ceist Achta Gaeilge, cur chuige na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i leith na Gaeilge, agus ceisteanna eile.

Bhí Janet Muller agus Mícheál Ó Flannagáin ar an chruinniú thar ceann Pobal. Dúirt Janet Muller go raibh sí sásta leis an chruinniú. "Bhí plé oscailte ann," ar sise. "Bhí tuairimí suimiúla ag an dá thaobh. Bhí suim againn bualadh leis. Is léir go bhfuil sé díograiseach sa ról s'aige. Le linn an chruinnithe, pléigh muid gealltanais ag éirí as Comhaontú Chill Rímhinn i dtaca leis an Ghaeilge de, feidhmiú leanúnach Acht 1737 um Riar na Córa a chuireann bac ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna, agus torthaí na Saineolaithe ar Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh."

Dúirt urlabhraí thar ceann an Ard-Aighne go raibh an cruinniú dearfach. "Tá a bharúlacha féin maidir le húsáid na Gaeilge sna cúirteanna ag an Ard-Aighne – agus b'fhéidir nach mbeadh achan duine ar aon intinn leis," arsa an t-urlabhraí.

Dúirt urlabhraí thar ceann an DUP nach nglacfadh an páirtí le haisghairm Acht 1737. "Bheadh dearcadh s'againne ag brath ar an rud a bheadh ag spreagadh na haisghairme, agus ar an chostas," arsa an t-urlabhraí.

"Ní faoi chumarsáid a bheadh sé, ach faoi phointe polaitiúil."

"Tá craoltóireacht Ghaeilge faoi chosaint sa deisceart, ach níl sa tuaisceart": Janet Muller, Pobal

Meadhbh Ní Eadhra

NÍL cosaint ar bith ag craoltóireacht na Gaeilge ó thuaidh, dar le Janet Muller, Príomhfheidhmeannach Pobal. Tá grúpa oibre bunaithe ag an eagraíocht le bheith ag plé le réimse ceisteanna i dtaca leis an nGaeilge sa tuaisceart agus chun iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar na mórfhadhbanna a bhaineann leis na meáin agus leis an oideachas ó thuaidh, i measc rudaí eile.

"Táimid ag obair air seo le tamall fada," a deir Janet Muller. "Táimid ag obair i gcomhar le hOllscoil na Ríona, Ollscoil Uladh agus Coláiste na hOllscoile. Tá folúntas i leith cúrsaí pleanála agus straitéise i leith na Gaeilge sa Tuaisceart. Tá grúpa oibre ann a chuimsíonn na hollscoileanna ar fad. Bhí cúpla ócáid phoiblí againn go dtí seo agus shocraigh muid go bhfuil muid ag iarraidh rud éigin praiticiúil a dhéanamh taobh istigh d'achar ama measartha gairid. Shocraigh muid go mbeimid ag díriú ar roinnt réimsí, agus is iad na meáin ceann acu sin, chomh maith le cúrsaí oideachais. Beimid ag amharc ar sheirbhísí poiblí chomh maith. An rud atá ag tarlú ná go bhfuil daoine ag bailiú eolais, agus ansin ag amharc ar na tosaíochtaí atá ann thar thréimhse ama, agus ag aimsiú na bearnaí. Táimid ag díriú ar an teanga sa tuaisceart, ach ag iarraidh go mbeidh sé comhthreomhar agus inchurtha leis na moltaí atá sa dréachtphlean sa deisceart."

Cén fáth go bhfuil béim á chur ar na meáin Gaeilge acu?

"Tá na meáin fíorthábhachtach i dtaobh na Gaeilge de," ar sí. "Táimid ag díriú ar chúinsí ar leith maidir leis an nGaeilge agus na meáin sa tuaisceart. Níl aon chosaint maidir le craoltóireacht Gaeilge sa reachtaíocht, mar a bhaineann sé leis an tuaisceart. Tá craoltóireacht Gaeilge faoi chosaint sa deisceart, ach níl sa tuaisceart. Tá poist na Gaeilge agus craoltóireacht Gaeilge fágtha as an áireamh in Acht Cumarsáide 2003, mar shampla, cé go bhfuil craoltóireacht Breatnaise luaite, agus craoltóireacht Ghaeilge na hAlban. Tharla an rud céanna i gCairt Ríoga an BBC in 2005. Baineadh amach aon tagairtí don Ghaeilge ó thaobh na craoltóireachta de. Níl aon chosaint ann dúinne. Le tamall fada, mhothaigh Gaeilgeoirí nach raibh go leor craoltóireachta ann, agus tá na hargóintí seo á dtabhairt ar ais ag an BBC. Is ceist uile oileánda é seo mar gheall ar TG4, na meáin chlóite agus na meáin dhigiteacha."

Creideann sí féin agus neart daoine eile go bhfuil gach rud sa Straitéis Ghaeilge ó dheas fréamhaithe i stádas agus cúinsí ar leith na teanga, sa deisceart. "Fágann sin folúntas iomlán sa Tuaisceart," ar sí. "Tá dualgas ar Nelson McCausland agus ar an tionól glacadh le straitéis don Ghaeilge. Táimid ag fanacht anois ar an straitéis agus níl an chuma air go mbeidh forbairt ann go luath. Chomh maith leis sin, ón méid atá ráite ag leibhéal an tionóil, ní dóigh liom go mbeidh an straitéis ag teacht amach ón Roinn Ealaíona ag an bhomaite. Ní dóigh liom go mbeidh sé bunaithe ar riachtanais an phobail nó ar chúinsí sochtheangeolaíochta na Gaeilge. Tá siad ag amharc ar na teangacha i gcomhthéacs iomlán eile. Cé go bhfuil obair mhaith déanta, tá bearna ann go fóill. An chéad chéim eile ná moltaí s'againne a fhoilsiú san Earrach agus go mbeimid ag tógáil air sin de réir a chéile. Is cinnte nach féidir linn gach rud a chuimsiú taobh istigh d'achar ama ghairid."

I measc iad siúd atá ar fhochoistí Pobal agus ag obair leo ar na ceisteanna seo, tá Áine Walsh, Póilín Ní Chiaráin, Fergus Ó hÍr agus Cathal Goan.

Maoiniú faighte don chéim dheiridh de thionscadal siollabais don Ghaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ maoiniú faighte ag an Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal don chéim dheiridh de thionscadal siollabais don Ghaeilge in ollscoileanna ar fud na tíre.

Bhronn Foras na Gaeilge €65,000 ar an Meitheal chun siollabas agus acmhainní foghlama agus teagaisc a dhearadh agus a fhorbairt don tríú bliain den chúrsa BA nó BEd sa Ghaeilge. Tá ionadaithe ó fhormhór ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal na tíre páirteach sa Mheitheal atá faoi stiúir an Dr John Walsh, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh agus an Ollaimh Máirín Nic Eoin, Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig. Tá siollabais agus acmhainní don chéad agus don dara bliain le fáil cheana ar www.teagascnagaeilge.ie. Foras na Gaeilge agus na hinstitiúidí féin a mhaoinigh an tionscadal go dtí seo.

AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE:
EAGARTHÓIRÍ FOCLÓRA LE HEARCÚ

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge Eagarthóirí Foclóra (2 phost) a cheapadh chun cur le foireann lánaimseartha an tionscadail.

Conradh go dtí deireadh an tionscadail (31 Nollaig 2012) a bheidh i gceist leis na poist seo, agus is in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath nó i nGaoth Dobhair a bheidh siad lonnaithe.

Tá gach eolas agus foirmeacha iarratais do gach post acu le fáil ar **www.focloir.ie**

SPRIOCDHÁTAÍ DO NA HIARRATAIS:

- Ní mór na foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh (tríd an ríomhphost amháin) chuig poist@forasnagaeilge.ie **faoi 5.00 p.m. Dé Luain 6 Nollaig 2010.**
- Na hiarrthóirí a cháileoidh ar bhonn a bhfoirme iarratais, cuirfear faoi scrúdú iad Dé Sathairn 11 Nollaig 2010.
- Na hiarrthóirí a cháileoidh ar bhonn an scrúdaithe, cuirfear faoi agallamh iad Dé Máirt 21 Nollaig 2010.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.

Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Eolas do Mhic Léinn Lánfhásta O.É.G.

Dearbhaile Flynn

AR an dara lá de Nollaig, 2010, ag a hocht a chlog, beidh tráthnóna eolais ar siúl in Ollscoil na hÉireann Gaillimh do mhic léinn lánfhásta a bhfuil suim acu cúrsaí fochéime lánaimseartha a thosú. Cuirfear eolas ar fáil ar na cúrsaí a bheidh ar fáil do mhic léinn lánfhásta, ar na riachtanais iontrála, ar an chóras iarratais agus ar an phróiseas roghnúcháin ag an ócáid a bheidh ar siúl in Amharclann Choilm Uí Eocha, san Áras Dán na Mílaoise. Chomh maith le sin pléifear na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil do mhic léinn lánfhásta- tacaíocht airgeadais san áireamh. Dar le Trish Hoare, Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta, O.É.G, beidh an t-eolas maidir le tacaíochtaí airgeadais riachtanach, mar cé go bhfuil go leor daoine ag iarraidh cáilíochtaí breise a bhaint amach (leis an dífhostaíocht atá go forleathan sa tír faoi láthair) caithfidh mic léinn ionchasacha dianmhachnamh a dhéanamh ar a staid airgeadais féin sula dtosóidís ar chéim lánaimseartha a dhéanamh.

Gach uile bhliain in O.É.G. bíonn cuóta curtha in áirithe ar bheagnach gach cúrsa san Ollscoil do mhic léinn lánfhásta (dóibh siúd atá níos sine na 23 bliain d'aois). Le haghaidh tuilleadh eolais cuir r-phost chuig maturestudents@nuigalway.ie nó téigh chuig www.nuigalway.ie/mature.

Athbheochan na Gaeilge faoi lánseol in Acaill

Treasa Bhreathnach

IS ar an Mháirt seo caite ag cruinniú pobail i Halla Acla a shocraigh muintir oileán Acla tús a chuir le réamhobair chun riachtanais Ghaeltachta de chuid '*Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*' a chomhlíonadh.

B'iad fochoiste Gaeilge Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla a d'eagraigh an cruinniú poiblí agus ann thug Patricia Ní Chonghaile cur i láthair. Tá sí ina ghníomhaí pobail agus an-chuid ama caite aici le cur chun cinn na Gaeilge i gcónasc muintir na n-oileán.

De réir '*Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*' tá 7 mbliana ag gach ceantar Gaeltachta cruthú gur cheart dóibh a stádas Gaeltachta a choinneáil agus dar le ráiteas a rinne príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAoláin ag Oireachtas na Samhna na bliana seo; tógfaidh sé dhá bhliain ar aon Ghaeltacht an réamhobair seo uile a dhéanamh roimh gur féidir polasaithe an Dréacht Straitéise a chur i bhfeidhm.

Tá oileán Acaill anois ag druidim i dtreo deireadh a bplean teanga atá ag feidhmiú ar an oileán faoi láthair, '*Plean Gaeilge Acla 2008-2011*' agus bhí sé mar aidhm acu leis an chruinniú seo plean straitéise a chinntiú don chéad phlean teanga eile don oileán.

Bhí beagnach 100 duine i láthair ag an gcruinniú agus an formhór acu dearfach i leith na Gaeilge agus iad tagtha ón dá thaobh den oileán, iad siúd ó 'Ghaeltacht' Acaill agus ó 'Ghalltacht' Acaill. Tá sé mar aidhm ag muintir an oileán stádas Gaeltachta a bhaint amach don oileán uile sa todhchaí, níl stádas Gaeltachta ach ag cuid de pharóiste Acla faoi láthair agus is i gcatagóir C atá an Ghaeltacht seo faoi láthair .

Is éard a chiallaíonn catagóir C na Gaeltachta ná go bhfuil níos lú ná 44% de chainteoirí laethúil sa Ghaeltacht. Tá buncheisteanna le cur maidir le Scéim Labhairt na Gaeilge dar le Patricia Ní Chonghaile, "Ba cheart go mbeadh an scéim oscailte do gach teaghlaigh ata ag tógáil a chlann le Gaeilge, lonnaithe sa nGaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht agus ba cheart gur cuireadh an páiste faoi scrúdú ina dteach féin." Ní bhfuair ach naoi dteaghlach an deontas iomlán faoin scéim in Acaill i 2009/2010 agus cé go bhfuil athbhreithniú déanta ag an Roinn ar Scéim Labhairt na Gaeilge níl aon mholadh cloiste ag muintir Acla faoin scéim, ag an bpointe seo ar aon nós.

Roghnaíodh cúig ghrúpa fócas ag an gcruinniú a bheidh cúramaí éagsúla orthu; Grúpa Gnó, Oideachas, Tuismitheoirí Óga, Coistí Áitiúla agus an Óige. Beidh tús á chur ag an bhfochoiste, taobh istigh de choicís, le taighde cuimsitheach a dhéanamh ar chainteoirí Gaeilge an t-oileán agus ar stair, oidhreacht agus chultúr Gaeilge an t-oileán. Beidh cruinnithe rialta á n-eagrú ag na grúpaí fócas agus iad ag iarraidh a bheith ullmhuithe chun iarratas a dhéanamh ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta do phleanálaí teanga nuair atá an mbunobair uile déanta acu. Cé go bhfuil an chaint uile sna meáin faoi láthair ag díriú ar chúrsaí eacnamaíocht na tíre, níl muintir Acla ag ligean do chúrsaí maoinithe nó airgeadais bac a chuir orthu leanacht ar aghaidh lena phlean a bheith réitithe chun iarratas a dhéanamh do phleanálaí teanga don oileán sa todhchaí.

Sladmhargadh Nollag Chló Iar-Chonnacht

IS ar an Luan seo chugainn a chuirfear tús le sladmhargadh na Nollag de chuid Chló Iar-Chonnacht Teo agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an 23 Nollaig. Beidh deis agaibh formhór leabhair Chló Iar-Chonnacht a cheannach ar leathphraghas chomh maith le dlúthdhioscaí ar €10 agus neart téipeanna ar €1. Tá sladmhargadh á dhéanamh acu ar gach leabhar agus gach CD atá i stoc.

Ní hiad na leabhair agus dlúthdhioscaí a fhoilsíonn Cló Iar-Chonnacht amháin a mbeidh margadh le fáil orthu mar go mbeidh fáil ar leabhair do pháistí ó fhoilsitheoirí eile agus ar dhlúthdhioscaí ó lipéid eile ceoil chomh maith. Deir Deirdre Ní Thuathail, bainisteoir Chló Iar-Chonnacht, gurb iad, "na leabhair is mó tóir orthu ná leabhair nua atá díreach foilsithe cosúil le '*Aileach*' le Jackie Mac Donncha, '*Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha*' curtha in eagar ag Gearóid Denvir, '*Iad seo nach bhfaca*', úrscéal nua le Jackie Mac Donncha agus '*Buille Marfach*', úrscéal le hAnna Heussaff." Ó thaobh na ndlúthdhioscaí is iad na cinn is mó tóir ná, "'*Celia Ní Fhátharta, Irish Traditional seannós songs*' agus an dlúthdhiosca '*Ó Chaon Taobh*' le Mairéad Ní Fhlatharta.

Is féidir d'ordú a dhéanamh ar an suíomh idirlín cic.ie nó glaoch a chur orthu ag (091) 593307 nó fiú bualadh isteach chucu chun súil a chaitheamh ar an réimse ollmhór margaí atá ar fáil.

Má tá sibh chun ordú a dhéanamh ar an suíomh don Nollaig caithfidh na horduithe a bheith istigh faoi mhaidin Luain 20 Nollaig le go mbeidh siad sa phost an lá sin lena chinntiú go mbeidh siad agaibh don Nollaig.

Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe
Galway City & County Childcare Committee

Comhdháil Bhliantúil Cúram Leanaí

Ag ceiliúradh 10 mbliana

Fáilte roimh Soláthróirí Cúram Leanaí, Feighlithe Leanaí, Tuismitheoirí agus Mic Léinn
Óstán Galway Bay An Satharn, 4 Nollaig

Téama na bliana seo: "Cumarsáid agus Cúram Leanaí"

Aoichainteoirí

Pat Broadhead, Ollamh le Foghlaim trí Spraoi in Ollscoil Leeds Metropolitan agus údar an leabhair Early Years Play and Learning

Anne O'Connor, Síceolaí Leanaí agus Bunaitheoir Rollercoaster.ie

Táille €10 (lón san áireamh)

Glaoigh ar 091 752039 chun áit a chur in áirithe
Is féidir bróisiúr na comhdhála agus foirm áirithinte a fháil ar www.galwaychildcare.com

Athrú Mór ar Éirinn
Maoinithe ag Rialtas na hÉireann
Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

NDP Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
Office of the Minister for Children and Youth Affairs Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
pobal government supporting communities

Scoil Chuimsitheach Chiaráin
ARDTEIST '86

Tá iarscoláirí ARDTEISTE 1986 i S.C.C. An Cheathrú Rua ag teacht le cheile idTigh Josie ar an 03/06/2011. Má tá suim agat freastal ar an ócáid seo dean teagmháil le duine den coiste

Michael 087 4154962.
Treasa 087 9530216
Baba 087 9024601
Carmel 087 2405739

‘Biseach 2010’

Treasa Bhreathnach

TÁ an iris bhliantúil *‘Biseach 2010’* le fáil anois i siopaí fud fad cheantar Chois Fharraige. Is iris bhliantúil é seo atá foilsithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, 64 leathanach ar fad. Is é Seosamh Ó Braonáin, iar-Leascheannasaí Raidió na Gaeltachta, a chuir an t-eagrán seo in eagar agus ann tá neart grianghraf idir shean agus nua. Grianghraif d’fhoirne peile, camógaíocht, iománaíocht, liathróid láimhe agus de pháistí scoil Sailearna agus scoil an Tulaigh.

Tugtar aitheantas speisialta don Chanónach Mícheál Ó Flannabhra san iris chomh maith. Rugadh i mBaile an Mhuilinn i gceantar na Gaillimhe é agus d’fhreastail sé ar Choláiste Phádraig i Má Nuad áit ar oirníodh é ina shagart in 1960. Ní hiad an iris *‘Biseach 2010’* amháin atá ag tabhairt aitheantais don Chanónach.

Thug Ollscoil na hÉireann, Gaillimh aitheantas don Chanónach le dhá lá anuas as ucht a chuid oibre ar mhaithe le forbairt tuaithe i gConamara trí chomharchumainn, Chlubanna Óige, Ghrúpscéimeanna Uisce agus pháirceanna Cluichí Gaelacha a bhunú. Bhí sé ag feachtasaíocht, chomh maith, ar son oideachas ollscoile trí Ghaeilge a chur ar fáil don Ghaeltacht. Don obair seo uile bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Céim Mháistreachta Oinigh i bhForbairt Tuaithe air. Is féidir teacht ar an iris *‘Biseach 2010’* sna siopaí anois.

Túis á chur le feachtasaíocht an olltoghchán i nGaillimh Thiar

Treasa Bhreathnach

TÁ sé i gceist ag Páirtí an Lucht Oibre feachtas iarrthóra amháin a rith sa chéad olltoghchán eile i nGaillimh Thiar leis an iarrthóir Derek Nolan. Is Comhairleoir Cathrach é Derek Nolan agus tá sé ar an iarrthóir is óige do Pháirtí an Lucht Oibre sa chéad olltoghchán eile. Is é seo an chéad uair le 41 bliain nach mbeidh Michael D. Higgins ina iarrthóir don pháirtí sa toghcheantar.

Bhí suim ag Eamon Walsh ón chomhlacht ‘Uilig Technologies’ rith don pháirtí agus deir sé, “Bhí comhrá fada agam le Páirtí an Lucht Oibre agus cé go bhfuil siad ag díriú ar fheachtas aon iarrthóra faoi láthair, tá seans ann go ndéanfaidh siad athbhreithniú air seo sa todhchaí. Má tharlaíonn sé sin tá gach seans ann go mbeidh m’ainm ag barr an liosta dóibh.”

Tá sé i gceist ag Eamon Walsh rith mar iarrthóir neamhspleách don olltoghchán mar a sheasann sé faoi láthair. Is fear gnó é Eamon atá 43 bliain d’aois agus is athair é do bheirt. Tá sé go láidir i bhfabhar cearta níos fearr a fháil dóibh siúd le míchumas agus seirbhísí sláinte níos fearr. Deir sé mar gheall ar na constaicí maoinithe d’iarrthóirí neamhspleácha d’aon olltoghchán, “Nílim neamhréalaíoch, bíonn costas mór ar fheachtasaíocht toghchán agus ina thaobh sin tá roinnt airgid curtha ar leataobh agam.

Cé go mbeidh roinnt den fheachtas á rith ar líne sílim go bhfuil sé iontach tábhachtach dul amach ag bualadh le daoine san fheachtas traidisiúnta.” Tá sé i gceist ag Eamon tús a chur lena fheachtas go luath roimh an Nollaig chun fáil faoi réir don olltoghchán san Earrach.

Téigh chuig www.eamonwalsh.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi nó dereknolan.com chun tuilleadh eolais a fháil faoi iarrthóir Pháirtí an Lucht Oibre.

Scoil nua ceadaithe go hoifigiúil do Choláiste na Coiribe

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an iarbhunscoil lán-Ghaeilge, Coláiste na Coiribe, i ndiaidh deanuacht a fháil an tseachtain seo maidir le suíomh nua na scoile. Ag cruinniú leis an Roinn Oideachais Dé Luain, cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan, do Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe dul ar aghaidh leis na pleananna don fhoirgneamh nua. Chomh maith leis sin, socraíodh ag an gcruinniú go mbeidh an Roinn Oideachais ag íoc as costas iomlán an bhóthair a rachaidh chun na scoile, rud a bhí ag cur imní ar lucht na scoile le tamall anuas.

“Bhí ceist ann maidir leis an suíomh 30 acra i gCnoc na Cathrach i nGaillimh, ar a mbeidh an scoil nua tógtha,” a deir Tomás Mac Pháidín, Príomhoide na scoile. “Is leis an gComhairle Chathrach 24 acra agus is linne na sé acra eile. Bhí sé beartaithe go mbeadh eastáit tithíochta tógtha ar an 24 acra agus ansin go mbeadh bóthar le tógáil chun na scoile, tríd na heastáit. Ach tháinig athrú air sin agus ní bheidh eastáit le tógáil a thuilleadh. Faoin scéim comhtháthú talún, caithfear an talamh a thabhairt ar ais anois. Mar gheall air sin, bhí imní orainn mar nach raibh a fhios againn cé a bheadh ag íoc as an mbóthar a thógáil, ach anois tá sé aontaithe ag an Roinn go n-íocfaidh siad as.”

Anois go bhfuil ceist an bhóthair socraithe, tá tuilleadh pleananna ar bun maidir le tógáil agus dearadh na scoile. Tá comórtas ar siúl chun an duine nó grúpa is fearr a roghnú chun an scoil a dhearadh agus le bheith freagrach as forbairt an fhoirgnimh nua.

“Táimid ag súil go mbeidh an foirgneamh tógtha faoi Nollaig 2011,” a deir an tUasal Mac Pháidín. “Má tharlaíonn gach rud mar atá muid ag súil, beimid in ann bogadh isteach sa scoil an Samhradh ina dhiaidh seo.”

Deir sé go bhfuil 5487 méadar cearnach ceadaithe don scoil.

“Sin cúig huaire an oiread spáis agus atá againn faoi láthair,” ar sé. “Beidh thart ar chaoga seomra éagsúil sa scoil; trí shaotharlann, cúig chúirt cispheile, dhá sheomra ealaíona, halla spóirt, bialann, leabharlann, dhá sheomra ríomhaireachta agus go leor leor eile.”

Tá lucht na scoile ag fanacht ar fhoirgneamh nua le blianta fada ach tá céimeanna á ghlacadh anois lena chinntiú go dtógfar an foirgneamh go luath.

Deir an Príomhoide go dtiocfaidh dúbailt ar an líon daltaí sa scoil nuair a bheidh an foirgneamh nua acu. Tá an scoil lonnaithe ar Bhóthar Thuama i nGaillimh faoi láthair.

Ag Ceiliúradh 25 Bliain Chló Iar-Chonnacht in Óstán na Páirce, An Spidéal, Co na Gaillimhe an Aoine seo caite bhí an fhoireann :Lochlainn Ó Tuairisg, Deirdre Ní Thuathail, Lisa McDonagh agus an stiúrthóir Micheál Ó Conghaile. Pic: Seán Ó Mainnín.

Grúpa as Túr Mhic Éadaigh a ghlac páirt sa Taispeántas Ardáin 2010. Reáchtáladh taispeántas ardáin do ghrúpaí pobail as ceantair Ghaeltachta an Iarthair i halla pobail Thuar Mhic Éadaigh ar an Satharn an 20ú Samhain 2010. Bhí an halla pobail lán go doras don ócáid. Páirteach bhí; Éachléim, Baile Chláir na Gaillimhe, Corr na Móna, Ceantar na nOileán, Tuar Mhic Éadaigh agus taispeántas ó Chór Chois Fharraige. Bhí an ócáid á reáchtáil ag Coiste Cultúir, Teanga, agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Bhí an ócáid urraithe ag Údarás na Gaeltachta. Is é feidhmeannach teanga Údarás na Gaeltachta Peadar Ó Maoláin a bhí i mbun na hócáide ar an oíche. Bhí Máirtín Davy Ó Coisdealbha ó Raidió na Gaeltachta ag moltóireacht agus bronnadh duaiseanna aitheantais ar na himeachtaí ann. Is iad Tomás Ó hÉannacháin agus Nóra Mc Hugh ón gcoiste áitiúil a bhronn na duaiseanna.

Bronnadh an stádas Fukoshodoin, teagascóir cúnta de chuid an hombu dojo sa tSeapáin, ar Dhiarmuid Lavelle, Teagascóir Sinsearach sa Chlub Aikido in OÉ Gaillimh. Cúl ó Chlé: Declan Clarke, Yasuhiro Yamauchi and Aran O’Reilly, chun tosaigh ó chlé: Ronan Kane, Diarmuid Lavelle and Chifumi Takahashi.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Átha Cliath

Plean Nua mór do Theach Folctha Poiblí i nDún Laoghaire

TÁ Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tar éis pleananna nua do theach folctha poiblí a chur os comhair an phobail i Halla an Chontae i nDún Laoghaire go dtí an 17 Nollaig 2010. De réir an phlean cosnóidh na folcadáin idir €17,897,715 agus €20,313,907, seacht n-uaire níos lú ná costas an phlean a cuireadh os comhair an phobail in 2005, costas €140 milliún.

Déanfar uasghrádú ar an seansuíomh thar thréimhse cúig chéim. Leis an bplean ceanglóidh na folcadáin Páirc an Phobail, an Ché Thoir agus Promanáid an Chósta chomh maith le Gairdíní na Mara. Beidh tonnchosc curtha os comhar an fhoirgnimh chun cosaint a thabhairt dó.

Beidh caifé agus bialann ar fáil chomh maith, le radharc ar Chuan Scotsman chomh maith le deic/ardán nuair atá an aimsir go maith.

Dúirt urlabhraí ó Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, "Eascraíonn na pleananna atá molta i dtaca le hathfhorbairt na bhfolcadán as plé thar tréimhse ag fochoiste de chuid na Comhairle.

Ní raibh an fochoiste dall, ach an oiread, ar an ngéarchéim airgeadais atá sa tír agus na pleananna á n-ullmhú acu.

Ach tá súil acu go spreagfaidh siad spéis an phobail agus, thairis sin, feasacht an phobail ar na féidearthachtaí a bhaineann le nithe go mbeadh mar thoradh orthu ins na blianta atá romhainn an ceantar a chosaint ó chreimeadh cósta agus an phromanáid, an caladh thoir agus Páirc an Phobail a shnaidhmeadh le chéile."

Jillian van Turnhout, Príomhfheidhmeannach na Comhghuaillíochta um Chearta Leanaí agus Barry Andrews, TD, ag seoladh an leabhair Ding Dong, Right or Wrong? i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Seoladh an leabhar ag comóradh 21 blisin, an UNCRC a bunaíodh chun cearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha a chosaint.

Pointe Luchtaithe Nua do Charanna Leictreacha

Oisín Mac Donnacha

D'FHÓGAIR Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR), in éineacht leis an BSL, i rith na seachtaine go bhfuil siad chun pointe luchtaithe leictrigh a chur ar fail den chéad uair in Áth an Ghainimh. Tá Comhairle Contae DLR tar éis a gcéad veain leictreach a cheannach chomh maith. Beidh sé lonnaithe sa siopa Londis ar Bhóthar Halla na gCarraeirí, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath.

Is cuid de phlean 'ecar' BSL é an togra seo chun pointí luchtaithe leictrigh a chur ar fáil go náisiúnta chun sprioc an rialtais de 10% de charranna leictreacha a bhaint amach in 2020.

Tá siad ag iarraidh 3,500 pointe luchtaithe a chur ar fáil, roimh dheireadh 2011. Tá súil ag an rialtas go mbeidh 2,000 carr leictreach ar na bóithre roimh dheireadh 2011 agus 6,000 carr leictreach roimh dheireadh 2012.

Tá an BSL ag obair in éineacht le Microsoft chun pointe luchtaithe a chur ar fáil dóibh san fhoirgneamh mar chuid de Sheachtain Taistil Chliste Microsoft a bhí ar bun i rith na seachtaine. Tá siad ag iarraidh go n-athróidh fostaithe chuig bealaí taistil níos inbhuanaithe, cosúil leis an Luas, Bus Átha Cliath, an DART agus carranna leictreacha.

An fiontraí Seán Gallagher, as "Dragon's Den," le buaiteoirí an "South Dublin Dragons," Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite.

Ceardlann drámaíochta saor in aisce

Oisín Mac Donnacha

BEIDH ceardlann drámaíochta saor in aisce ar siúl in Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath ar an 29 Samhain, sin an Luan seo chugainn, óna 7-9.30in.

Eagraíodh an cheardlann i gcomhrar le Forbairt Naíonraí Teoranta agus an Comhlacht Amharclannaíochta Oideachasúla, Graffiti TEO. Tá an cheardlann dírithe ar dhaoine a bhíonn ag obair le leanaí óga.

Tá líon teoranta de spásanna ann don tráthnóna agus má tá spéis agat freastal ar an gceardlann, seol téacs chuig 086-0403717 leis an fhocal 'Graffiti' le d'ainm agus ainmneacha na ndaoine a bhfuil suim acu ann roimh 5in inniu, Dé hAoine, 26 Samhain 2010.

Aonach na Ceirde in Áras Chrónáin

Oisín Mac Donnacha

BEIDH Aonach na Ceirde ar siúl arís in Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath ar 28 Samhain (an Domhnach seo chugainn) idir 12.00-5.00in.

Cosnóidh an lá €1 ar dhaoine fásta le costas saor in aisce ag páistí.

Is éard atá i gceist leis an Aonach ná ócáid a thabharfaidh deis do dhaoine, atá i mbun a gceardaíochta féin, a gcuid oibre a chur os comhair an phobail.

Tá 44 seastán ar fad ann i mbliana, tá sé ag fás gach bliain ó na hocht seastán a bhí ann nuair a thosaigh an tAonach.

Bíonn an tAonach ar siúl againn ag an am seo gach aon bhliain, tá sé mar chuid d'fhéilire an cheantair. "Dúirt bean liom an lá faoi dheireadh gurb é tús na Nollag an tAonach ag Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha" a deir Brian Ó Gáibhín, Oifigeach Forbartha Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha. "Bhí idir 900 agus 1,200 duine ann le cúpla bliain anuas. Beidh an tÁras maisithe go hálainn againn.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ciarraí V Corcaigh i gCraobh na Mumhan

CRAOLFAR Craobh na Mumhan den quizchlár raidió Buille Faoi Thuairim amárach, 27 Samhain. Beidh foireann Chlub CLG, An Ráth Mhór, Contae Chiarraí (Dónal Ó Conchúir, Antóin Ó Muineacháin agus Seán Ó Súilleabháin) ag tabhairt aghaidhe ar iarmhúinteoirí Choláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh (Gerry Motherway, Uinsionn Ó Cróinín agus Donncha Ó Buacháin). Rachaidh na buaiteoirí ar aghaidh go dtí Leathchraobh na hÉireann agus beidh deis acu ar na duaiseanna flaithiúla atá á gcur ar fáil ag BHP Insurances i mbliana - dearbháin saoire ar luach €750 do na buaiteoirí agus €500 dóibh siúd a thagann sa dara háit. Comhfhiontar de chuid RTÉ Raidió 1 agus Gael Linn is ea Buille Faoi Thuairim agus tá sé ar cheann de na cláir Ghaeilge is mó éisteachta ar an stáisiún. Bíonn ceist do na héisteoirí ann gach seachtain agus dlúthdhioscaí deasa le buachan.

DVD de Cheol agus de Dhamhsa Traidisiúnta seolta ag Uachtarán Ollscoil Luimnigh

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH 'Nasc', DVD de cheol agus de dhamhsa traidisiúnta le daoine d'fhoireann Ollscoil Luimnigh (OL) agus daltaí Ghaelscoil Chaladh an Treoigh le déanaí. Ba é an tOllamh Don Barry, Uachtarán OL, a sheol an DVD. Tá ceol, amhráin agus damhsa traidisiúnta ar an DVD, a léirigh daoine d'fhoireann OL i gcomhar le 221 dalta as Gaelscoil Chaladh an Treoigh, Luimneach. Tharla an DVD mar chuid de thionscadal teagmhála idir Cruinniú, grúpa ceoil thraidisiúnta OL, agus Céim, an meitheal damhsa seite, a d'oibrigh le daltaí na Gaelscoile i gCaladh an Treoigh chun 21 píosa traidisiúnta a thaifeadadh san áras nua ag Dámh Chruinne Éireann. Rinne mic léinn de chuid Roinn na Ríomheolaíochta agus na gCóras Faisnéise in OL an scannánaíocht a mhair ar feadh tréimhse sé mhí - is maith a oireann an teideal 'Nasc' ar an DVD agus oiread sin dreamanna éagsúla ag obair le chéile.

"Ní hé amháin go bhfuil an ní díreach atá i gceist le ceol pobail á léiriú leis an DVD seo ach is comhartha é chomh maith ar a fheabhas a leanfaidh oidhreacht agus cultúr na tíre san am atá romhainn. Má bhí gá riamh leis ag an bpobal, tá gá faoi láthair leis an spleodar agus leis an spraoi a bhaineann le laethanta mar seo agus le tograí den chineál seo," a dúirt Uachtarán OL, an tOllamh Don Barry, ag an ócáid.

Seo é an chéad fhoilseachán go dtí seo a ndearnadh an taifeadadh lena aghaidh leis na háiseanna i nDámh Chruinne Éireann atá ar fheabhas an domhain. Rachaidh aon bhrabús ón DVD i dtreo Ghaelscoil Chaladh an Treoigh. Tá an DVD ar díol ar €10. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó noel.mccarthy@ul.ie nó Máire Ní Mhiacháin, Príomhoide ag oifig@galecat.com.

Gradam Gaeilge an Chláir 2010 Buaite ag Tí Bhrógáin, Inis

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Gradam Gaeilge an Chláir 2010 buaite ag Tí Bhrógáin, an Teach Tábhairne agus Bialann cháiliúil suite i Sráid Uí Chonaill in Inis, as an méid oibre atá déanta aige chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Is gradam é seo a bhronntar ar bhonn bliantúil ar an gcomhlacht a dhéanann an méid is mó chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa saol tráchtála.

Bhronn Seán Ó Ceallaigh, Cathaoirleach An Clár as Gaeilge Teo., a reachtálann an comórtas, plaic speisialta ar Paddy Ó Brógáin ag ócáid bhronnta in Glór an Chéadaoin seo caite.

Dúirt an tUas. Ó Ceallaigh go raibh an gradam seo tuillte go maith ag Tí Bhrógáin, mar go raibh comharthaí i nGaeilge le feiceáil ní amháin taobh amuigh den fhoirgneamh, ach freisin go forleathan taobh istigh sa bheár agus sa bhialann. Chomh maith leis sin, tá an biachlár atá ar fáil sa Bhialann dátheangach. "Is breá linn freisin an nasc atá cruthaithe ag an mbainistíocht idir an Ghaeilge agus an ceol traidisiúnta. Tugann sé seo blaiseadh cultúrtha iomlán do chuairteoirí agus, níos tábhachtaí ná sin, do thurasóirí ó thar lear", a dúirt sé. "Is sampla cruthanta é seo den tairbhe is féidir a bhaint amach le samhlaíocht agus dea-thoil agus tá an toradh atá bainte amach le moladh go mór."

Feachtas bailithe airgid ar bun do chóir leighis Mhegan

Seán Ó Loingsigh

TÁ feachtas bailithe airgid ar bun chun cabhrú le leanbh trí bliana d'aois ó Chontae Chorcaí a chaithfidh cóir leighis d'fháil i Meirceá d'ailse inchinne agus chnámh droma atá uirthi.

Bhí Megan Malone ó Chill na Martra i nGaeltacht Mhúscraí ag baint suilt as an saol cosúil le cailín óg ar bith go dtí gur éirigh sí tinn an mhí seo caite.

Léirigh scanadh go raibh sceachaill (tumour) san inchinn ag Megan, agus tá ceimiteirpe á fáil aici faoi láthair in Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn Bhaile Átha Cliath.

Aithníodh go raibh sceachaillí beaga eile ina hinchinn chomh maith agus tá an ailse, atá thar a bheith ionsaitheach, tar éis leathnú anois go dtí a cnámh droma.

Níl cóir leighis curtha cheana ag lucht oinceolaíochta agus raideolaíochta in Éirinn ar leanaí chomh hóg le Megan go bhfuil an saghas so sceachaille orthu.

Tá sé beartaithe ag tuismitheoirí Mhegan í a thabhairt go hospidéal i Nua-Eabhrac mar a bhfuil taithí ag dochtúirí ar chóir leighis a chur ar leanaí chomh hóg le trí bliana d'aois go bhfuil an ailse seo ar a tugtar Medulloblastoma orthu.

Is í Megan an dara leanbh is óige de cheathrar clainne atá ar John agus Síle Malone. Tháinig a deartháirín Tristan ar an saol mí ó shin. Tá deartháir eile aici, Dylan (5), agus is í Chloe (7) an té is sine.

Tá na tuismitheoirí faoi bhrú ag tabhairt aire don bhabaí Tristan, agus a bheith i dteannta Mhegan san ospidéal i mBaile Átha Cliath chomh maith. Is oibrí de chuid Boston Scientific i gCorcaigh é John, agus is sciamheolaí í Síle a bhíonn i mbun oibre i gCill na Martra.

Megan Malone (3) a chaithfidh cóir leighis d'fháil i Meirceá go práinneach.

Tá sé i gceist Megan a thabhairt go hospidéal leanaí i Nua-Eabhrac an tseachtain seo chugainn, agus d'fhéadfadh sí a bheith i Meirceá ar feadh bliana le haghaidh na córa leighis atá riachtanach chun a beatha a shábháil.

Tá feachtas bailithe airgid ar bun i gceantar Bhaile na hInse i gCo an Chláir, áit dúchais a hathar John, agus tá imeachtaí á n-eagrú i nGaeltacht Mhúscraí, é mar sprioc €300,000 a bhailiú do chóir leighis Mhegan.

Beidh oíche mhór bailithe airgid in óstán an Auburn Lodge in Inis ar an 3 Nollaig, agus táthar ag súil le slua ollmhór ag Cóisir Tae Mheirceánach a bheidh in Óstán Gobnatan i mBaile Bhúirne ar an 10ú lá.

Reachtálfar ceolchoirm speisialta i dtábhairne an Mhuilinn i mBaile Bhúirne tráthnóna Dé Domhnaigh seo chugainn agus tá sé socraithe go mbeidh maidin caife agus díolachán cístí i gCill na Martra ar an gCéadaoin, 1 Nollaig.

Beidh laethanta bailithe airgid in ollmhargaí in Inis, i Maigh Chromtha agus i gCill Áirne, mar a mbeidh pacáil mhálaí ar bun, agus tá imeachtaí eile á n-eagrú i Luimneach mar a bhfuil a haintín Bríd ag obair.

Is féidir breis eolais d'fháil faoi imeachtaí ar an suíomh idirlín www.meganmalonetrust.org, agus tá cuntas bainc faoi ainm na fondúireachta i mbrainse Bhanc Uladh i mBaile an Chollaigh, cód 98-54-82, uimhir 10117900.

Sean-nós agus amhránaíocht chlasaiceach san Ionad Cultúrtha

Seán Ó Loingsigh

SAN Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne anocht (Aoine) beidh ceolchoirm de bhuaiteoirí ó Ghaeltacht Mhúscraí a bhain duaiseanna ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne le déanaí.

Tá dhá scéim i Múscraí a chabhraigh go mór le hiomaitheoirí an Oireachtais i mbliana - scéim amhránaíochta Aisling Gheal atá maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta, agus scéim phíolótach Béal Beo a chuir an tIonad Cultúrtha ar bun trí mhí ó shin le maoiniú ó thionscnamh 'Deis' na Comhairle Ealaíon.

Bhí an t-iarmhúinteoir bunscoile Seán Ó Muimhneacháin i mbun teagaisc i scoil náisiúnta Chill na Martra agus i meánscoil Choláiste Ghobnatan faoi scéim Béal Beo maidir leis na hagallaimh fhileata, agus bhí toradh a chuid saothair leis na daltaí le feiscint i gceolchoirm ar leith san Ionad Cultúrtha an tseachtain seo caite.

Bhí an amharclann lán go doras le tuismitheoirí agus lucht éisteachta i gcoitinne ag baint taitnimh as breis is 20 mír a chuir na daltaí bunscoile agus meánscoile i láthair.

Ghabh cumadóir na n-agallamh fileata Seán Ó Muimhneacháin buíochas le stiúrthóir an Ionaid Chultúrtha Bríd Cranitch, chomh maith leis na múinteoirí i Scoil Lachtain Naofa agus i gColáiste Ghobnatan a chabhraigh leis sa tionscadal.

Beidh Seán féin ar stáitse anocht san Ionad Cultúrtha - bhuaigh sé duaiseanna ag an Oireachtas maidir le comórtais agallaimh bheirte, lúibíní agus sceitse a chuir sé i láthair lena leathbhádóir Seosamh Ó Críodáin, chomh maith lena iníon Siobhán Ní Mhuimhneacháin.

Ardoíche cheiliúrtha a bheidh ann leis an laoch amhránaíochta Nell Ní Chróinín a bhuaigh Comórtas na mBan agus Corn Phádraig Mhic an Rí, chomh maith le Corn Cuimhneacháin Sheáin Óig Uí Thuama i gCill Airne.

Beidh leanaí óga agus déagóirí a bhuaigh duaiseanna ar stáitse chomh maith, agus beidh an t-airgead a bhaileofar á bhronnadh ar Ospís Marymount i gCorcaigh.

Casfar ón sean-nós go dtí an amhránaíocht chlasaiceach san Ionad Cultúrtha oíche Dé Sathairn mar go mbeidh an sár-amhránaí opera Cara O'Sullivan i mbun ceolchoirme ann leis an dtionlacaí aitheanta Ciara Moroney. Táthar ag súil go mór leis an gceolchoirm seo atá mar chuid de chamchuairt Music Network Tour atá ar bun ag an mbeirt ar fud na tíre faoi láthair.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Filí

BHÍ raidhse eile filíochta agus ceoil againn oíche Dé Sathairn seo caite nuair a thug triúr Ultach a n-aghaidh ar Iarthar Dhuibhneach. Is i Músaem Bhaile an Fheirtéaraigh a bhí Philip Cummings agus Gréagóir Ó Dúill ar a dtriail agus ceol á theannadh linn ag Mark Crickard.

Nuair a tháinig Aodh Ó Néill agus a chairde go dtí an Deisceart cheana sa bhfuacht agus sa bhfliuchán níor éirigh rómhaith leo, a dúirt Philip Cummings. Ní raibh ach leath dá dhánta aithriste ag Philip nuair a theip ar an gcóras teasa sa tseomra.

Níl a fhios agam an bhfuil sás dáin eile aige de thoradh Fhuacht an Deiscirt. D'aithris Philip, gur ó Bhéal Feirste dó ó dhúchas, dánta as a dhá chnuasach filíochta, Néalta agus An Fear sa Ghealach. Chuir sé an cheist, an amach fén ngealaigh a théann duine, mar a rachadh duine fén ngréin, nó cad is cirte? Ansan thagair sé don 'Ré' i ndán eile, le, is dócha, lucht filíochta agus léinn a chur ag caint agus ag argóint.

Tógadh an file Gréagóir Ó Duill i gContae Aontroma, ach is Baile Átha Cliath agus Gort an Choirce Thír Chonaill is mó a thaithíonn sé le blianta maithe. Is liosta le háireamh a bhfuil de leabhra filíochta scríte ag Gréagóir Ó Dúill, maraon le haistriúcháin agus eagarthóireacht.

Ba as a chnuasasch is déanaí, Dán Nollag faoin Samhradh, formhór na ndánta a d'aithris sé. B'aisteach mar a tharla, mar gur Aontromach é Marc Crickard, veidhleadóir go seasfá sa tsneachta ag éisteacht leis, mar a deirtear, ach d'éisteamar leis, suite sa bhfuacht, rud, is dócha, a léiríonn binneas a cheoil.

Ghabh Simón Ó Faoláin, a d'eagraigh an ócáid, buíochas leis an triúr Ultach gealgháireach nár léir go raibh aon fhuacht orthu.

Ar Lár

THÁINIG scríbhneoirí, scéalaithe, amhránaithe, lucht ceart agus cothromais, filí agus polaiteoirí as gach aird chun an Daingin an deireadh seachtaine seo caite le hómós a léiriú do Steve McDonogh, stiúrthoir Fhoilsitheoirí Bhréanainn a fuair bás tar éis gur bhuail tinneas obann é tamall beag ó shin.

Baile Átha Cliathach ab ea Steve go raibh aithne air ar fud na cruinne. Saolaíodh é sa bhliain1949.

Thug sé a chéad turas ar Dhuibhneach i ndeireadh na gcaogaidí agus é ina gharsún beag lena athair. Chuir sé aithne ar an mBlascaod Mór luath ina shaol, dúirt sé liom blianta ó shin.

Sa bhliain 1982 d'aistrigh sé chun an Daingin agus bhunaigh sé a ghnó, Foilsitheoirí Bhréanainn ann. Mar lasair dhearg scaip toradh na hoibre ar fud na cruinne. Sa bhliain 1997 bunaíodh Foilsitheoirí Shliabh an Iolair. Tamall ina dhiaidh sin tháinig an dá cheann fé Fhoilsitheoirí Bhréanainn.

Cead cainte agus cothrom na Féinne is mó a bhí ag dó na geirbe ag Steve ón uair gur bhain sé a chéim ollscoile amach ó Ollscoil Eabhraic Shasana. Cinnte, thug sé ardán do Gerry Adams, ach léirigh Mac Adaimh gur fear éifeachtach i mbun pinn é mar gur éirigh thar barr leis an liodán leabhar (naoi gcinn) dá chuid a d'fhoilsigh Foilsitheoirí Bhréanainn.

Thug sé cead a bpinn do lucht leanúna Paisley leis, is dócha, ar son cothromais agus saorchead cainte.

Is dócha gur fhéach Steve ar phearsana móra, beaga agus orthu siúd nár chualathas dada riamh fúthu agus go ndeachaigh sé sa tseans go raibh éirim, éifeacht agus rud le rá acu. Cinnte, níor theip ar a bhreithiúnas.

Cé a déarfadh go mbeadh ainm Alice Taylor sna ceithre harda, ach tá breis agus dosaen leabhar (14 cinn) foilsithe de shaothar Alice agus díol mór ar gach ceann acu. Saolaíodh sárscríbhneoir.

Tá gaisce déanta ag an nGaillimheach, Ken Bruen (6 leabhar) anseo agus in SAM mar a bhfuil scannán á dhéanamh bunaithe ar cheann dá leabhair,The Guards. D'fhoilsigh Steve trí leabhar le Mícheál Ó Dúbhláine na Gráige, trí cinn le Manchán Magan (leabhair taistil) agus tá leabhar ealaíne ar na bioráin leis an ealaíontóir clúiteach ó Chathair Scoilbín, Liam Ó Néill.

Níor dhearmad sé gaiscíoch Ghleann Cholm Cille, an tAthair Mac Duibhir. Leanfá go maidin.

Bhí faobhar ar pheann Steve féin agus meastar gur léirigh sé cruinnthuiscint ar phobal an cheantair sna leabhair fén Dreoilín agus seoda turasóireachta an réigiúin. Dála an scéil, ard-ghrianghrafadóir ab ea é chomh maith.

Is é an leabhar is déanaí óna pheann féin ná The Road from Moneygall, Barack Obama. Léiríonn sé an ceangal le muintir Chearnaigh Mhuine Gall agus Shuí an Róin i gContae Uíbh Fhailí. Chuadar siúd anonn go Meiriceá sa bhliain 1850.

Chaith sé seal maith de mhí Mheán Fómhair i Meiriceá i mbun fógraíochta don leabhar sin gur The Pilgrim atá baistithe ansiúd air.

Cinnte, ba phoblachtánach i ndeilbh Wolfe Tone é McDonagh agus ómós aige don nGaolainn cé nár éirigh leis riamh máistreacht cheart, mar a deireadh sé féin, a fháil uirthi.

Bhí Terry Uí Ghearailt ó Dhún Chaoin ag obair mar eagarthóir ag Steve beagnach ó thús. Dar le Terry, gur Meiriceánach ó dhúchas í, go mba fhear an-sibhialta, eagraithe é Steve. 'Bhí sé gairmiúil ina ghnó agus geanúil leo siúd ab ansa leis,' a dúirt sí. 'Chuir sé Corca Dhuibhne agus Éire i lár shaol liteartha an domhain, mheas sí.

Bhíodh sé coitianta ag taisteal go margaí leabhar gach áit ón tSeapáin go dtí an Ghearmáin go Meiriceá agus aon áit ar mheas sé go raibh leabhair le díol agus rud le rá. Fear gnímh lán de dhíograis, d'eolas a bhí cothrom fírinneach i gcónaí,' dar léi.

Bhí tórramh na seanaimsire ar Steve McDonogh i dtigh na marbh Uí Chonchúir sa Daingean ar an Satharn. Bhí ceol, amhráin, filíocht agus ráitis fhuaimintiúla.

Orthu siúd a labhair bhí Gerry Adams, Alice Taylor, ionadaí ó Chumann Fhoilsitheoirí Éireann, Ken Ó Briain, Fionnuala Ní Shiochrú a chan agus Marc Crickard a sheinn. Deineadh an corp a chreimeadh.

Deinimid comhbhrón lena athair, Jack, a mháthair Barbara, a dheirfiúr Deirdre, a dheartháir Terry, a iníon óg Lilya agus a chéile Meryem. Suaimhneas agus sólás na ngaiscíoch dá anam macánta.

Rang

TÁ Comhairle Contae Chiarraí agus an tÚdarás Sláinte ag tacú le beartas a thosnaigh ar an Máirt seo caite i gClubáras Chumann Gailf Cheann Sibéal le cabhrú le daoine atá ar scor nó óg fós ina gcroí. Beidh ranganna ealaíne agus ceardaíochta acu gach Mairt as seo go Nollaig.

Beidh na ranganna ar bun óna deich go meán lae agus meastar go bhféadfadh cuid dá saothar a bheith ar mhargaí na Nollag.

Gé

N'FHEADAR cén comhartha go baileach é, ach go cinnte tá an geimhreadh tagtha mar tá na géanna fiáine (Brent) tagtha ina gcéadta go seolta séirseach go Cuan Fhionntrá an tseachtain seo. Pé ar domhan tá aimsir gheal thirim chrua tugtha leo acu mar thús.

Uaireanta tugtar géanna na mbairneach nó an ghé bhairneach orthu.

Is as seo a d'eascair an tuairimíocht gur iasc feoil na ngéanna seo. B'shin sa tseanaimsir agus mar sin bhí cead ag daoine, dar leo, an ghé bhairneach a ithe ar an Aoine agus le linn am troscaidh mar an Carghas.

Ní déarfainn go mbíodh mórán ar an gcnámh ag na géanna bochta.

Seán Ó Ceallaigh, Cathaoirleach "An Clár as Gaeilge Teo", ag bronnadh "Gradam Ghaeilge an Chláir 2010" ar Paddy Brogan, Tí Bhrógáin, Sráid Uí Chonaill, Inis, in éineacht le Breandán Mac Fhionnghaile, Oifigeach Forbartha "An Clár As Gaeilge Teo" agus Domhnall Ó Loingsigh , rúnaí na heagraíochta.

Ellie Ní Chonaill (9) agus Aoibh Ní Chríodáin (8) ó Scoil Lachtain Naofa, Cill na Martra, a chuir agallamh beirte i láthair ag oíche na n-agallamh fileata faoi choimirce na scéime Béal Beo san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne, Co. Chorcaí an tseachtain seo caite. (PIC. Ó LOINGSIGH)

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Obair thógála tosaithe sa Chultúrlann

Meadhbh Ní Eadhra

LE tacaíocht cistiúcháin phoiblí, tá tús curtha leis an obair thógála ag an Chultúrlann, croí-ionad phobal Gaeilge Bhéal Feirste. Cuirfear réimse seirbhísí agus saoráidí nua ar fáil mar thoradh ar an obair thógála agus athchóirithe, agus rachaidh siad chun sochair an phobail áitiúil agus cuairteoirí araon.

Tréimhse chorraitheach atá ann don Chultúrlann, a bheidh ag ceiliúradh 20 bliain ar an fhód ar an bhliain seo chugainn. Beidh an síneadh nua críochnaithe faoi mhí Iúil 2011, in am don mhórcheiliúradh.

Beidh an foirgneamh úr ina ionad ilfheidhmeach spreagúil le dánlann do na hamharcealaíona ar an bhunurlár, spás léirmhínitheach ina rianófar stair agus forbairt na Gaeilge i mBéal Feirste, agus spás breise oibre a bheidh in oiriúint d'éagsúlacht gníomhaíochtaí an ionaid eicléictiúil seo.

Arsa Gearóid Ó Cairealláin, Cathaoirleach, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich: "Beidh an Chultúrlann athchóirithe ina seoid de chuid Bhóthar na bhFál agus, mar thairseach na Ceathrún Gaeltachta, cuirfidh sí go suntasach le hathbheochan Iarthar Bhéal Feirste. Soilseoidh sí an bealach chun cinn d'fhorbairt na Gaeilge ar fud na hÉireann. Tá gach creidiúint ag dul do na forais mhaoinithe a chuir ar ár gcumas an fhís seo a fhíorú."

Faigheann an tionscnamh caipitil tógála maoiniú ó réimse comhpháirtithe, ina measc, an Roinn Chultúir, Ealaíon agus Fóillíochta; an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn; Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann; Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann; agus an Roinn Forbartha Sóisialta.

Deir Denis Rooney, Cathaoirleach ar an Chiste Idirnáisiúnta

d'Éirinn, go bhfuil siad tar éis £516,000 a chur i dtreo shíneadh agus athchóiriú Chultúrlann McAdam Ó Fiaich (Ionad Ealaíon agus Cultúir Gaeilge).

"Tá sé ar na príomhthosaíochtaí s'againne tacaíocht a thabhairt d'fhiontair a mbeidh tionchar buan dearfach acu ar thógáil na síochána agus an athmhuintearais go ceann i bhfad i ndiaidh don Chiste imeacht," ar sé. "An t-ionad ilfheidhmeach ealaíon seo, cuireann sé ar fáil spás coiteann a spreagfaidh pobail theacht le chéile a cheiliúradh a gcultúr féin agus ina dhiaidh sin, beidh léirthuiscint ag gach pobal ar an ilchineálacht chomh maith."

Tá an tAire Forbartha Sóisialta, Alex Atwood, an-sásta go bhfuil an Roinn ag cur le forbairt agus le fás na Cultúrlainne agus le Straitéis na Ceathrún Gaeltachta.

"Agus an iliomad cultúr éagsúil mar chuid dár bpobal anois, is den tábhacht é go gcuirfimis le saibhreas na sochaí trí thacú leis an chultúr áitiúil agus tríd an phobal áitiúil a choinneáil ag croí an phróisis," ar sé.

Deir Rosemary Kelly, Cathaoirleach ar Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, gur ábhar áthais dóibh go bhfuil tús curtha leis an síneadh.

"Mar mhaoinitheoirí na Cultúrlainne, is ábhar áthais dúinn tús bheith curtha leis an síneadh agus tá muid ag dúil go mór le hoscailt an fhoirgnimh nua, i mí Iúil 2011. Is polasaí leanúnach ag an Chomhairle Ealaíon é bheith ag tacú leis an athghiniúint, rud a chuireann ar a n-acmhainn do ghrúpaí cónaitheoirí agus do ghrúpaí pobail tairbhe a bhaint as na háiseanna atá taobh istigh dá bpobal féin, agus spásanna nua á gcruthú atá ina n-ábhar mór bróid chathartha," ar sí.

Ní bheidh aon chur isteach ar imeachtaí na Cultúrlainne agus an tógáil ar siúl. Reáchtálfar clár iomlán ealaíon agus beidh na gnáth-uaianta oscailte i bhfeidhm sa chaifé, sa siopa leabhar agus san oifig fáilte.

An Ghaeilge ar an pháirc pheile:

Gaeilgeoirí Ard Mhacha V Gaeilgeoirí Thír Eoghain

Meadhbh Ní Eadhra

DEN chéad uair riamh i stair CLG Ard Mhacha, beidh buíon chróga Gaeilgeoirí ón Úllord ag dul amach chun páirce lena bpaisean don pheil a cheangal leis an Ghaeilge. Beidh siad ag dul isteach sa bhearna bhaoil le himirt in éadan na sean-naimhde i gcroílár chontae Thír Eoghain. Beidh Gaeil Ard Mhacha ag imirt i gcoinne Gaeil Thír Eoghain ar a 12 ar an Satharn beag seo ar an Eaglais i gcontae Thír Eoghain. Is é Seán Ó Maoilsté ó Thuaisceart Ard Mhacha duine d'eagraitheoirí an chluiche seo agus tá sé thar a bheith paiseanta faoin Ghaeilge agus faoin pheil. Deir sé go bhfuil go leor imreoirí acu ó Thuaisceart an Chontae ach go háirithe, a bhfuil an-dúil acu sa Ghaeilge agus a bheidh ag imirt sa chluiche Dé Sathairn.

"Bhí muid ag iarraidh rud mar seo a eagrú le tamall, ó chuala muid faoin fhoireann peile nua a bunaíodh i mBaile Átha Cliath, foireann Ghaeilgeoirí," a deir sé. "Bhí sé i gceist againn dul go Baile Átha Cliath ach ar deireadh shocraigh muid cluiche a eagrú níos gaire don bhaile. Ní bheidh turas ró-fhada romhainn Dé Sathairn mar beidh an cluiche ar siúl ar an Eaglais i gcontae Thír Eoghain."

Ní fios go fóill cad a tharlóidh i ndiaidh an chluiche seo ach má éiríonn leis, gach seans go n-eagrófar cluichí eile agus go mbeidh tuilleadh ceangailtí á dhéanamh idir an pheil agus an Ghaeilge in Ard Mhacha agus i dTír Eoghain. Beidh grianghraif ón chluiche seo le feiceáil in Gaelscéal na seachtaine seo chugainn. Coinnigh súil amach dóibh!

Scéalta Thír Chonaill

Danny Brown

Tá an Cabaret ar ais!!!

MÁ bhí cinneadh mór le déanamh ag muintir Ghaeltacht Dhún na nGall ag an fho-thoghchán Déardaoin, tá ceann eile le déanamh acu Dé Sathairn.

Cá rachaidh siad fá choinne oíche cheoil den chéad scoth?

Chan é amháin go bhfuil an Cabaret Craiceáilte ann i dToigh Hiúdaí Bhig, ach tá dlúthdhiosca á lainseáil ag duine de na hamhránaithe is fearr ar an tsean-nós sa chontae i dTábhairne Leo agus beidh John Spillane ag ceol i dTeach Jack ar an Ghlaisigh.

Beidh Bréag, an grúpa Reggae / Ska as Béal Feirste, ag bualadh arís ag an Chabaret agus ciallaíonn sé sin go mbeidh an t-urlár lán de dhamhsóirí agus cloigne agus cosa nimhneacha maidin Domhnaigh!

Ag tabhairt tacaíochta do Bhréag, tá rac-ghrúpa óg as Baile Átha Cliath, The Dirty Nines, sampla eile de pholasaí an Chabaret buíonta óga nach gceolann as Gaeilge go hiondúil a mhealladh chuig an Ghaeltacht agus seit iomlán Gaeilge acu.

Neily Mulligan, 94, ag labhairt leis an Taoiseach Brian Cowen i nGaoth Dobhair, Dún na nGall, nuair a bhí sé i mbun stocaireachta leis an Seanadóir Brian Ó Domhnaill an tseachtain seo caite.

Tharla seo roimhe seo le Henrietta Game, Fiach, na hIconics agus go leor eile. Chomh maith leosan, beidh Macdara Ó Conaola, deartháir Lasairfhíona, as Inis Oírr ar an ardán i gcuideachta a chomrádaí ceoil, Camille Champarnaud agus, ar ndóigh, aoi-cheoltóirí eile as an cheantar.

Caithfear bheith Toigh Hiúdaí go luath fosta Dé Sathairn mar tosaíonn an chraic ar 8.30, níos luaithe ná mar is gnách.

Ag an am céanna, beidh siad ag déanamh réidh fá choinne lainseáil dlúthdhiosca úir ag Connie Mhary Mhicí Mac Grianna as Rann na Feirste, fear de na ceoltóirí sean-nóis is aitheanta sa chúige, i dTábhairne Leo i Mín na Leice.

Is é Fá Bhruach na Mara an teideal ar an albam úr seo agus táthar ag dréim le scaifte maith ar an oíche.

Beidh scaifte maith i dTeach Jack fosta mar tá Cumann Gaelach Mhic Reachtain agus Cultúrlann Uí Chanáin as Doire ag reachtáil ceolchoirme le John Spillane san óstán.

Níl ach ceist amháin le freagairt. Cá háit a rachaidh mé?

Baill de choiste Ghlór na nGael Ghort a'Choirce, Dún na nGall, i gcuideachta paistí ó ranganna 5 agus 6 a bhí páirteach sa chomórtas "Abair Dán" an tseachtain seo caite. (PIC: EOIN MC GARVEY)

'Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall'

AG ócáid in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair ar an Aoine, 3 Nollaig, déanfar an leabhrán 'Logainmneacha Oileáin Bheaga Dhún na nGall' a sheoladh go hoifigiúil.

Beidh an Comhairleoir Daithí Alcorn, Cathaoirleach Choiste Oileán na Comhairle Contae, ina fhear tí ar an oíche agus táthar ag súil le scaifte mhaith de mhuintir na n-oileán bheith i láthair.

Is éard atá sa leabhrán seo ná cnuasach de logainmneacha agus de mhionainmneacha a bhaineann le seacht gcinn d'oileáin bheaga Ghaeltacht Dhún na nGall a bhfuil a gcuid coistí forbartha ag feidhmiú faoin scátheagraíocht Comharchumann na nOileán Beag.

Ar na hoileáin atá i gceist tá Gabhla, Inis Bó Finne, Inis Caorach, Inis Fraoigh, Inis Mhic an Doirn, Inis Oirthir agus Oileán Ruaidh.

Beidh fáilte roimh an phobal uilig chuig an seoladh agus go speisialta muintir na n-oileán.

Beidh an leabhar ar díol ar an oíche.

3 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Ag seoladh an leabhair "Coláiste Chonnacht Céad Bliain faoi bhláth" in Óstan na Páirce, An Spidéal, Co na Gaillimhe an Satharn seo caite bhí mna tí an choláiste, ó chlé: Cris Uí Neachtain (stiúrthóir), Sinéad Ní Ghamhnáin, Síle Ní Oistín, Siobhán Ní Chéidigh, Máire Áine Breathnach, Máire Uí Neachtain, Marguerite Uí Bhriain, Patsy Uí Dhroighhneáin, Bríd Ní Churraidhín L'Esperance agus Patricia Uí Ghamhnain. PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

Nóra Mc Hugh agus Tomás Ó hÉannacháin ó choiste forbartha theanga agus chultúir Thuar Mhic Éadaigh. Bronnadh duais aitheantais ar Bhertie Ó Domhnaill as Ceantar na nÓileán sa Taispeántas Ardáin 2010 i halla phobail Thuar Mhic Éadaigh ar an Satharn an 20 Samhain 2010.

Nóra Mc Hugh agus Tomás Ó hÉannacháin ag bronnadh duais aitheantais ar Máire Uí Ruadháin ar son phobal na hÉachléime sa Taispeántas Ardáin 2010 i halla phobail Thuar Mhic Éadaigh ar an Satharn an 20 Samhain 2010.

Cristín Ní Dhonnachadha agus Kevin De Barra i láthair ag seoladh "Coláiste Chonnacht Céad Bliain faoi bhláth" sa Spidéal le déanaí.
PIC: SEAN O MAINNIN.

Tony Huston le Bernie Merrigan agus a hiníon Anita Broderick i rith searmanais OÉ Gaillimh i rith na seachtaine nuair a bronnadh bailiúchán annamh d'obair, páipéar agus taifeadadh an stiúrthóra John Huston ar an ollscoil.

Donncha Ó Buacháin, Gerry Motherway, Uinsionn Ó Cróinín, iar-mhúinteoirí le Coláiste na Mumhan, Béal Átha an Ghaorthaidh, a bheidh san iomaíocht i gCraobh na Mumhan de Bhuille Faoi Thuairim ar an Satharn, 27 Samhain ar RTÉ Raidió 1 ag 8in.

Cearbhall Ó Colmáin ó Ionad na Gaeilge Labhartha, Ollscoil Chorcaí, na mic léinn Claudia Carpenter, California, Julie Turpin ón Oileán Athaontaithe (Reunion Island), agus Martin Becker, Bonn. Is foghlaimeoirí Ghaeilge iad a bhí ar thuras lae i mBaile Bhúirne i dteannta bhainisteoir Comharchumann Forbartha Mhúscraí, Concubhar Ó Liatháin. (PIC. Ó LOINGSIGH)

Uachtarán GAELSCOILEANNA TEO., Mícheál Ó Broin, Príomhfheidhmeannach, Bláthnaid Ní Ghréacháin agus Príomhchigire Cúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna, Éamonn Murtagh. D'oscail an tAire Pat Carey Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais GAELSCOILEANNA TEO. a reáchtáladh ar an Tulach Mhór, Uíbh Fhailí, ar an 19 agus 20 Samhain, le hóráid thráthúil a thug ardú meanman don slua mór príomhoidí, múinteoirí, aíonna, eagrais Gaeilge agus gaeloideachais a bhí i láthair.

4 TRÁCHTAIREACHT

Ré Uí Chomhain caite

Fionán Óg Ó Muircheartaigh

In ainneoin coicís ansmachtúil polaitíochta tá an Rialtas fós i gcumhacht agus tá Brian Ó Comhain fós ina Thaoiseach agus ina cheannaire ar Fhianna Fáil. Cé gur cháin baill dá pháirtí é go tréan an tseachtain seo, is léir go raibh sé ar intinn ag cuid dá chomhghleacaithe fáil réidh leis cúpla mí ó shin.

I mí Mheán Fómhair, tar éis don Teachta Dála, Tomás Ó Ceit, a fhógairt go poiblí go raibh gá le ceannaire nua, bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh deireadh ré ag teacht le téarma Uí Chomhain mar cheann an pháirtí. Tar éis agallamh amhrasach ar chlár Morning Ireland RTÉ níos luaithe sa tseachtain, bhí ráflaí á scaipeadh go mbeadh ceannairc ann. Chun go gcuirfí deireadh leis an gcúlchaint seo reachtáladh preasócáid in éindí leis an Aire Airgeadais, Brian Ó Luineacháin, iná ndúirt an t-aire go raibh lán-tacaíocht aige don Taoiseach.

Is spéisiúil nárbh é an Tánaiste, Máire Ní Chochláinn, nó an tAire Diarmuid Ó hÉachtairn, nó go deimhin an tAire Máire Ní Ainifín a sheas taobh leis an Taoiseach an lá sin.

Nochtann an eachtra dúinn gurbh é Ó Luineacháin an té a raibh an chumhacht agus tacaíocht na dteachtaí aige ceannas a ghlacadh ar an bpáirtí. Ó lá na preasócáide go dtí an tseachtain seo caite, is beag a chualathas ó chúlbhinseoirí de bharr gur éirigh le Ó Luineacháin iad a chiúiniú. Is léir go raibh comhaontú déanta. Thug Ó Luineacháin síneadh ama do Comhain chun an buiséad a sheoladh tríd an Dáil. Bhí súil aige go leagfaí cuid d'olcas an phobail ar Ó Comhain dá bharr agus gheobhfaí réidh leis faoi mhí Eanáir nó Feabhra, díreach sula mbeadh iachall ar an Rialtas olltoghchán a fhógairt. Bhí Ó Luineacháin ag tnúth le go laghdófaí na caillteanais suíochán a rabhthas ag súil go forleathan leo. Shíl sé go gcuideodh tréimhse mhí na meala leis slad iomlán ar an bpáirtí a sheachaint. Mar is eol dúinn an tseachtain seo, ní hamhlaidh a tharla. Chuir an bailout a phlean in umar na haimléise agus Rialtas na hÉireann ina chíor thuathail.

An Taoiseach Brian Ó Comhain i rith na seachtaine.
(PIC. SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Nuair a sceith eolas ó Bhanc Ceannais na hEorpa go luath an tseachtain seo caite go mbeadh gá le tarrtháil airgid a sholáthar d'Éirinn ba léir nach raibh ag éirí le Rialtas na hÉireann smacht a choinneáil ar an ngéarchéim airgeadais. D'fhógair feisirí Rialtais na hEorpa a dtacaíocht don phlean beag beann ar pholaitíocht inmheánach an Rialtais. Bhíothas ag súil san Eoraip go bhféadfaí an brú a bhí ar mhargaí na hEorpa agus ar an Euro a mhaolú ach a mhalairt a tharla. In am na géarchéime, le cuid mhaith airí ar an mioneolas, cothaíodh míréir i dteachtaireachtaí airí Fhianna Fáil. Bhí scéal an rialtais as a riocht agus thosaigh an Comhaontas Glas agus cúlbhinseoirí ag corraíl.

D'fhógair an Comhaontas Glas go dtarraingeoidís siar a dtacaíocht, ach go ndéanfaí i ndiaidh an bhuiséid é. Má chreid siad go gcuideodh sé seo le dlúthpháirtíocht an Chomhrialtais go gearrthéarmach, ba ghníomhaíocht shaonta a bhí ann. Méadaíodh easaontas an Rialtais agus thosaigh an próiséas polaitiúil ag teacht ó chéile.

Thosaigh Teachtaí corrthónacha ag labhairt amach go hoscailte in aghaidh an Taoisigh. Is beag nár tugadh an bóthar dó ag cruinniú comh-aireachta oíche Dé Luain. Mhol sciar airí dó éirí as ach níor ghluais an tAire Airgeadais agus cheannsaigh sé seo an chuid eile acu.

An ceannfháth nár ionsaigh sé ná go bhfuil sé tumtha i gcúram an Aire Airgeadais. Is eol dó go bhfuil an córas baincéireachta ar tí imphléascadh. A dhonacht is atá íomhá Uí Chomhain, síleann Ó Luineacháin gur cheart an Rialtas a choiméad socair chun an buiséad atá réitithe leis an AE a chur tríd an Dáil agus margaí na hEorpa a chiúiniú. Is eisean atá ag impí ar Theachtaí le seachtain anuas go gcuirfeadh éiginnteacht pholaitiúil eacnamíocht na tíre agus na hEorpa i mbaol. Go deimhin, tá ról an cheannaire glactha aige cheana féin.

Is ríshoiléir go bhfuil ré Uí Chomhain caite. Réitíodh go mbeadh athrú ceannaire i ndiaidh fhoilsiú an bhuiséid ar 7 Nollaig agus cé nach bhfuil ceannaire nua roghnaithe, is ag Ó Luineacháin atá an chumhacht fós. Má tá an post uaidh go fóill beidh air an deis a thapú. Muna bhfuil, beidh bean dá chomhghleacaithe ullamh chun an choróin a bhaint de Bhrian Ó Comhain.

Fad is a bhí Fianna Fáil ina chíor thuathail, bhí feisirí Fhine Gael ag faire go haireach ar imeachtaí. Tá ceannairc dá gcuid féin le heagrú acu. Tá naimhde Kenny ag iarraidh fáil réidh leis ón Samhradh i leith de bharr nár tháinig feabhas ar a chuid tacaíochta sna pobalbhreitheanna. An chúis nach ndearnadar é seo go dtí seo ná go rabhadar buartha go nglaofadh an Taoiseach olltoghchán a luaithe agus a dhéanfadh siad an gníomh. Gan an bhagairt sin ann d'fhéadfaí an coup a eagrú go luath agus deis a thabhairt don cheannaire nua próifíl a bhuanú roimh olltoghchán san Earrach.Beidh le feiceáil an bhfuil sé de mhisneach ag iar-leascheannaire an pháirtí, Risteard Bruton an scian a shá arís, ach is cinnte go mbeidh feisirí eile de chuid an pháirtí ag coinneáil súile géara ar imeachtaí Fhianna Fáil fad is atá siad ag cur faobhair ar a gcuid sceana.

Is saoririseoir é Fionán Óg Ó Muircheartaigh a d'oibrigh in Institiúidí na hEorpa.

'Cad a deir sibh ...'

MAR is eol do léitheoirí Gaelscéal a bhíonn ag léamh scéalta ar shuíomh an pháipéir, www.gaelsceal.ie, bíonn deis agaibh bhur dtuairimí a thabhairt ar na príomhscéalta go seachtainiúil. Níl le déanamh ach dul ar an suíomh gréasáin agus teachtaireacht a fhágáil faoin scéal agus tá an seans ansin go mbeidh do thuairim ar eachtra nó ábhar atá go mór i mbéal an phobail á foilsiú againn an tseachtain dár gcionn!

Bhí go leor le rá agaibh le déanaí linn...

Maidir le tuairisc a bhí sa pháipéar an tseachtain seo caite go bhfuair Gaelscéal aitheantas speisialta ag na '2010 European Design Awards', deir Seán M ó Bhaile Átha Cliath:

"Comhghairdeas - aitheantas cuí! Sár obair ar bun agaibh ó thús. Tuilleadh aitheantais le teacht, táim cinnte de!"

Bhí neart le rá ag léitheoir alt tuairimíochta Eoghain Uí Néill i leith an phíosa dar teideal 'Sinn Féin ó dheas ag brath ar ghlúin na gruaige léithe seachas ar ghlúin an X-bhosca'.

" Mar eolas, ní tharlaíonn amhlaidh ó dheas d'aonturas. Tá na heagrais ghaelscolaíochta, coistí bunaithe buartha go gcuirfí as do na ceardchumainn agus na scoileanna/pátrúin reatha dá dtabharfaidh faoi chanbhásáil ó dhoras go doras. Bhíodh bileoga eolais a scaipeadh ar na tithe agus aon mhargaíocht eile bheadh sé dírithe ar chruinnithe poiblí, scéalta sna meáin áitiúla, fógraíocht ó bhéal agus póstaeir/bileoga i seirbhísí cúraim leanaí, siopaí, ionad dochtúra, srl."

Is léir go ndeachaigh alt Fhearghail Mhic Ionnrachtaigh ar an nGaeloideachas agus an dátheangachas, a bhí sa pháipéar coicís ó shin, i bhfeidhm ar léitheoir eile a chuir a chuid smaointí ar an scéala in iúl dúinn ar shuíomh Gaelscéal.

"Cad é a thig ar dtús in san téarma Gaeloideachas - Gael nó oideachas? Ní ag cruthú modh oideachais oiriúnach do shlánú na Gaeilge atá muid ach ag cur oideachas ar pháistí óga trí mheán na Gaeilge a rachaidh chun sochair dóibh sa saol. Seo dearcadh na n-oideachasóirí, chan dearcadh na ngníomhairí teanga a Fheargháil! Lom chnámh na fírinne atá ann nach bhfuil go leor múinteoirí cáilithe ná go leor áiseanna teagaisc ná go leor taighde ar fáil faoi láthair chun cur ar ár gcumas Meánscoileanna neamhspleácha a bhunú i gceantair taobh amuigh de Bhéal Feirste, go fiú i gceantair ina bhfuil an Ghaelscolaíocht láidir ag leibhéal na Bunscoile...."

Tá an chuid eile den tuairim thuas ar lean ar an suíomh...

Bí linn ar www.gaelsceal.ie, ar Facebook Gaelscéal agus Twitter le do bharúil a thabhairt ar an méid a scríobhtar sa pháipéar. Ná déan dearmad d'ainm a fhágáil le do theachtaireacht má bhíonn tú ag iarraidh go mbeadh d'ainm luaite le do thuairim.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Ná glantar a gcuid fiacha!

Eoghain Ó Néill

In am seo an lagmhisnigh, faighimis inspioráid ó Éireannach a léirigh misneach agus daonnacht ar leith, agus a thug daoine sa treo ceart nuair a síleadh nach raibh dóchas ann.

Bhí John Ging, ionadaí an UNRWA i Stráice Gaza, i mBéal Feirste, Déardaoin, chun Gradaim na hAislinge a chur i láthair.

Ócáid bhliantúil atá sna Gradaim, a reáchtálann Grúpa Meán Bhéal Feirste chun an tallann agus an díograis atá sa chathair a cheiliúradh.

Bhí sé spreagsúil go raibh John Ging i láthair chun lóchrann a shoilsiú ag an am seo agus an oiread sin daoine trína chéile is gan treoir.

Agus chun cur i gcuimhn dúinn go bhfuil daoine ann, go bhfuil ceannairí ann, a thagann chun cinn agus a thugann ceannaireacht chéillí in am an ghátair.

Chuaigh sé ar ais chuig Gaza leis an teachtaireacht go bhfuil pobal na hÉireann ag seasamh le pobal Gaza i rith an ama.

Nár laga Dia é.

Fuair mé sólás ó fhoinse eile, gan dréim agam leis, ar na mallaibh.

Tá *The Irish Times* i ndiaidh taobhú leis na '*Rebels*' - 94 bliain rómhall, ach más mall is mithid.

Fáilte romhat, a Bhean Uasal!

Nach iontach iad a bheith ag tarraingt ar idéalachas agus ar fhéiníobairt mhuintir 1916 dá n-eagarfhocal, '*Was it for this....?*'

Ar ndóigh, an t-am a chuaigh na fíréin isteach sa Bhearna Bhaoil in 1916, bhí an *Times* ar son iad a bheith daortha.

Ach an lá inniu, tá athrú poirt ann, is léir. An dtig linn a bheith ag dréim leis anois go bhfeicfimid sleachta ó Murder Machine Mhic Phiarais nó sleachta ó Labour in Irish History Shéamais Uí Conghaile san áit a mbíodh an *Property Section* toirtiúil sin ag *The Irish Times*, am an Tíogair?

Rachadh teagasc Shéamais go mór chun leasa léitheoirí agus scríbhneoirí an nuachtáin, ach mar is eol don saol, tharraing *The Irish Times* taibhsí laochra 1916 chuige féin, ní as siocair comhbhá a bheith aige leo, ach de bharr go rabhthas ag iarraidh cic eile a thabhairt d'Fhianna Fáil.

Nach cuma.

Is maith an rud go bhfuil siad ag

John Ging

múscailt na ceiste seo. B'fhiú athchuairt a thabhairt ar an tréimhse staire sin, 1916 - 1922, agus breathnú arís ar na prionsabail a spreag daoine chun a mbeatha a chur i mbaol.

Cén sórt Éire a bhí uathu? Cad iad na prionsabail a spreag iad maidir le cúrsaí eacnamaíochta de? Cad é a shamhlaigh siad don Ghaeilge, do mhná? Do mheon phobal na tíre seo? Don aicme is boichte sa tír? Do Phrotastúnaigh an tuaiscirt agus dá n-oidhreacht?

Cad é mar is féidir na prionsabail sin a chur ag obair i leagan amach an lae inniu?

Agus más mian leis an *Irish Times* a fháil amach cén uair a tréigeadh na prionsabail sin, thig liom a rá leo gur tharla sé i bhfad bhfad roimh 2010, a Bhean Uasal.

Is maith an rud go bhfuil *The Irish Times* agus *The Examiner*, RTÉ agus go fiú an Indo, uilig ag múscailt na ceiste seo nó is éigean prionsabail a aimsiú in am seo an lagmhisnigh.

Agus is fiú meon oscailte a bheith ag daoine nó is léir nár oibrigh an leagan den chaipitleachas a cruthaíodh am an Tíogair Cheiltigh.

Ná leagan ar bith eile de a bhí ann roimh an Tíogar.

Measann an rialtas agus go leor de na maithe móra nach bhfuil de rogha ann ach an cáiníocóir fiacha na mbaincéirí agus na mbithiúnach a ghlanadh.

Ach tá meon eile ag go leor den phobal. Tá siadsan den tuairim gur cheart cuid den lucht airgeadais seo a chur faoi ghlas seachas a bhfiacha a fhágáil ar an cháiníocóir.

Seachas an €100 billiún seo a thabhairt d'amhantraithe agus do lucht iasachta thar lear (a bhí iontach mífhreagrach agus iad ag ligean iasachtaí mar seo le baincéirí na hÉireann, an chéad lá anuas), ba mhaith leo go gcaithfí an €100 billiún seo ar fhiontraíocht agus ar fhostaíocht a chruthú.

An amaideach an moladh é sin? An bhfuil sé a dhath ar bith níos amaidí ná an rialtas bheith ag iarraidh freagracht a chur ar an phobal chun fiacha na mbancanna bradacha a ghlanadh?

In am seo na héigeandála, is gá do dhaoine smaoineamh ar shlí nár smaoinigh siad riamh roimhe.

Caithfimid a bheith dearfach, a bheith ag breathnú ar an ghéarchéim seo, dá olcas í, mar fhaill chun an tsochaí a athchruthú ar dhúshraith níos fearr ná 'boom and bust'.

Tá sé amuigh orainne, Éireannaigh, gur dream ceannairceach réabhlóideach muid. Ach má fhágtar ar leataobh an cheist náisiúnta, níor tharla réabhlóid sa tír seo riamh.

Is dream coimeádach amach muid. Ach ní gá doirteadh fola chun réabhlóid a chur i gcrích. Thig sin a dhéanamh le vóta, le litir, le comhrá, le heagrú grúpaí agus cumann agus páirtithe polaitíochta.

Fós féin, creidim, agus fógra dhá mhí againn, gur fhéidir teacht ar Ghael in achan toghcheantar a rachadh chun tosaigh sa toghchán seo faoi lipéad na Gaeilge.

Nó an smaoineamh ró-réabhlóideach é sin?

Is dóigh liom go raibh an ceart ag na Sasanaigh...

Bernie Ní Fhlatharta

Dúirt na Sasanaigh fadó nach raibh na hÉireannaigh in ann iad féin a rialú - agus is dócha go raibh an ceart acu - mar breathnaigh orainn anois.

Ní amháin sin ach tá muid ag fáil iasacht uatha anois ach cén chaoi a n-íocfaidh muid ar ais é?

Ó fán nóiméad - meas tú an fiú an méid sin na Sé Chontae?

Nó b'fhéidir go mbeadh orainne dul isteach le Sasana - sin bealach amháin leis an tír seo a aontú!

Ach dáiríre nach mór an náire é, sé bliana ó chomóradh 100 bliain na Cásca in 2016, ón mbliain nuair a throid na hÓglaigh ar ár son, ar son saoirse na tíre seo, tá an tír díolta ag an rialtas.

Agus is muide a thug cead dóibh praiseach a dhéanamh den tír. Agus tá an milleán le cur ar an dream nár chaith vóta an uair dheireanach mar gur lig muid isteach Fianna Fáil agus na *Greens*.

Bhí rudaí go maith ar feadh tamaill mar gur chuir siadsan an dallamullóg orainn agus chuir muide dallamullóg orainn féin. Bhí cúpla duine leis an gceart a rá, ag cur comhairle orainn.

Ach ní raibh muid ag éisteacht. Níos tábhachtaí fós ní raibh an rialtas ag éisteacht.

Agus is cosúil go bhfuil saineolaithe ar fud an domhain ag rá anois nach bhfuil mórán seans ag an tír teacht chuige féin ar chor ar bith.

Cheapfá go mbeadh a fhios ag ár gceannairí sa Dáil go mbeadh iallach orthu gach uile cent a chaith muid agus a fuair muid ar iasacht, a íoc ar ais uair éigin.

Ach ar cheap siad go mbeadh an Comhphobal Eorpach ag teacht le cabhair a thabhairt dúinn arís, agus arís eile?

Cuireadh comhairle orainn ón gcéad lá a chuaigh muid isteach so Chomhphobal. Bhí orainn i gcónaí bheith páirteach mar dhaoine fásta ach le blianta is gasúir a bhí ionainn.

Cheap muid go dtabharfadh an Comhphobal aire dúinn go brách ... ach ansin fuair muid féin saibhir ach rinne muid dearmad go mbeadh orainne cabhair a thabhairt ar ais.

Sé bliana ó chomóradh 100 bliana na Cásca in 2016, ón bhliain nuair a throid na hóglaigh ar ár son, ar son saoire na tíre seo, tá an tír díolta ag an Rialtas.

Ach bhí muid dána agus anois tá muid i dtrioblóid. Is cuma cé a bheidh i gcumhacht sa Dáil nó go mbeidh ár gcúrsaí airgid socraithe ag an IMF.

Bhuel, sin sábháil amháin, an Dáil a dhúnadh síos ar feadh cúpla bhliain! Cé a d'aireodh uatha é ach na Teachtaí atá ag fáil pá as. Dhíol an rialtas an tír agus b'iontach an díoltas é iad a fheiceáil ar an tsráid.



An raibh an ceart ag na Sasanaigh i gcónaí?

Na francaigh ag dul go tóin poill

John Gormley TD
(PIC. MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND)

Conall Ó Móráin

Tá seanteach tábhairne darb ainm 'McDaid's' suite ar Shráid Harry in aice le hóstán an Westbury, béal le Sráid Grafton i mBaile Átha Cliath. Bhí páirt i stair liteartha Bhaile Átha Cliath ag an áit mar gur minic gur chaith an drámadóir agus úrscéalaí, Brendan Behan, tráthnóna agus oíche ann i rith na 40í agus na 50í in eineacht le scríbhneoirí eile - Patrick Kavanagh, Flann O'Brien, JP Donleavy agus Liam O'Flaherty ina measc.

Cé go raibh an scríbhneoireacht ar chaighdeán ard ní mar a chéile a bhí an sláinteachas pearsanta acu uilig agus is iomaí uair a chuala mé scéalta faoi Kavanagh go mór mór, an file is rogha liom féin, agus an seans go mb'fhéidir go raibh sé ailléirgeach le gallúnach.

Pé acu an raibh na scéalta fíor nó nach raibh bhí ainm in ísle ag an dream úd agus dúradh go raibh roinnt acu ar nós creimirí. Tháinig an lá nuair a roghnaigh úinéirí McDaid's an teach tábhairne a dhíol agus b'shin an t-am a dúirt fear nach raibh róthógtha leis na scríbhneoirí ach a bhí glic leis na focail é féin gur seo an chéad uair a chuala seisean go raibh an long ag tréigean na bhfrancach agus iad ag dul go tóin poill.

Tháinig an smaoineamh seo chugam agus mé ag éisteacht le John Gormley, Ceannaire an Pháirtí Ghlais, ar an raidió agus é ag fógairt go raibh sé in am dul os comhair na ndaoine agus olltoghchán a reáchtáil. Caithfidh go raibh sé den tuairim go raibh an tír faoi dheireadh, agus faoina stiúir siúd, ar tí dul go tóin poill.

Ní dóigh go bhfuil mórán dochair agus damáiste sa bhreis fágtha acu le déanamh ar an tír?

Sin an t-aon deáscéal fágtha. Go ceann a dó nó a trí de bhlianta, ní bheidh seans ag ár gcuid polaiteoirí, is cuma cé acu eite, a ladhracha a chur in aice leis an ngeilleagar mar gurb iad muintir an Aontais Eorpaigh agus an IMF atá i gceannas anois.

Ós rud é go bhfuil an captaen agus a fhoireann tar éis long na tíre a stiúradh go díreach agus go hard ar na carraigeacha níl a thuilleadh damáiste le déanamh.

Ach seo an seans mór againn freisin, faoi dheireadh, chun athrú bunúsach a dhéanamh ar an mbealach a ndéantar rialú orainn agus ar an tír. Cé chomh minic atá sé feicthe againn go nglacann muid le stiúir nó seift rialtais ó thar lear (an Ríocht Aontaithe de ghnáth) gan an cinneadh a chur faoi scrúdú le feiceáil an bhfuil sé feiliúnach don tír seo. Cúpla seachtain ó shin chuir mé an ceist an raibh méara de dhíth nó ag teastáil ó mhuintir chathair Bhaile Átha Cliath? Bhí méara ag cathair Londan - dá bhrí sin bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh orainne méara dár gcuid féin a bheith againn - taispeántas seoinínteachta don sórt is measa. Tá an aicme pholaitiúil tar éis a thaispeáint dúinn nach bhfuil siad ábalta an tír a rialú i gceart ar ár son.

Tháinig an lá nuair a roghnaigh úinéirí McDaid's an teach tábhairne a dhíol agus b'shin an t-am a dúirt fear nach raibh róthógtha leis na scríbhneoirí ach a bhí glic leis na focail é féin gur seo an chéad uair a chuala seisean go raibh an long ag tréigeadh na francaigh agus iad ag dul go tóin poill. Tháinig an smaoineamh seo chugam agus mé ag éisteacht le John Gormley, Ceannaire an Pháirtí Glais, ar an raidió agus é ag fógairt go raibh sé in am dul os comhair na ndaoine agus olltoghchán a reáchtáil.

Tá an turgnamh sin tar éis teip.

An mbeadh sé iomarcach anois laghdú mór a dhéanamh ar an rialtas agus gach a mbaineann leis. Glac uimhir, abraimis céad, agus gur sin uasmhéid líon na dTeachtaí Dála. Níl an líon féin tábhachtach, ach tá an teachtaireacht a thagann leis.

An teachtaireacht gur chóir a bheith á fáil againn ná gur tír bheag í Éire agus go bhfuil muid in ann í a rith nó a bhainistiú le foireann bheag - beag, eolach, proifisiúnta agus macánta.

Ba chóir an stáitseirbhís a aththraenáil ionas gur bainisteoirí proifisiúnta den scoth a bheadh iontu - cur ar ollscoil Harvard nó a leithéid iad agus iad ag éirí níos sinsearaí ina bpoist. Tabhair stádas agus gradam dóibh siúd go bhfuil fonn orthu sinn a riaradh.

Ní gá airgead mór a dhíol leo mar gur gairm a bheadh sa mhéid a bheadh ar siúl acu. Ní féidir luach a chur ar stádas. Smaoinigh ar an tír againn á rith ar bhonn láraithe - glan salach ar an mhodh a bhí ar aigne roimhe seo ag ár bpolaiteoirí a bhí ag iarraidh blúiríní den riarachán a mhealladh isteach ina gcuid Dáilcheantar féin.

Chiallódh an Modh Nua, mar a thugaim air, go mbeadh bainistíocht phroifisiúnta ag riaradh ghníomhaireachtaí uile na tíre agus go mbeidís siúd á meas go rialta ar an ábaltacht acu a gcuid seirbhísí a tháirgeadh. Dá bhfaigheadh siad drochathbhreithniú chuirfí na conarthaí acu i mbaol - díreach mar a tharlaíonn le gach aon ghnó eile agus díreach an bealach chun costais a ísliú agus caighdeáin a ardú.

Agus mé ag trácht ar an Bhreatain níos luaithe, féach cé mhéad deathola agus dea-oibre gur féidir leo siúd a fháil, chóir a bheith saor in aisce, tré bhoinn ar nós an OBE nó MBE a thabhairt do dhaoine. I dtéarmaí infheistíochta caithfidh go dtugann na gradaim sin an toradh is fearr riamh. Ar phraghas cúpla punt tugann an bhanríon acu amach na boinn sin go minic agus go flúirseach, agus ní theastaíonn ó fhormhór mhuintir na Breataine ach an 'onóir' go mbeadh cead acu OBE a thabhairt orthu féin.

Sárchleas é gan dabht.

N'fheadar an mbeadh dóthain 'onóir' ann do Ivor Callely agus a leithéidí a gcuid oibre san Oireachtas a dhéanamh saor in aisce (ar son na ndaoine ar ndóigh) dá dtabharfadh muid cúpla bonn dóibh?

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Thit an tua, ar dhaoine bochta, mar is gnách

IS cearrbhach gairmiúil é an sealbhóir bannaí, go teoiriciúil. I gcás na hÉireann, áfach, tá sé cruthaithe nach bhfuil sé sin fíor. Rinne na cearrbhaigh seo drochgheall nó dhó agus chaill siad.

Ach go fóill féin, tá an geallghlacadóir dul a gcuid airgid a íoc ar ais leo. Chun a chinntiú go dtiocfaidh siad ar ais sa todhchaí.

Is sinne, gnáth-mhuintir na hÉireann, agus ár bpáistí agus ár ngar-pháistí a bheas ag íoc as an bhille sin ar feadh na mblianta atá amach romhainn.

Bhí cinntí deacra le déanamh ag an rialtas ach dhiúltaigh siad iad a dhéanamh agus ghlac siad an rogha éasca, rinne siad feall ar dhaoine bochta, ar mhaithe le daoine saibhre sa 'phlean téarnaimh náisiúnta' 4 bliana.

Is é sin an cleas is sine agus is éasca i saol na polaitíochta i dtír ar bith.

Ar an iomlán, tá IBEC ag cur fáilte roimh an phlean seo, ag maíomh gur aithin an rialtas an tábhacht le straitéis fáis don gheilleagar. Ní aon ábhar iontais é seo mar bheadh siad ag iarraidh a leithéid de phlean beag beann ar chúinsí eacnamaíochta.

Ar an láimh eile, ní féidir a shéanadh go gcaithfear fás a spreagadh agus tá seans ann go dtarlódh sin mar gheall ar an phlean.

Tá contúirt nach beag ann áfach leis an straitéis seo, mar a bhagair an *Wall Street Journal* inné; má bhaintear tuilleadh airgid amach as geilleagar na hÉireann, thiocfadh leis seo cur lenár bhfadhbanna.

Má dhéantar dochar do mhuinín agus do chaiteachas na dtomhaltóirí, agus má thiteann ioncaim cánacha dá bharr, tá baol nach beag ann go rachaidh an geilleagar isteach i gcrapadh leanúnach a mbeidh sé thar a bheith deacair éalú as agus a chuirfidh deireadh le haon seans go mbeidh muid in ann ár bhfiacha ollmhóra a íoc ar ais choíche.

Agus glúin iomlán d'óige na hÉireann ag ullmhú chun an tír a fhágáil ag cuardach oibre, agus na glúnta romhainn daortha chun fiacha na glúine seo a íoc agus sinne mar náisiún ag íoc as cearrbhachas daoine saibhre, b'fhurasta misneach a chailleadh.

Ná caillimis misneach, tiocfaidh muintir na hÉireann fríd an ghéarchéim seo mar a tháinig muid fríd gach géarchéim eile go dtí seo.

Ná déanaimis dearmad go bhfuil rudaí dearfacha ann maidir leis an gheilleagar, tá muid go fóill ag easpórtáil agus beidh má leanann an Euro ag titim. Tá infheistíocht go fóill ag teacht isteach agus beidh tuilleadh ag teacht isteach mar gheall ar thitim leibhéal an íosphá, más bocht an scéal céanna don té atá ag saothrú an méid sin.

Beidh toghchán againn sa bhliain úr. I dtír dhaonlathach, faigheann daoine an rialtas atá tuillte acu, b'fhiú cuimhneamh air sin agus sinne ag caitheamh vóta.

Cé go bhfuil gach cuma ar an scéal nach dtaitníonn an rialtas seo le muintir na hÉireann agus go bhfuil muinín caillte ann ar fad, muna roghnaíonn daoine teacht amach agus cúrsaí a athrú, fanfaidh siad mar an gcéanna. Níl duine chun a dhath ar bith a athrú tríd fanacht sa mbaile.

Is é seo ceann de na toghcháin is tábhachtaí i saol na hÉireann, caithfear vótáil, caithfear páirt a ghlacadh ann, caithfear ár nglór a ardú.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

"Comhghairdeas"

A chara,
Míle buíochas as Gaelscéal. Tá mé á léamh le cúpla mhí anois agus táim tógtha i gceart leis. Is buaicphointe na seachtaine dom é, go háirithe 'tuairimí' Pháidí Ó Lionáird, Aindrias Ó Cathasaigh, Conall Ó Móráin agus na scéalta faoi chúrsaí teicneolaíochta agus an comhshaol.

Comhghairdeas faoin duais aitheantais speisialta a bhuaigh sibh ag an 'European Design Awards'. Tá sé tuillte go maith agaibh.

Le meas,
Mairéad Ní Chathasaigh
Cill Bharróg
Baile Átha Cliath 5

Cuir ós comhair na cúirte iad!

A chara,
Nach bhfuil sé in am na daoine a scrios ár dtír a chur os chomhair na cúirte agus iad a chúisigh le Tréas Ard i measc an iliomad eile coireanna atá siad ciontach as? Ar a laghad, ba chóir go mbeadh siad díbirte as an tír tar éis gach sochmhainn a bhaint astu. Ní cóir go mbeadh muintir neamhchiontach na tíre seo bheith ag íoc go daor as an camiléireacht, robáil agus dallamullóg a rinne polaiteoirí, banceirí agus fóbróirí orainn. Ní bheadh aon imní airgeadais ar an dtomlach don dream siúd ag an am céanna go bhfuil leath mhillúin daoine dífhostaithe, daoine ard-cháillaithe ina measc, gan aon dóchas acu don todhchaí.
Chun masla a chur ar an ngortú, tá an rialtas fós ag insint bréige dúinn maidir le cé chomh dona is atá an stad ina bhfuil muid. Anuas ar sin, muna bhfuil sé dona go leor, de réir dealraimh, tá na baincéirí fós ag iarraidh tuilleadh airgead a chalaois ón íocór cáinneach freisin.

Anois, tá muid chomh scriosta go gcaithfidh muid margadh a dhéanamh le siorca iasachta idirnáisiúnta. Tar éis beagnach nócha mbliana de neamhspeáchas, tá ar "gcinnirí" tar éis chearrbhachas a dhéanamh len ár bhflaitheas agus é a chaillúint. Thóg se na céadta bliana chun seasamh ar ár dá chos féin ach níor thóg se ach cúla bhliain chun dream santach réasúnta bheag muid a chur siar níos faide ná cearnóg uimhir a haon.

Ar ndóigh ní chailleoidh ár "gcinnirí" faic go pearsanta ach ar an droch uair ní féidir linn é a rá do gach saoránach eile sa tír. Caithfidh stop a chur leis seo agus an córas iomláin a athrú ón bharr go bun.

Le meas,
Domhnall Ó Muirí
Leamhcán
Baile Átha Cliath

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Léitheoirí Gaelscéal scoilte i leith 'airgead tarrthála' an Aontais Eorpaigh a ghlacadh

Róisín Ní Ealaí

DEN chéad uair i gCeist na Seachtaine tá torthaí cothroma ag teacht amach as an scéala. Is léir go bhfuil sibh roinnte ar dhá thaobh agus fíorbheagán díobh a bhí idir dhá chomhairle maidir leis an 'airgead tarrthála' a ndearna an rialtas iarratas air an tseachtain seo. Bhí 45% de léitheoirí Gaelscéal a chaith vóta ar www.gaelsceal.ie ag ceapadh go mba cheart é a ghlacadh agus níor aontaigh 45% eile díobh leo, ag vótáil nár cheart glacadh leis.

Bhí an mionlach díobh, an 10% eile, idir dhá chomhairle mar gheall ar an scéal. Ná déanaigí dearmad bhur vóta a chaitheamh do Cheist na Seachtaine seo chugainn agus má bhíonn tú ag iarraidh do bharúil a thabhairt dúinn, fág teachtaireacht dúinn ar Facebook, www.facebook.ie/Gaelsceal nó déan 'Tweet' @Gaelsceal.

Ceist na Seachtaine seo chugainn: An tír neamhspleách go fóill í Poblacht na hÉireann?

Fáinne tarrthála caite linn faoi dheireadh

Páidí Ó Lionáird

Ar deireadh thiar thall tá siad tagtha. Buíochas mór le Dia. Anois ar a laghad is féidir linn a bheith sásta inár n-aigneacha, pé rud a tharlaíonn, gur le teann faisnéise agus cur amach ar an ábhar atá sé ag tarlú.

Ar ndóigh is ag caint ar an IMF atáim.

B'fhéidir gur thit mo chroí agus gur bhraitheas feargach, imníoch agus náirithe nuair a chuala ar dtús ó Ghobharnóir an Bhainc ceannais, go raibh a leithéid de bheart réidh le déanamh.

Go raibh a leithéid de bhuíon tagtha i dtír a chuirfeadh na Lochlannaigh in áit na leathphingne. Ach ansin, chonaic mé iad, an buíon seo faoi stiúir a gceannaire Ajai Chopra agus, ar mo chéadfhéachaint air agus orthu, go raibh cuma chúthail, shibhialta orthu.

Agus ar ndóigh tá, mar is cuntasóirí d'ardchaighdeán iad. Tá gach múnla chun feabhais na cuntasaíochta agus na baincéireachta de ghlanmheabhair acu.

Agus más ea, nach maith ann iad?

Ajai Chopra, leas-stiúrthóir an IMF, An Roinn Eorpach, agus comhpháirtí ar a mbealach chuig cruinniú faoin bhféidearthacht go bhfaigheadh an tír iasacht éigeandála ón A.E./IMF sa Roinn Airgeadais i mBaile Átha Cliath.
(PIC. SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

B'shin an fhadhb ba mhó a bhí againn sa tír seo le glúin anuas. Easpa speisialtóireachta i mbun na Ranna stát éagsúla. Cuid acu ar dlíodóirí iad, bíonn sé sin áisiúil nuair atá dréachtú agus a bheith ag plé le reachtaíocht mar chuid den ngnó.

Ní hionann dlí agus cuntasaíocht áfach. Is múinteoirí cuid eile acu.

Anois, sula dtosnaíonn múinteoirí, iar-mhúinteoirí nó ábhar-oidí ag cur faobhar ar sceana, is le gairm na múinteoireachta a táim féin cáilithe. Chaitheas tréimhse anghairid ag múineadh agus bíodh is go bhfuil deich mbliana ann ó bhíos i mbun ranga bunscoile, d'fhéadfainn tabhairt faoi sheomra ranga anois arís - ní go héasca agus ní gan go leor ullmhúcháin ach le teann mo chuid traenála, bheinn in ann dó.

Ní bhraithim áfach go mbeinn in ann dul i mbun roinn rialtais a reáchtáil. Cá dtosóinn?

Ní minic a thugtar cúram aireachta do pholaiteoir gan taithí a bheith aige/aici ar dheasghnátha agus ar oibríocht an rialtais ach tharla sé.

Cinnte, tá daoine fíor-chumasacha i measc siúd sa chomh-aireacht reatha. Cumasach ina réimsí féin agus b'fhéidir an t-ádh leo nuair a bogadh iad go roinn eile go raibh suim agus inniúlacht acu dóibh. Más ea, is dóigh liom go bhfuil an taobh eile den bhonn airgid sin feicthe anois againn freisin.

Tá easpa inniúlachta feicthe againn agus beimid ag díol go daor as go ceann tamall fada le teacht.

Is dlíodóir go smior é Brian Lenihan. Ní hé amháin gur dlíodóir é ach bheadh sé aitheanta i measc siúd is ábalta leis an ngairm léanta úd - anseo in Éirinn agus sa Bhreatain.

Duine cumasach gan aon agó mar sin.

Déarfainn gur dlíodóir an-mhaith a bheadh sa Taoiseach freisin. Ba le linn dó bheith ina Aire Gnóthaí Eachtracha ba mhó a léirigh sé a chumas. Bhí sé caillte sna haireachtaí eile ina raibh sé - Sláinte agus Airgeadas go háirithe.

Is dlíodóir é Dermot Ahern. Tá sé sona sásta ó cuireadh chuig an Roinn Dlí agus Cirt é. Is amhlaidh an scéal é le Barry Andrews, eisean ag plé le reachtaíocht ar mhaithe le cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí sa tsochaí, leanaí.

Is oibrí sóisialta a bhí sa Tánaiste. Bhí sí compordach go maith sa Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh nuair a bhí sí ann. Bhí meas uirthi nuair a bhí sí sa Roinn Talmhaíochta ina dhiaidh sin ach féach cad (nár) tharla nuair a cuireadh sa Roinn Fiontraíochta agus Fostaíochta í? Dóthain ráite.

Ba mhúinteoirí iad Noel Dempsey, Mary Hanafin, Micheál Martin, Batt O'Keefe, Tony Killeen, Mary Harney agus Pat Carey.

Ón méid atá cloiste agam fúthu, b'oidí cumasacha iad. Agus b'fhéidir gur sa mhúinteoireacht, ós comhair ranga a fuair siad a gcéad mblas de sheasamh ós comhair slua agus teachtaireacht nó faisnéis éigin a sheachadadh - scil an-luachmhar mar pholaiteoir. Bíonn scil na nil-oilteachta le fáil ón tseomra ranga freisin, ach ní hionann iad agus ranna rialtais, nó an ionann?

Ba le gnó an oideachais a thosnaigh John Gormley a shaol i ndiaidh dó cáiliú ó ollscoileanna Bhaile Átha Cliath Freiburg. Gnó oiliúna i dteangacha Eorpacha a bhí ann. Céim tráchtála a bhain an tAire Fuinnimh Éamon Ryan amach. Bhí sé i mbun gnó agus ar a laghad tuigeann sé cor chur 's cúiteamh eacnamaíochta.

Maidir le hÉamon Ó Cuív, cáilíodh le céim in Ollscoil Bhaile Átha Cliath é agus d'oibrigh sé le comharchumainn pobail i gConamara. Oiliúint maith cinnte.

Níor mhaith liom go gceapfadh éinne gur mian liomsa stad a chur le duine ar bith, cuma pé cáilíocht atá acu dul i dtreo na polaitíochta náisiúnta. Sin daonlathas duit. Is iontach iad a théann i muinín an phobail agus a thugann a gcuid ama ar ár son. Nárbh dheas é dá mbeidís cáilithe dá réir?

Tá buíon strainséirí i gceannas na leabhar anois. Cuirimis fáilte rompu mar is chun ár leasa atá siad.

SÚIL SIAR na Seachtaine

"Déanta i nÉirinn"

An Claidheamh Soluis,
12ú Mí na Samhna 1910.

Chomh fad agus is follus a lán daoine bheith ann nach dtuigeann i gceart cad é an dithfir atá idir "déanta", agus "rinneadh," agus idir foclaibh dá sórd, is fiú oiread spáis a thabhairt do'n cheirt sa chlaidheamh agus is féidir do spáráil, mar is ceirt í a bhaineas go dluth le bunudhas na teangan. Go dtí go dtuigfear i gceart í, ní féidir le haoinne-ní hamháin droch-Ghaedhilge na haimsire seo do labhairt- ní féidir leis aon Ghaedhilg - olc, maith ná donaidhe - do labhairt, gur féidir a thuiscint.

Is deacair do Bhéarlóir gan Gaedhlig an dithfir atá idir "déanta" agus "rinneadh" do thuigsint, mar, níl aige ach an t-aon fhocal amháin "made" ar an dhá fhocal Gaodhalacha, .i., "déanta" agus "rinneadh", agus ní mhothuigheann sé i ré i gcoimhnidhe an dá chéill éagsamhala atá ar ab bhfocal "made" san mBéarla.

Agus is deachair do Ghaedhilgeoir dhuthcais an dithfir do mhíniughadh do bhéarlóirí, mar, ó nach bhfuil san mBéarla ach an t-aon fhocal amháin ar "déanta" agus ar "rinneadh" ní féidir dhó féin, nuair a bheidh sé ag béarlóireacht, aon dearmad do dhéanamh ; agus ní thuigeann sé an chruadhóg ina bhfuil an Béarlóir atá ag caradh le Gaedhilg do labhairt, ar a mbíónn de shíor a rogha do dhéanamh idir dhá fhocal, agus gan tuisgint ceart aige ar a mbrigh, nó ar a ndithfridheacht.

Is beag an iongnadh morán do bheith gan tuiscint air sin, ma'r níl morán coganta ar fagháil aca. Na mínighthe atá le fagháil ní ró shoiléir iad. Níl aon chabhair sa "simple lessons." Níos measa ná sin - tá drochthreorughadh ionnta. Féac an abairt seo, leabhar II. leath 52, par. 431 :-

"Fuair Nóra cathaoir úr ag Cill Dara, acht bhí sí briste ar an ród."

Is dócha go gcurtar so ann, mar Ghaedhilg ar:-

"Nora got a new chair at Cill Dara, but it was broken on the road."

Ach nach greannmhar an sórt Gaedhilge í a bheith i leabhraibh an Chonnartha mar shompla do'n mhac léighinn. Tá "tá tú asal" comh maith leis gach uile phioc. Ní féidir aon cuall do bhaint as an abairt suas, mar, an rud a chuireas an chéad leath de in umhail dúinn, fághann sé an dearg-éitheach ó'n dara leath de.

Ní mór an chreideamhuint dúinn na leabhra so bheith dá gcur amach againn ina míltibh, le bliadhntaibh, lán de lochtannaibh, agus a rádh gurbh iad siúd na leabhra is mó cheannuigheann tornuightheoirí. Tá morán dioghbhála déanta aca, agus do réir deallraimh, níl aon duine cumhachtach sa Chonnradh gur brón leis é. Cad é an fáth nach nglanfaidhe iad, nó nár glanadh fad ó iad? Dá leigfeá dhom, budh mhaith liom beagán do rádh an mhaithe leo súd nár éirigh leo go fóill an cheirt seo do réidhteach dhóibh féin. Tógfam mar shompla na focla so : -

"The Coat was made"

Annso, tá an dhá chéill ar an bhfocal "made." An chéad chiall, - go "rinneadh" rud éicínt, go rinneadh gníómh, go rinne duine éicínt obair, agus go bhfuil cóta ann anois mar gheall ar an obair do rinneadh ar an éadach, le huirlísibh agus le lámhaibh an tailliúna. Má's é seo an chiall is mian linn do chur in umhail i nGaedhilg ar made, ní dhéanfaidh aon fhocal eile. Abróchamaois :- "Do rinneadh an cóta."

Sé an dara ciall atá leis an bhfocal 'made' ná ainm na stáide ina bhfuil an rud do rinneadh, tar éis a hoibre do rinneadh air, nó tar éis na hoibre do rinne é, nó tar éis do'n táilliúr é do chríochnughadh, - má's cóta é. Má's é seo an chiall budh maith linn bheith an bhfocal Béarla, made, caithfear "déanta" do chur air. Abróchamuí :- "Do bhí an Cóta Déanta."

5 CÚRSAÍ SAOIL

Bronntanais na Nollag

Ná bíodh mearbhall ort an Nollaig seo agus tú ag iarraidh cinneadh a dhéanamh faoi bhronntannas a cheannach. Is iad seo rogha bheag de chuid de na bronntanais ar a bhfuil an tóir is mó orthu i mbliana!

nós

iris ghaeilge don nua-aois

SCÁTH CÚPLA
Sár-albam de thaisbhsí indie-pop

CUAIRT AR CHEANADA
Léirmheas taistil ar tharraingtí Vancouver

PUNC I bhFOLACH
Solas caite ar phunc-cheol Los Angeles

samhain 10 eag. 16

Buille a Croí

Glór anam na Nigéire

TÓG AMACH MÉ!
forlíonadh speisialta le gaelscéal

www.nosmag.com

bunaithe 2008



fáilte

Trioblóidí, & trioblóidí eile

Tá éigeandáil eacnamaíoch sa tír. Tá prácás déanta den gheilleagar, a bhuí sin leis na bainc agus leis na polaiteoirí a lig na cúrsaí a bhí faoina gcúram imeacht le sruth, agus is é an gnáthdhuine atá thíos leis. Níl tarrtháil mhór an Aontais Eorpaigh ag dul ar sochar do mhórphobal na hÉireann ach do na hinstitiúidí airgeadais a chuir san fhaopach muid sa chéad dul síos. Má bhí am ann riamh chun an status quo a athrú ar bhealach bríoch suntasach agus chun todhchaí níos cothroime a chruthú do gach duine inár sochaí, seo é. An dtapófar é? Sin ceist eile…

Ag an am céanna ní mór dúinn a chuimhneamh go bhfuil an tromlach de phobal an domhain i bhfad níos measa as ná mar atá an chuid is mó againn ar an oileán beag seo. Ceisteanna tromchúiseacha de chineálacha eile atá ag cur as do na milliúin duine ar fud na cruinne. I measc na n-áiteanna sin tá Deilt na Nigéire, ceantar ina bhfuil an pobal dúchasach ciaptha cráite ag coimhlintí le hollchomhlachtaí ola, ag díláithriú agus ag ard-dlús daonra, ag bochtanas, ag truailliú agus ag easpa ceannaireachta ó pholaiteoirí na tíre. Bean óg amháin atá ag léiriú ceannaireachta áfach ná an ceoltóir Nneka, atá ag cur an domhain ar an eolas faoi dhúshláin na hAfraice lena hamhráin chumhachtacha cheolmhara. Léigh fúithi anseo ar eagrán na míosa.

Go deimhin tá béim láidir ar an cheol againn an mhí seo le léirmheasanna eolasacha leis an léirmheastóir is eolaí sa domhan Gaelach, agus níos faide i gcéin, Ben Ó Faoláin. Punc, dord-cheol agus dioscó-func pop atá faoi chaibidil aige an babhta seo mar sin léimigí isteach agus bígí ar an eolas. Turas ar Vancouver Cheanada a chuireann críoch le cúrsaí na míosa, cathair ilghnéitheach ar fiú cuairt a thabhairt uirthi nuair a thagann deireadh le géarchéim an gheilleagair!

Ar an mhí seo chugainn beidh muid ar ais le mórscannáin na Nollag, réamhamharcanna éagsúla ar an bhliain amach romhainn agus iontas nó dhó eile. Go dtí sin…

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Ben Ó Faoláin, Gráinne Nic Fhearaigh,
Micheál Johnny Ó Meachair, Scott de Buitléir

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

BOIC BHEIRLÍN
MODESELEKTOR

CEOLTÓIRÍ ÉAGSÚLA 4.5/5

Modeselektion 1 (Monkeytown)

CAD É SEO, GO DÍREACH?
Bailiúcháin den dord-cheol cros-síolrach is úire ar lipéad nua-bhunaithe **Modeselektor** Bheirlín, ceirníní Monkeytown.

Ocht bport déag ar fad de cheol nua agus eisiach ó eascartaigh mar **Ramadanman**, **Bok Bok**, **Shed** agus **Cosmin TRG**.

Agus tá seanfhondúirí mar **Digital Mystikz**, **Apparat** agus **Modeselektor** féin ann chomh maith!

AN BHFUIL AON MHAITH ANN?
Tá saibhreas scanrúil ag baint leis an gceol atá á chruthú ag an dream seo de léiritheoirí as an smionagar de cheol dubstep; blúiríní potaireachta na stíle úd á ngreamú ar ais le chéile acu le gliú techno Detroit, glitch hop uirlise agus UK garage chun cosán i treo na todhchaí a leagadh síos.

Téann Ramadanman i ngleic le tríríní rithimeacha ar **Pitter** leis an lúchair spórtúil a shamhlófá le garsúin maidin Nollag.

Ní shásódh aon rud Bok Bok Londain i gcás **Say Something Stupid** ach a chuid ceirníní grime, Chicago House, Mantronix agus King Tubby a bhrú isteach i mála taistil agus an rud ar fad a chaitheamh síos staighre an stáisiúin Tube.

Tá an éidearfacht a bhaineann le spás-taisteal agus leis an ngrá úr araon le braith ón **Space Station Love Affair** tonnúil le **Cosmin TRG** na Rómáine.

Func-bhuama de theannas lúbach é **Das Geheimnis** le **Siriusmo** na Gearmáine agus déanann **Mala** fuaim dancehall na n-ochtóidí a athlonnú go fáinní seachtracha Shatairn i gcás **Explorer**.

LAIGÍ?
Dá mbeadh **Kristall** le **Housemeister** trí oiread níos faide bheadh sé seacht n-oiread níos sásúla. Ach díobháil laigeacht eile atá ag baint le **Modeselektion 1**!

AN BREITHIÚNAS
Bíodh is go bhfuil éagsúlacht luasanna le clos ar Modeselektion 1, cinntíonn comhthuiscint aeistéitiúil na léiritheoirí atá páirteach ann go bhfuil blas leanúnach ag baint leis.

Scoth-chnuasach do na cluasáin!

JOHN SAVAGE PRESENTS... 4/5

Black Hole – California Punk 1977-80 (Domino)

CAD É SEO, GO DÍREACH?
An ghnáth-insint inghlactha ar scéal punc-cheol ná go raibh a bhunús mar stíl sa gharage-rock a bhí á chleachtadh ag grúpaí mar **MC5** agus **New York Dolls** i dtabhairne CBGB's i Nua Eabhrac ag tús na seachtóidí.

Rinne **The Ramones** forbairt ar an gceol agus do ghlac Malcolm McClaren seilbh air mar sheánra Sasanach ar son **The Sex Pistols** chomh luath agus a thrasnaigh punc an tAtlantach.

Tá sé sin fíor, go bunúsach, ach is léiriú iontach é **Black Hole** ar phíosa den tomhas míreanna mearaí a bhí in easnamh ar an ngnáth-éisteoir go dtí seo.

Taobh leis an gceol spleodrach a bhí ag teacht as Londain agus Nua Eabhrac sa treímhse 1977-80, bhí ceol punc á chleachtadh in LA.

Ar chúiseanna cultúrtha níor nochtaíodh go forleathan go dtí anois é.

Bhí grupaí punc Los Angeles níos imeallaí ná grupaí Londan agus Nua Eabhrac, ní raibh aon chomhlacht ceoil chun teacht i gcabhair orthu agus is beag suim a bhí ag na meáin iontu.

Dá bharr sin is beag ceirnín a scaipeadh chomh fada le hiriseoirí ceoil Londain.

B'fhurasta do ghrúpa punc Sasanach sliotán a aimsiú ar Top Of The Pops lena chéad singil, ach níor shroich punc na Stát Aontaithe an príomhshruth go dtí na nóchaidí le **Nirvana**.

AN BHFUIL AON MHAITH ANN?
Maitheas?! Ní bhaineann 'maitheas' le punc, a léitheoir, ach fuath, fearg, agus fuinneamh - agus táid ann le fonn!

É sin ráite, tá an punc seo níos scaoilte, ní chomh muiniceach, abair, lena chol ceathrair Sasanach.

Tá buille boogie-woogie agus synth-ghlór ar nós siotair le clos ar **Victims Of Terrorism** le **The Aurora Pushups**, agus tá **Beat Your Heart Out** le **The Zeros** an-dílis do fhreamhacha garage-rock na stíle.

Tá blas tráthúil éigin ar **I Hate The Rich** le **The Dils**, amhrán a léiríonn an tionchar a bhí ag **The Damned** (an t-aon ghrúpa punc Sasanach a chuaigh go LA ar chamchuairt ag an am) in ionad **The Sex Pistols** ar ghlór punc na cathrach.

Oh, agus **California Uber Alles** le **Dead Kennedys** ann!

LAIGÍ?
Éireoidh spuaiceanna ar an taobh istigh de do chluasa ó bheith ag éisteacht le hamhráin mar an **Love Is Just a Tool** ar mire le **The Middle Class** ró-mhinic.

AN BREITHIÚNAS
Buíochas do **Jon Savage** as an stór seo d'amhráin ó ré an fhíor-phunc nach mbeidh cloiste na mílte uair cheana.

FOCAIL **BEN Ó FAOLÁIN**

TWIN SHADOW 4/5

Forget (4AD / Terrible)

Bígí ar aire, cleas atá i gceist le teideal **Forget**.

An chéad uair ar éist an léirmheastóir seo leis, chaith sé a chuid ama ag iarraidh ciall a dhéanamh de na cuimhní ar fad a mhúscail ceol **Twin Shadow** ann.

Tháinig an t-albam gan aon phreasráiteas chun an ceol a bhí laistigh a chur i gcomhthéacs.

Tá na hochtóidí le clos ann - is amhráin snasta disco-funk pop na linne sin a bhfuil ann - ach cad faoi ghlór an amhránaí féin?

Glór saibhir údarásach, ach sobhriste. Glór mór as a áilleacht féin, ach neamhchinnte ag an am céanna; macallaí de **Morrissey**, **Ian McCulloch Echo & The Bunnymen** ann, agus **Edwyn Collins** i ré **Orange Juice** ach go háirithe.

An amhránaí nua é mar sin nó duine aitheanta i bhfolach faoi chosaint ainm cleite?

Togra aonair de chuid **George Lewis Jr.** Florida (ach athlonnaithe go Brooklyn) atá in Twin Shadow.

Is beag is féidir a chreidiúint go bhfuil **Forget** ina albam début, mar go bhfuil ceol Lewis chomh gar sin don bhfoirfeacht.

Tá aitheantas éigin tuillte ag **Chris Taylor** ón ngrúpa **Grizzly Bear** as an obair léiriúcháin atá déanta aige air (is ar lipéad Taylor, Terrible Recordings, atá an t-albam á eisiúint), ach léiríonn an tslí a bhfilleann na heilimintí éagsúla d'amhráin Twin Shadow isteach ina chéile go bhfuil an-chuid macnaimh déanta ag Lewis ar chonas a fhís cheoil a chur i gcrích.

Is amhráin díreacha iad faoi na gnáthrudaí a gcanann pop-amhránaithe fúthu - grá, grá agus grá - ach canann sé línte mar *"there is no key to my gate, you can still come around, lean your ladder against my window, I'll come down"* ar nós fir a bhfuil fonn te comhluadair air in ionad áite i mbabhtaí ceannais X-Factor.

Albam iontach lán de thaibhsí indie-pop na n-ochtóidí.

FOCAIL **BEN Ó FAOLÁIN**

ANAM NA hAFRAICE

Dá gcuirfí ceist orainn ceoltóir as an Nigéir a ainmniú, is cinnte go mbeadh deacrachtaí ag an fhormhór againn smaoineamh ar aon duine seachas ríthe Afrobeat na 1970í.

Tá an easpa eolais seo sa saol mór faoi cheol agus faoi chás na tíre sin á laghdú de réir a chéile áfach, agus tá bean óg tallannach ag imirt páirte nach beag sa phróiseas.

Rugadh **Nneka Egbuna** i gcathair mhór Warri, atá suite i nDeilt na Nigéire, sa bhliain 1981 agus chaith sí mórchuid a saoil ansin sular bhóg sí chuig an Ghearmáin – áit arb as a máthair – agus í 19 le dul chun na hollscoile.

Ba in Hamburg – cathair chomh coimhthíoch le haon áit ar domhan do chailín óg ón Afraic – a tháinig sí ar a paisean ceoil agus a chuir sí aithne nua ar a háit dhúchais.

"Fuair mé léamh nó feasacht nua ar an Afraic agus mé ag cur fúm sa Ghearmáin," arsa Nneka.

"Dá mba rud é nár fhág mé an Afraic, nár chónaigh mé sa Ghearmáin, ní dóigh go mbeadh an dearcadh céanna agam inniu."

Agus baineann an dearcadh sin, ní hamháin le nua-anamcheol spreagúil, éagsúil a chruthú, ceol a bhfuil macallaí **Bob Marley** agus **Nina Simone** le cluinstin ann, ach baineann sé le haird a tharraingt ar Afraic an lae inniu.

Ní an ceol amháin atá i gceist le Nneka, ach an teachtaireacht chomh maith.

"Breathnaíonn daoine ar an Afraic ar bhealach dorcha – SEIF, bochtanas, caimiléireacht, cos ar bolg, dubh agus daoine nach bhfuil in ann cabhrú leo féin," arsa sí.

"Tá mise ag iarraidh an íomhá sin a ghlanadh ar shiúl trí mo chuid cheoil.

"Tá cumas i bhfad níos mó ná sin againn san Afraic – tá muid oilte agus tá áiseanna againn a bhfuil an tIarthar ag brath orthu.

"Is mar gheall ar an Afraic atá an tIarthar san áit a bhfuil sé inniu."

Trí línte a cuid amhrán, cuireann Nneka béim ar fhadhbanna a tíre dúchais agus fosta ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an phobal ann.

"Amharcaim orm féin mar ghuth a dhéanann ionadaíocht ar na daoine sin nach bhfuil guth acu, nó nach bhfuil an misneach acu labhairt amach agus an domhan mór a chur ar an eolas faoi cad atá ag tarlú sa Nigéir agus san Afraic."

Amhrán amháin a léiríonn a meon ná an **Heartbeart** beoga a bhain an Barr 20 amach i gcairteanna na Breataine anuraidh agus a dhéanann cur síos ar chruachás Dheilt na Nigéire, ceantar atá á dhúshaothrú ag mórchomhlachtaí ola agus ina bhfuil na mílte teifeach dá bharr.

Ach ní chuireann Nneka an locht ar fad ar dhaoine ón taobh amuigh – ina hamhrán **Africans** insíonn sí do mhuintir na hAfraice gan a stair choilíneach a lua mar chúis a bhfadhbanna uilig agus spreagann sí iad chun a dtodhchaí féin a chruthú.

Agus tá daoine ag éisteacht lena dteachtaireacht.

I láthair na huaire tá breis agus 86,000 cara aici ar a leathanach Facebook agus tá sí ar ghearrliosta MAMA, Gradaim Cheoil na hAfraice de chuid MTV a bheas ar siúl i Lagos na Nigéire ar 11 Nollaig.

Bhain sí ní ba mhó aitheantais amach i mbliana chomh maith nuair a cuireadh traic dá cuid ar albam oifigiúil Chorn Sacair an Domhain thar an samhradh.

Is léiriú é ar láidreacht fhíréanta cheol Nneka gur tharla an dul chun cinn seo atá déanta aici gan mórán cuidithe ó na lipéidí móra.

Déanann a cuid amhrán teagmháil speisialta lena héisteoirí agus scaiptear an scéal dá réir.

Má tá tú ag cuardach rud éigin a bhfuil meascán tarraingteach ann de soul, hip hop, reggae agus eile, agus a bhfuil níos mó cic ann ná ceol an phríomhshrutha, gabh agus tabhair cluas éisteachta d'anamghlór seo na hAfraice. *

an ceanada ilchineálach

Thug Gráinne Nic Fhearaigh cuairt ar Vancouver Cheanada i mbliana, áit a ndeachaigh an éagsúlacht chultúrtha agus tarraingtí i bhfeidhm uirthi. Seo scéal a turais.

Is cuma cén sort laethanta saoire is fearr leat - grian agus gaineamh, bheith ag dreapadóireacht ar shléibhte sneachta, bia blasta den chéad scóth nó imeachtaí eachtraíochta - mar tá gach aon rud le fáil in Vancouver Cheanada, agus bhí an t-ádh dearg orm cúpla lá a chaitheamh ansin roimh an samhradh.

Is cathair iltíreach amach is amach í Vancouver lena lán cultúr domhanda le feiceáil sna bialanna, margaí spéisialta, siopaí agus comharsanachtaí difriúla, agus i ndiaidh San Franciso agus Nua Eabharc is é Chinatown Vancouver an tríú ceantar Síneach is mó i Meiriceá Thuaidh.

Nuair a leigh mé sin i mo threoirleabhar, bhí sé ar m'intinn gan bheith ag caitheamh mo chuid ama sa chathair seo sna siopaí éadaí dearthóra céanna atá le fáil i gcathair ar bith ar domhan.

Mar sin de, ghlac mé turas timpeall Chinatown leis an chócaire clúiteach agus scríbhneoir ar chúrsaí bia, Stephanie Yuen.

BIA AGUS BEATHA

Ag siúl thart na sráideanna le Stephanie, bhí sé deas teangacha ar nós Cantainise agus Mandairínise a chloisteáil agus sráid-ainmneacha dátheangacha a fheiceáil chomh maith.

Chaith muid an t-am ag dul isteach agus amach ó shiopaí beaga ildaite ag blaiseadh stíl chócaireachta na Síne – ón bheith ag ól tae luibhe agus ag ithe cistí beaga traidisiúnta agus Dim Sum ón bhacús go dtí lacha faoi anlann pluma a ithe díreach ón bhúistéir, ní thiocfadh le siopadóireacht an lámh is fearr a fháil air in am ar bith!

Bhuel, sin an rud a shíl mé go dtí go ndeachaigh muid isteach chuig an phoitigéir agus chonaic mé afraidíseach déanta de choirp ainmhithe agus rudaí aisteacha mar sin… níorbh éigean dom iad a bhlaiseadh, buíochas le Dia!

Agus ag leanúint le téama an bhia, do mo chéad turas eile ghlac mé an Aquabus (bád farantóireachta beag gasta) go hOileán Granville le bualadh le Eric Pateman, stiúrthóir Edible British Columbia.

Bhunaigh sé an comhlacht turais chun eolas ar leith a thabhairt do chuairteoirí agus chun an chathair a chur ar an léarscáil mar áit a bhfuil ardchaighdeán bia agus bialanna le fáil inti.

Bhí margadh poiblí Granville plódaithe ar an lá a bhuail mé leis, cé gur gnáthlá seachtaine a bhí ann.

Bhí gach sort bia le bolú, le blaiseadh agus, ar ndóigh, le ceannach ann ó bhia mara go cáiseanna, aráin agus pónairí caife, agus bhí sé deas scaifte chomh mór sin a fheiceáil ag cur suime i mbia úr agus nádúrtha.

Ní raibh mé féin ábalta triail a bhaint as mórán a bhí ar fáil áfach mar go raibh tábla ag fanacht orm ag Raincity Grill sa West End, atá suite ar English Bay.

Cúpla bliain ó shin chruthaigh foireann na bialainne seo biachlar úrnua darb ainm '100 Mile Tasting Menu' a dhéanann ceiliúradh ar an bhia áitiuil orgánaic atá le fáil taobh istigh den 100 míle thart ar an phroinnteach.

Faoi láthair, tá siad ag baint úsáide as na glasraí is fearr ó fheirmeacha inbhuanaithe orgánacha an cheantair agus tá tuigbheáil acu ar cé chomh tábhachtach is atá an talamh agus slí bheatha na bhfeirmeoirí áitiúla.

Agus má tá dúil agat i dtrátaí blasta den scoth, is é teideal a dtarraingthe is deanaí ná 'Tomato Tasting Menu' a bhfuil trátaí mar Roasted Stoney Paradise Sungolds curtha ar fáil le muiríní úra ann… mmmm!

NÓSANNA NA gCEILIÚRÁN

Ach má tá tú ag iarraidh daoine le clú agus cáil a fheiceáil sa chathair seo, tá siad uilig thall in Yaletown sa Blue Water Café and Raw Bar.

Seo áit a ndeachaigh aisteoirí cosúil le Jennifer Aniston agus Halle Berry chun sushi nó sashimi a ithe agus iad ag scannánaíocht sa in Vancouver ar na mallaibh.

Ba shean-trádstóras é a ndearnadh athchóiriú air agus tá cistin oscailte ann anois mar aon le seomra spéisialta príobháideach lán le fíon den chéad scoth a chuireann na VIPs in áirithe.

Nuair a thug mé cuairt ar an bhialann, bhí trosc dubh ar an biachlár le hanlann soy agus sake, Artic Char agus liosta fada hoisrí, agus bhí an freastalaí an-eolach faoin reimse maith fíonta a bhí acu fosta.

Agus ag caint dom faoi Halle Berry, d'fhan sí sa díonteach ag an Metropolitan Hotel - an t-óstán ceanna ina raibh mé féin ag stopadh - nuair a bhí sí ag glacadh páirte sa scannán Catwoman tamall de bhlianta ó shin.

Cé nach raibh mise ag déanamh aon rud speisialta mar sin, is óstán ar fheabhas é a thagann leis an eispéireas iomlán ar an chathair iontach seo.

Tá an Metropolitan Vancouver cóngarach go leor do Pháirc Stanley, atá níos mó na Central Park i Nua Eabharc, le sléibhte sneachta North Shore le feiceáil ar chúl an óstáin.

Bhí mo sheomra leapa te agus glan le leathanbhanda, troscán darach agus marmar sa seomra folctha.

Bhí linn snámha, seomra gaile agus cúirt scuaise ansin fosta agus, dá mbeadh tuirse ort, bhí síob saor in aisce le fáil in Jaguar ar maidin!

SPRAOI SLÉIBHE

Ach níor ghlac mise an déis áirithe sin mar bhí mé ag dúil go mór leis an turas traenach a chuir mé in áirithe chuig Whistler, Sciáil Alpach Blackcomb.

Áit clúiteach í seo maidir le spórt faoin spéir, go mór mór sciáil trastíre agus clársciáil, agus is anseo a bhí Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh ag tús na bliana.

Ghlac an traein trí uair a chloig agus i rith an aistir bhí mé in ann mo chathaoir theolaí a fhágáil agus dul amach chuig an charráiste breathnóireachta le grianghraif a thógáil de radharcanna galánta Shannon Falls, Cheakamus Canyon agus Mount Garibaldi, nó Nch'kay i dteanga dhúchais na háite, Squamish.

Bhí sneachta ar bharr na sléibhte - bíonn le linn na bliana tríd - agus bhí codanna eile den tírdhreach chomh glas le cnoic s'againn féin anseo in Eirinn!

Nuair a bhain mé Whistler amach, mo chéad uair ar ski resort, bhí mé sásta dul faoi choinne siúlóid bheag leis an atmaisféar réchúiseach a mhothú.

Bhí daoine óga ag ól seacláid the sna caifí nó ag roinnt crúiscíní beorach sna tithe tábhairne.

Sna siopaí bhí éadaí dearthóra sciála agus iad an-daor ach choinnigh mé an t-airgead a bhí fágtha agam le haghaidh turas gondola agus cupán seacláid the sular fhill mé ar an óstán ar an bhus.

Cé go raibh mé scriosta, bhí áthas an domhain orm go raibh mé ag teacht ar ais chuig mo sheomra sócúlach féin ag an Metropolitan… críoch fhoirfe le turas thar barr ar chathair thar barr. *

DEISEAL ÓN BHARR
margadh granville; vancouver ag luí na gréine; an traein go whislter

GRIANGHRAIF
tourism vancouver; matthew field

Raidió Fáilte

Gaeilge
NUACHT
ceol
craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Ón Cheathrú Ghaeltachta, Béal Feirste
Broadcasting from Belfast to the world

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Caithfidh teaghlaigh Éireannacha €1,020 ar na Nollaig i mbliana agus cé go gceapfá gur mór an méid é sin, is titim de breis is 10% é i gcomparáid leis an mbliain anuraidh.

Tá muid fós ag caitheamh i bhfad níos mó airgid ná an gnáth-theaghlach Eorpach, a chaitheann €590 ar an Nollaig áfach. Cé go bhfuil miondíoltóirí i bPoblacht na hÉireann ag impí ar lucht siopadóireachta a gcuid airgid a chaitheamh go háitiúil agus gan dul go dtí an taobh eile den teorainn, tá gach seans ann go mbeidh Éireannaigh ag caitheamh a gcuid airgid níos faide i gcéin ná an t-oileán beag seo againne.

Meastar go mbeidh 41% d'Éireannaigh ag déanamh a gcuid siopadóireachta ar an idirlíon de bharr na praghsanna a bheith níos ísle (79%), go gcuirtear na hearraí go dtí a dtithe (70%), agus chun na sluaite a sheachaint (63%).

Cibé áit a dhéanann tú do chuid siopadóireachta, go háitiúil nó ar an idirlíon, tá neart éagsúlacht ann. Bíodh praghas nó rogha ollmhór bronntanas i gceist. Is iad na bronntanais a bhfuil an tóir is mó orthu do dhaoine fásta i mbliana ná 1.Dearbháin, 2.Leabhair, 3.Éadaí/bróga, 4.Airgead, 5.Cosmaidí/cumhrán, 6.Bia/deoch, 7.Taisteal, 8.Ticéid (m.sh. seó, amharclann, srl.), 9.Seodra/uaireadóirí, 10.Cárta bronntanais.

Fiú má tá tóir níos mó ar na bronntanais áirithe seo thar aon cheann eile is iad an trí bhronntanas is mó a thabharfar do dhaoine fásta ná cosmaidí/ cumhrán, cártaí bronntanais agus leabhair.

B'fhéidir nach mbeidh slám chomh mór sin le seachadadh ag Daidí na Nollag i mbliana ach níl aon bhaol ann nach mbeidh sé chomh gnóthach céanna is a bhí gach uile bhliain eile agus é ag déanamh iarrachta cuairt a thabhairt ar gach uile pháiste ar a liosta.

Ó bhí mí Lúil ann tá a liostaí féin eisithe ag na siopaí móra de na bréagáin uile a shíleann siad a mbeidh an-tóir orthu. Cé go síleann roinnt daoine nach bhfuil anseo ach cleasaíocht an tsiopa chun a chinntiú go ndíolfar na bréagáin áirithe sin, ní féidir a shéanadh go bhfuil a leithéid ina chabhair do thuismitheoirí, d'aintíní agus uncailí ar fud na tíre atá i bponc agus iad ag iarraidh an bronntanas is fearr a cheannach do na páistí.

Tá bréagáin liostaithe ar an leathanach seo agus iad feiliúnach do pháistí d'aoiseanna éagsúla, cailíní agus buachaillí araon.

Comórtas

Tá muidne anseo i nGaelscéal ag iarraidh a bheith mar chabhair do Daidí na Nollag, mar sin tá deis agat roinnt bronntanas a bhuachan: Déarbhán €100 ó Smyth's, Babóg Baby agus Scrabble as Gaeilge.

Freagair an Cheist: Cá bhfuil cónaí ar Daidí na Nollag?

Seol téacs chuig: (086)0234255

Spriocdháta: 11/12/2010

1. Toy Story 3 Jet Pack Buzz Lightyear (Amazon.ie €29.99)
2. Animatazz (Pressieport.ie €24.99
3. Zhu Zhu Pet Grooming Salon (Smyth's Toys €19.89)
4. Lottso Huggin Bear (Tesco direct £39.97)
5. Monopoly Revolution (Littlewoodsireland.ie €39.00
6. Moon Dough Barn (Next.co.uk £20)
7. Babóg Baby (babogbaby.com €29.99)
8. Nerf-N Strike Stampede (Smyth's Toys €44.99)
9. Fireman Sam Deluxe Firestation (Smyth's Toys €32.49)
10. Junior Scrabble (glornangael.ie €10)
11 . Paper Jamz Guitar (Argos €22.49)

6 TEIC & GNÓ

‘Spacesport America’

Diarmuid Ó Muirgheasa

CUIMHNÍTEAR ar an gcogadh fuar idir an tAontas Sóivéadach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) ar an-chuid cúiseanna. Sa domhan teicneolaíochta, cuimhnítear orthu mar gheall ar an spás-rás, b’fhéidir an t-achar ama inar cuireadh an méid is mó airgid agus acmhainní daonna riamh i mbun oibre ar fhadhb teicneolaíochta nach raibh bunús cogaíochta leis. Meastar gur chaith SAM os cionn $20 billiún ar mhisean *Apollo*, agus gur chaith na Sóivéadaigh thart ar $10 billiún ar a gcuid misin siúd - agus b’shin daichead bliain ó shin! In airgead an lae inniu bheadh na figiúirí sin níos mó ná cúig oiread níos mó ná sin.

Nuair a tháinig deireadh leis an gcogadh fuar, agus fiú roimhe sin nuair a tháinig deireadh leis an rás chun na gealaí, cailleadh suim sa spás. Gan an cogadh fuar agus mórtas tíre le cúrsaí a dheifriú gearradh siar go mór ar an méid airgid a bhí á chaitheamh ar thaighde. Ní hé sin le rá gur cuireadh deireadh leis an infheistíocht ar fad, ach tá beagnach daichead bliain imithe ó sheas an fear deireanach, an Meiriceánach Eugene Cernan, ar dhromchla na gealaí. Is cosúil anois go n-imeoidh ar a laghad deich mbliana eile isteach sula leagfaidh éinne eile cos uirthi, agus is dócha go n-insíonn sé sin an scéal ar fad.

Tá an-chuid ar féidir a rá faoin gcailliúint suime sin, idir an tionchar a bhí aige le blianta anuas ar shuim daoine óga san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, agus an tionchar a bhí aige ar dhul chun cinn na teicneolaíochta i gcoitinne, agus b’fhéidir, fiú, an tionchar a bhí aige ar mhórtas tíre mhuintir na Stát Aontaithe. Lasmuigh de sin ar fad, áfach, tá sé i ndiaidh doras iontach mór ar fad a fhágáil ar oscailt do chomhlachtaí príobháideacha ar mian leo dul i mbun gnó sa spás.

Bhí an ‘doras oscailte’ seo sa nuacht arís le déanaí ar chúpla cúis. An ceann is mó, b’fhéidir, ná gur fhógair an comhlacht *The Spaceship Company* tús le tógáil na monarchan ina dtógfar spáslonga nua na haerlíne *Virgin Galactic*, *WhiteKnight 2* agus *SpaceShip 2*, i bhfásach Mojave in California. Timpeall an ama chéanna an tseachtain seo caite d’fhógair Barack Obama go mbeadh misean amháin eile ag an Spástointeálaí (space shuttle) an samhradh seo chugainn - ach ina dhiaidh sin, nach n-eitleoidh sé arís. Anois go bhfuil cinneadh déanta an clár *Constellation* a chur ar ceal, clár a bhí leis an gcéad ghlúin eile de spáslonga Meiriceánacha a dhearadh, fágfar SAM i lár na bliana seo chugainn gan aon mhodh le daoine nó earraí a chur chuig an spás-stáisiún idirnáisiúnta. Beidh siad ag brath ar spáslonga *Soyuz* na Rúise nó ar spáslong éigin deartha ag an earnáil phríobháideach le leanúint leis an spás-stáisiún mar thionscnamh.

B’fhéidir an comhartha is mó go dtí seo a léiríonn go bhfuil rudaí ag casadh i dtreo na hearnála príobháidí ná an spásfort *Spaceport America* atá suite 70km ó thuaidh ó Las Cruces i lár stát Nua-Mheicsiceo. Agus é sin á thógáil, agus $300 milliún á chaitheamh ag an rialtas áitiúil air agus na poist uile a ghabhann leis, tá lucht Cape Canaveral ag fulaingt cheana féin mar gheall ar an deireadh atá á chur leis an Spástointeálaí.

Tá Spaceport America ag feidhmiú cheana féin mar cheanncheathrú do Virgin Galactic agus iad i mbun tástála ar a spáslonga, *WhiteKnight 2* agus *Spaceship 2*. Tá Lockheed Martin, comhlacht a raibh ioncam de $45 billiún aige anuraidh, á úsáid mar ionad tástála chomh maith, agus comhlacht beag eile, UP Aerospace, i ndiaidh beagnach dosaen roicéad a lainseáil le ceithre bliana anuas.

Go dtí seo an plean atá ag Virgin Galactic ná an spásturasóireacht a chur ar fáil. Tá siad i ndiaidh os cionn $50 milliún a ghlacadh in éarlaisí ó os cionn 350 paisinéir go dtí seo. I measc na bpaisinéirí úda beidh an fathach gnó Éireannach Bill Cullen, na haisteoirí Angelina Jolie agus Brad Pitt, agus an stiúrthóir cáiliúil Bryan Singer. Cé go bhfuil dáta oifigiúil fós le socrú, meastar go gcuirfear tús leis na heitiltí uair éigin i lár na bliana seo chugainn.

Níos faide anonn sa todhchaí tá an il-iomad slíte a bhféadfadh dul chun cinn a dhéanamh san earnáil. Tá caint ann anois ar mhianadóireacht ar astaróidigh (*asteroids*) - deirtear go mbeadh luach de os cionn $20 trilliún leis an bplatanam in astaróideach miotail réasúnta beag. Ní gá labhairt ar na fadhbanna uile a ghabhann le tionscnamh dá leithéid, ach tá an saibhreas a ghabhfadh leis dochreidte chomh maith. Síltear go bhfuil luach $600 billiún billiún leis na miotail sa chrios astaróideach atá suite idir Mars agus Iúpatar - sin $100 billiún do gach fear, bean agus páiste sa Domhan.

N’fheadar cé chomh fada a thógfaidh sé ar dhaoine dul i mbun coilínithe amach sa spás i ndáiríre, ach le hoscailt *Spaceport America*, agus le tús tógáil na monarchan nua i bhfásach Mojave, tá dhá chéim iontach mór glactha i dtreo na físe sin.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE

Iarrtar iarratais ó dhaoine cáilithe go hoiriúnach don phost seo a leanas:

Airíoch/Freastalaí Páirtaimseartha
i
nGairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

- Cáilíochtaí & Coinníollacha Seirbhíse de réir théarmaí na Roinne Oideachais & Scileanna
- Tá an post agus an ceapachán faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais & Scileanna
- Dícháileofar aon duine a dhéanann canbhasáil

Is féidir foirmeacha iarratais agus breis sonraíochtaí poist a lorg ón Rannóg Pearsanra, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe (Teil. (091) 874528). Seoltar foirmeacha iarratais comhlánaithe chuig an rannóg sin faoi **4.00 i.n., Dé Céadaoin, 1 Nollaig, 2010**.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil freisin ó shuíomh Gréasáin an Choiste Gairmoideachais ag www.countygalwayvec.com

Seosamh Mac Donncha,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Is fostóir comhdheiseanna é Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

An Clár as Gaeilge Teo

Tá **OIFIGEACH FORBARTHA** á lorg ag ***An Clár as Gaeilge Teo.***, an togra páirtnéireachta forbairt teanga pobail do Chontae an Chláir.

Critéir Riachtanacha:

- Taithí 5 bliana ar a laghad i réimse forbartha na Gaeilge
- Taithí 3 bliana ar a laghad i mbainistíocht acmhainní daonna
- Ardchumas i nGaeilge labhartha agus scríofa
- Ardscileanna cumarsáide, ríomhaireachta agus caidreamh poiblí
- Taithí ar obair faoi bhrú agus spriocanna a chomhlíonadh
- Ábalta plé le pleanáil agus feidhmiú réimse leathan imeachtaí
- Ábalta plé leis an bpobal agus tuiscint ar chaighdeán dea-chleachtais

Conradh bliana atá ann le deis síneadh go trí bliana ag brath ar fheidhmíocht.

Tuarastal: €29,029 sa bhliain

Seol litir iarratais agus CV chuig:
An Rúnaí, An Clár as Gaeilge Teo.,
5 Ardán Naomh Antaine, Inis, Co. an Chláir

Spriocdháta do iarratais ná: An Mháirt, 30 Samhain 2010.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge

Glór Cheatharlach

Oifigeach Forbartha Gaeilge 2011-2013

Tá GLÓR CHEATHARLACH ag lorg iarratais do phost mar Oifigeach Forbartha Gaeilge lena dtionscnamh chun an Ghaeilge a chothú, a fhorbairt agus a chur chun cinn i ngach aon ghné de shaol an phobail i gCeatharlach a chur i gcrích.

- Tá duine fuinniúil, bríomhar le bua na cumarsáide ag teastáil.
- Beidh ardchaighdeán agus cruinneas sa Ghaeilge labhartha agus scríofa ag an té a cheapfar.
- Beidh taithí/cáilíocht aige/aici in obair phobail agus leis na meáin.
- Beidh sé/sí cumasach i gcúrsaí riaracháin, margaíochta agus ríomhaireachta.

Is post trí bliana é seo le tosú Eanair 2011. Tuarastal: €29,029.

**Iarratais móide C.V. roimh 5 i.n. ar Dé hAoine,
3ú Nollaig 2010 chuig:
An Cathaoirleach,
Glór Cheatharlach,
Ionad Gnó Gateway Cheatharlach,
Bóthar Átha Í, Ceatharlach.**

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhionannas deiseanna é Glór Cheatharlach.

Urraithe ag Foras na Gaeilge

CUMANN GAELACH NA hEAGLAISE

OIFIGEACH FORBARTHA GAEILGE

Post ar chonradh 3 bliana atá i gceist

Critéir Riachtanacha:

- Ardchaighdeán agus cruinneas i scríobh agus i labhairt na Gaeilge
- Ardscileanna ríomhaireachta
- A bheith ábalta obair as a stuaim féin agus faoi threoir Choiste
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide
- Cumas ar fhorbairt na Gaeilge i bpobal Eaglais na hÉireann
- Spás cuí oibre/oifige ar fáil sa bhaile

Inmhianta: ceadúnas glan tiomána

***Seol litir iarratais agus CV roimh an 15 NOLLAIG 2010
ar ríomhphost chuig***
cge1914@gmail.com

Beidh na hagallaimh ar siúl ar an 22 Nollaig.

*Tuarastal túsphointe scála €29,029. Eolas breise ar fáil trí ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh thuasluaite.
Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.*

Eolas faoi Cumann Gaelach na hEaglaise:
www.cumanngaelachnaheaglaise.blogspot.com

Is fostóir comhionannais deise é Cumann Gaelach na hEaglaise

Foras na Gaeilge

Bhfuil folúntais agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

Tá Glór na Móna

Ar lorg

Oifigeach Forbartha Gaeilge

**Post lánaimseartha: Trí bliana
Eanáir 2011 – Nollaig 2013**

Critéir Riachtanacha:

- Gaeilge líofa idir labhairt agus scríobh.
- Taithí ar bhainistiú cláir imeachtaí agus forbairt plean oibre pobail.
- Taithí ar theagasc agus ar stiúradh cúrsaí oideachais
- Taithí ar obair óige is forbairt tionscadail óige
- Duine fuinniúil gníomhach féinmhuiníneach a dtig leis/léi obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus riaracháin.

Tuarastal Túsphointe Scála £24,089 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.

Seolfar CV chuig Cathaoirleach Glór na Móna ag an seoladh thíos:

**Feargal Mac Ionnrachtaigh, Cathaoirleach
Glór na Móna, 199 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6FB**

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Feargal ar feargal@forbairtfeirste.com nó cuir scairt air 07841101630

Spriocdháta iarratais: **Luan 6ú Nollaig 2010 5pm,** Agallaimh ar an **Mháirt 14ú Nollaig 2010.**

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhdheiseanna é Glór na Móna

Foras na Gaeilge

glór na móna

Tá Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar ag lorg

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Is post lánaimseartha trí bliana é seo. Beidh an tOifigeach ann le clár gníomhaíochtaí Gaeilge a chur i gcrích.

Critéir Riachtanacha:
• Ardchaighdeán Gaeilge aige, idir labhartha agus scríofa
• Taithí ar ghníomhaíocht Phobail agus forbairt straitéiseach
• Scíleanna maithe idirphearsanta agus ríomhaireachta
• Duine atá in ann obair as a stuaim féin.

Tuarastal Túsphointe Scála £24,089 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.

Ní mór d'iarratasóirí litir iarratais ag léiriú a gcuid scileanna, cáilíochtaí agus taithí, mar aon le CV reatha a sheoladh chuig:

**An Rúnaí:
Conradh na Gaeilge , Boirche Íochtar,
392 Bóthar na Glasdromainne,
Áth na Long, An tIúr, Contae an Dúin, BT34 4WQ**

Datá druidte: Dé hAoine 3ú Nollaig 2010 ar 12 meán lae

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rúnaí ach teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí:
info@lowermournecnag.com

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge
Is fostóir comhdheiseanna é Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar.

Foras na Gaeilge

Muintir Chrónáin Teoranta
Tá Muintir Chrónáin Teoranta ag lorg iarratais ó dhaoine a bhfuil spéis acu i bpost mar

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Seo a leanas na critéir riachtanacha:

- Ar a laghad 5 bhliain taithí oibre i réimse forbartha na Gaeilge
- Ar a laghad 3 bhliain taithí oibre i mbun bainistíocht dhaonna
- Taithí i mbainistíocht Ionad Cultúrtha Gaeilge
- Ardchumas líofachta i nGaeilge labhartha agus scríofa
- Ábalta réimse leathan imeachtaí a phleanáil agus a fheidhmiú
- Taithí ar obair faoi bhrú agus spriocdhátaí a chomhlíonadh
- Ábalta plé le réimse fairsing imeachtaí, ceannródaíoch agus cruthaitheach.
- Ardscileanna cumarsáide, ríomhaireachta, caidrimh poiblí agus tuiscint ar thábhacht ardchaighdeán seirbhíse riachtanach.
- Taithí ar phlé leis an bpobal, le gnóthaí agus leis na hÚdaráis áitiúla.

Tuarastal Túsphointe Scála: €29,029 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí

Seol litir iarratais comh maith le CV roimh an Mháirt 7 Nollaig 2010 chuig: **An Cathaoirleach, Muintir Chrónáin Teoranta, Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22**

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge
Is fostóir comhionannais deise é Muintir Chrónáin Teoranta

Foras na Gaeilge

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Gaelphobal

Cuireann Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin atá lonnaithe ar an Srath Bán i gContae Thír Eoghain, fáilte roimh iarratais ó dhaoine a mbeadh spéis acu sa phost mar Oifigeach Forbartha Gaeilge.
Post lánaimseartha trí bliana atá i gceist
Eanáir 2011- Mí na Nollag 2013 (Tuarastal ag toiseacht ag £24,089)

Critéir Riachtanacha:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, agus taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine aonaracha, le heagraíochtaí agus leis na meáin.
- Taithí i bhforbairt phobail, go háirithe le pobal na Gaeilge
- Taithí ar imeachtaí a reáchtáil agus bheith i gceannas ar imeachtaí
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus idirlín

Má tá suim agat sa phost seo seol litir iarratais chomh maith le CV chuig: Máire Ní Dhochartaigh, Gaelscoil Uí Dhochartaigh, Eastát Bhaile Cholmáin, An Srath Bán, BT82 9AQ

Guthán: (028) 71885388 nó (048) 71885388

Spriocdháta iarratais: 3.00in Déardaoin 2 Nollaig, 2010
Is fostóir comhionannais deise é Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin
Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge

Urraithe ag Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Bí ag Smaoineamh ar an Timpeallacht seachtaine um Dhramhaíl a Chosc

Tá a fhios againn ar fad go ndéanann an iomarca dramhaíola aimhleas na timpeallachta ach, mar dhaoine aonair, céard is féidir linne a dhéanamh chun an dochar a dhéanann ár ngníomhaíochtaí laethúla don timpeallacht a laghdú. An rogha is fearr ná féachaint le cruthú dramhaíola a chosc nuair is féidir.

Déanann sé leas na timpeallachta dramhaíl a chosc sula gcruthaítear ar chor ar bith í - tar éis an tsaoil mura gcruthaíonn tú dramhaíl ní bhíonn ort an oiread céanna acmhainní luachmhara a ídiú, ar nós uisce, ola agus mianraí.

Céard is Brí le Dramhaíl a Chosc?

Is féidir cosc a shainmhíniú mar seo - aon ghníomh a laghdaíonn dochar don timpeallacht. Is é dramhaíl a chosc ag an bhfoinse an rogha is fearr mar, mura gcruthaíonn tú í, ní gá duit fáil réidh léi! Go simplí, is éard atá ann ná DRAMHAÍL A STOPADH SULA dTOSAÍONN SÍ!!!

Cruthaíonn an chuid is mó againn dramhaíl nach bhfuil gá léi - bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil caithimid amach thart ar 30% den bhia a cheannaímid - caitear amach cuid amháin ar a laghad de gach 2 leitís a cheannaítear. Ar na hearraí bia eile a chaitear amach go rialta tá pasta, rís, arán, torthaí agus glasraí.

Cén Chaoi le Dramhaíl a Chosc - céimeanna beaga, athruithe móra!

Níl sé éasca dramhaíl a chosc - bíonn orainn breathnú ar an gcaoi a gcaithimid ár saol agus ar gach rogha a dhéanamid - ach is feidir linn go léir cúrsaí timpeallachta a fheabhsú ach a bheith cúramach agus roinnt athruithe beaga a dhéanamh. Tá ár dtimpeallacht ag brath orainn!

Chun dramhaíl a chosc caithimid a bheith ag cur na ceiste seo orainn féin agus muid ag ceannach rudaí - an dteastaíonn sé seo uaim i ndáiríre! Ansin ceannaímis agus úsáidimis níos lú más féidir.

Caithimid amach 30% den bhia a cheannaímid! Gníomhaíochtaí a bhaineann le bia, is ionann iad agus 71.2% den fhuinneamh teaghlaigh a úsáidimid!

Dramhaíl a Chosc sa Bhaile

Úsáidimid go léir rudaí sa bhaile nach gá a úsáid mar go mbíonn rogha eile againn is féidir a athúsáid. Mar shampla, boscaí aerdhíonacha (airtight) a úsáid in ionad bia nó lóin a chlúdach le scragall stáin (tinfoil) nó scannán cumhdaithe (cling film). Mar náisiún úsáidimid thart ar 200kg de pháipéar gach bliain - nuachtáin, pacáistiú páipéir srl - meáchan tíogair lánfhásta! Úsáidtear crainn agus na mílte lítear uisce chun an páipéar sin a dhéanamh.

Mar sin céard is féidir linn a dhéanamh chun an comhshaol a chosaint?

• Déan do mhachnamh sula dtosaíonn tú ag priontáil agus, más gá, bí cinnte go bpriontálann tú ar dhá thaobh an leathanaigh
• Ná tóg nuachtáin saor in aisce nach léifidh tú - bain úsáid as an idirlíon le haghaidh nuachta
• Bain úsáid as coimeádáin in-athúsáidte (reusable containers)
• Bí cruthaitheach le rudaí a bhíonn fágtha gan úsáid
• Ceannaigh táirgí ardchaighdeáin is féidir a uasghrádú chun cur lena saolré
• Cothabháil rialta agus deisiú chun cur le saolré do chuid táirgí

Agus Tú ag Siopadóireacht

Caithimid amach thart ar 30% den bhia a cheannaímid. Bíonn orainn an bia breise sin ar fad a thabhairt abhaile ó na siopaí, a chócaráil, a chur sa chuisneoir, a dháileadh am béilí agus, dar ndóigh, na gréithe a ní ina dhiaidh. Gníomhaíochtaí a bhaineann le bia, ar nós cuisniú (refrigeration), cócaireachta agus glanadh, is ionann iad agus 71.2% d'úsáid fuinnimh teaghlaigh. Seo roinnt leideanna le tabhairt chun cuimhne agus tú ag siopadóireacht:

• Déan pleanáil roimh ré ionas nach mbeidh tú ag ceannach ach an méid atá uait. Bí ar an airdeall ar thairiscintí speisialta nach n-úsáidfidh tú
• Cuir bia sa reoiteoir ionas go mairfidh sé níos faide
• Ceannaigh torthaí agus glasraí ina gceann agus ina gceann
• Tabhair leat do mhála siopadóireachta in-athúsáidte
• Ceannaigh níos lú pacáistithe - beidh ort íoc chun fáil réidh leis
• Bí ag faire ar aermhílte do chuid bia - ceannaigh go háitiúil chomh minic agus is féidir
• Pleanáil do chuid bia chun úsáid a bhaint as táirgí áitiúla ina séasúr féin

Cén fáth Dramhaíl a Chosc?

• Níos lú dramhaíola á diúscairt mar ábhar líonta talún, níos lú trucailí ar an mbóthar, níos lú láithreáin líonta talún agus níos lú fuinnimh á úsáid
• Is é an toradh ar níos lú dramhaíola ná CO_2 a shábháil, agus gáis cheaptha teasa eile ar cúis iad le hathrú aeráide
• Is é an toradh ar níos lú dramhaíola ná caomhnú acmhainní luachmhara ar nós crann, ola, miotal, uisce agus fuinnimh

Cuimhnigh - Déanann sé ár leas smaoineamh ar dhramhaíl a chosc!

• Má úsáidimid níos lú, ba cheart go gcosnódh sé níos lú orainn

Leideanna glasa le haghaidh bronntanas

• Ná déan dearmad go gcuirtear páipéar beartán isteach sa bhosca bruscair, fiú más bosca bruscair athchúrsála é - is fearr úsáid a bhaint as málaí bronntanais in-athúsáidte
• Smaoinigh ar dhearbháin le haghaidh earraí nó seirbhísí a cheannach in áit bronntanas
• Ná húsáid cártaí bronntanais - scríobh go díreach ar an mbronntanas

Múirín a Dhéanamh sa Bhaile

Ach múirín a dhéanamh, is féidir dramhaíl orgánach ar nós málaí tae, torthaí, craiceann glasraí agus dramhaíl ghairdín a athrú ina táirge luachmhar agus is féidir leis laghú suas le 35% a dhéanamh ar an méid dramhaíl teaghlaigh a sheolann tú chuig líonadh talún.

Smaoiníonn a lán daoine ar mhúirín a dhéanamh ach ansin ní bhaineann siad triail as toisc go mbíonn faitíos orthu roimh mhíolra, bolaithe agus cuileoga. Ach roinnt próisis shimplí a leanúint agus réamhchúram a dhéanamh, is féidir na fadhbanna sin a shárú agus beidh tú in ann múirín a dhéanamh go maith agus taitneamh a bhaint as.

I gCaitheamh na

Is féidir leat múirín a dhéanamh de na nithe seo a leanas

DRAMHAÍL GHLAS	DRAMHAÍL DHONN
Scotháin (clippings) ó phlandaí gairdín úra	Ábhar marbh ó phlandaí
Málaí tae	Múirín caite nó cré
Ábhar meilte le haghaidh caife (coffee grounds)	Méid teoranta páipéir agus cairtchláir
Craiceann torthaí agus glasraí amha Dramhaíl ghairdín	Min sáibh Boscaí uibheacha

Ní féidir leat múirín a dhéanamh de mhiotail ná plaisteach, olaí, táirgí déiríochta, min sáibh chóireáilte, easair madraí/cat ná ciarsúir chaite.

Cén chaoi le múirín a dhéanamh go maith?

An chéad chéim ná go mbeadh an meascán dramhaíola cothromaithe mar atá sonraithe thuas, agus an dara céim ná an múirín a mheascadh go minic. Tá sé an-tábhachtach an áit cheart a roghnú don bhosca bruscair múirín - roghnaigh áit i do ghairdín nach mbíonn róghrianmhar agus ina bhfuil ithir shaorshilteach. Cinnteoidh sé sin go mbeidh do mhúirín fliuch ach dea-aeraithe freisin agus meallfaidh sé feithidí agus, ar deireadh thiar, múirín níos fearr. Bíodh an bosca bruscair múirín in áit ina bhfuil sé éasca teacht air - ná bíodh dua ag baint lena úsáid.

Ionaid Beir Leat

Agus tú ag úsáid do chuid ionaid beir leat áitiúla, bí cinnte, le do thoil, nach bhfágann tú boscaí ná málaí i do dhiaidh. Is caitheamh bruscair é sin agus, má tharlaíonn an iomarca de, beidh an baol ann go ngearrfar fíneáil ort nó go gcuirfear deireadh leis na hionaid. Tá córais TCI (CCTV) i bhfeidhm ag a lán de láithreáin ionad beir leat na comhairle agus tá siad tar éis cuidiú go mór leis an méid caitheamh bruscair agus dumpáil mhídhleathach ag na láithreáin sin a laghdú. Táimid ag spreagadh an phobail chun úsáid a bhaint as boscaí bruscair poiblí nó a gcuid dramhaíola a thabhairt abhaile leo - is ar ár leas uile é ár gcontae a choinneáil glan.

Leideanna glasa le meabhrú:

- Déan do mhachnamh ar an gcaoi ar féidir leat d'éifeacht ar an gcomhshaol a laghdú
- Bain úsáid rialta as an ionad beir leat agus as an ionad athchúrsála is gaire duit
- Déan a oiread dramhaíola agus is féidir a chosc
- Déan a oiread dramhaíola agus is féidir a athchúrsáil
- Ná dóigh dramhaíl
- Mura ndéanann tú cheana féin é, tosaigh ag déanamh múirín - is féidir múirín a dhéanamh de suas le 35% de dhramhaíl teaghlaigh agus den chuid is mó de dhramhaíl ghairdín - an toradh a bheidh air ná go sábhálfaidh tú airgead!
- Caomhnaigh fuinneamh agus uisce nuair is féidir

Táimid an-bhuíoch díot as an am a ghlacadh chun an t-alt seo a léamh. Tá tuilleadh eolais ar dhramhaíl a chosc agus ar bhainistiú dramhaíola ar fáil ón Rannóg Comhshaoil, Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 091-476402 nó environment@galwaycoco.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú leis an tSeachtain Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc.

ceart agus cóir

'Ábharachas': Cad is brí leis?

"Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine" a deir an seanfhocal ach an bhfuil sé fíor?

Conn Ó Muineacháin

Nuair a bhí geilleagar na tíre i mbarr a shláinte, bhí sean-phort ar leith a chloisfí ó am go céile, is é sin: go raibh an sean-mhuintearas agus cineáltacht a bhíodh ag na daoine fadó caillte.

Dúradh go raibh an iomarca béime ar obair agus ar mhaoin, agus go raibh na luachanna traidisiúnta fágtha ar lár.

'Ábharachas'. Tá blas cáinteach air mar fhocal. Ach cad is brí leis i ndáiríre? Agus cé acu is ábharaí (materialist): an duine bocht nó an duine saibhir? Ach ní féidir an cheist sin a fhreagairt i gcás duine amháin. Níl mórán brí ag focail arnós 'bocht' nó 'saibhir' agus tú ag plé leis an nduine aonair. Is i gcomparáid le daoine eile a mheastar na cáilíochtaí sin. Baineann na ceisteanna sin leis an tsochaí. Is ceisteanna socheolaíochta iad. Ní socheolaí mise, ach níor chuir sé sin stop liom agus mé 'Ar Strae sa tSaotharlann'. Fuair mé cabhair agus treoir an tseachtain seo ón Dr Iarfhlaith Watson ó Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath.

Mhúin Iarfhliath focal nua dom: an t-iar-ábharachas. Tréith is ea é seo a fheictear i sochaithe atá cuibheasach saibhir agus slán thar tréimhse ama. Nuair nach bhfuil daoine imníoch agus amhrasach faoi riachtanais na beatha - bia, teach, obair, airgead - is amhlaidh go mbíonn claonadh acu a bheith níos lú ábharach, seachas a mhalairt.

Daoine a bhfuil luachanna iar-ábharaíocha acu, cuireann siad níos mó béime ar rudaí cosúil le féiniúlacht agus intleachtúlachas, ar shaoirse agus ar chearta, ná mar a chuireann siad ar rudaí ábharacha.

Mar shampla, an duine le tréithe ábharaíocha cuirfidh sé níos mó spéis i bpraghas an lítir bhainne ná sa timpeallacht. A mhalairt atá fíor i gcás an duine atá iar-ábharaíoch.

Mar a mhíníonn Iarfhlaith an scéal, ní h-é do stádas eacnamaíochta an príomh-rud a bhfuil tionchar aige ar do chuid ábharachais, ach na coinníollacha a bhí i bhfeidhm ort agus tú ag fás agus ag forbairt.

Dar leis an taighde socheolaíochta atá déanta sa réimse seo, má tógadh le compord tú agus tú óg, slán ón mbuairt maidir le cúrsaí airgid, ansin tá seans níos fearr go mbeidh dearcadh iar-ábharaíoch agat.

Le daichead bliain anuas nó mar sin, tá na tréithe seo á sonrú i sochaithe saibhre na dtíortha forbartha. Ní fás aon oíche é: tarlaíonn sé diaidh ar ndiaidh. De réir mar a fhásann na glúine óga le flúirse, cuirtear le líon na ndaoine iar-ábharaíocha, agus bíonn tionchar aige sin dá bharr ar an sórt sochaí a dhéanann siad.

Bhí an tréimhse rachmais sa tír seo gearr, ach mar sin féin, tá go leor páistí a d'fhás ina fir agus ina mná sa tréimhse sin. Ach, suntasach go leor, deir Iarfhlaith nach bhfuil an dearcadh iar-ábharaíoch chomh coitianta in Éirinn agus a bheifeá ag súil leis, más fíor don taighde ó thíortha eile.

Níl mórán brí ag focail arnós 'bocht' nó 'saibhir' agus tú ag plé leis an nduine aonair. Is i gcomparáid le daoine eile a mheastar na cáilíochtaí sin. Baineann na ceisteanna sin leis an tsochaí. Is ceisteanna socheolaíochta iad.

An amhlaidh gur fhan an t-amhras agus an easpa muiníne linn an t-am ar fad, ainneoin na 'ndea-bhlianta'?

Tá teoiric ag Iarfhlaith Watson. I measc na difríochtaí idir fás na heacnamaíochta in Éirinn agus in áiteanna eile tá seo: níor dáileadh an saibhreas chomh cothrom céanna anseo.

Tá go leor daoine a rinne go maith le linn na tréimhse sin agus a chaith go leor airgid. Is cinnte go bhfuil go leor daoine iar-ábharaíocha i measc na páistí a thóg siadsan.

Ach b'fhéidir gur chothaigh an éagothromaíocht míshásamh i measc na ndaoine nach raibh chomh saibhir chéanna. Mí-shásamh agus b'fhéidir, ábharachas, ainneoin go raibh na daoine sin fós 'saibhir', i gcomparáid le tíortha eile mar shampla.

Teastaíonn a thuilleadh taighde ar an dteoiric seo, ach is léargas maith é ar obair an tsocheolaithe. Tá go leor le foghlaim ón méid a tharla le sochaí na hÉireann le 20 bliain anuas, eachtraí a bhí éagsúil go maith ó thír ar bith eile ar domhan. Agus is chun ár leasa féin a bheadh sé dá gcuideodh an léargas socheolaíochta linn na botúin chéanna a sheachaint agus sinn ag bualadh bhóthar na h-athshlánaithe arís athuair. B'fhéidir go bhféadfaí córas níos cothromaí a thógáil an uair seo. Agus b'fhéidir nár mhiste mura mbeadh sí chomh ábharaíoch an t-am seo?

Amárach ar an gclár, cloisfear agallamh leis an Dr Watson faoi seo aguis faoi ghnéithe eile den socheolaíocht. Agus cloisfear freisin an comhrá a rinneamar leis an gCoimisinéar Eorpach don Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Máire Geoghagan-Quinn in éineacht le heolaithe óga na Gaillimhe.

"Ar Strae sa tSaotharlann", clár na h-eolaíochta agus na timpeallachta ar RTÉ Raidio naGaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.

8 BEATHA

Duaiseanna móra litearthaha na hÉireann bronnta

Meadhbh Ní Eadhra

Bhí ócáid ollmhór i saol litríochta na hÉireann ar siúl sa Mansion House ar Sráid Dawson i mBaile Átha Cliath aréir. Ócáid bhronnta na Bord Gáis Energy *Irish Book Awards* a bhí i gceist, don chúigiú bliain riamh.

Bhronn Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, an duais Bob Hughes do Ghaisce Saoil ar Maeve Binchy, agus is iad na húdair eile a bhuaigh duaiseanna aréir ná **Emma Donoghue, Neil Richardson, Paul Howard (Ross O'Carroll Kelly), Ryan Tubridy, Gene Kerrigan, Donal Skehan, Niamh Sharkey, Derek Landy, John Giles agus Donal Óg Cusack.**

Caitheadh os cionn 30,000 vóta poiblí chun na buaiteoirí a roghnú agus bhí os cionn caoga údar Éireannach bailithe le chéile ag an ócáid aréir chun ceiliúradh a dhéanamh ar litríocht na hÉireann. Bhí údair a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach acu i láthair ag an ócáid, leithéidí Colum McCann, Cecelia Ahern, Paul Murray, Roddy Doyle, Cathy Kelly, Alex Barclay agus John Boyne. Bhí captaen rugbaí na hÉireann, Brian O'Driscoll, ann freisin, chomh maith leis na craoltóirí Joe Duffy agus Matt Cooper, fear a raibh leabhar ar an ngearrliosta aige.

Bhí deich catagóir éagsúil ann le **réimse leathan buaiteoirí. Rud atá suntasach ná nach raibh catagóir ar bith ann do leabhair Ghaeilge agus ní raibh leabhar Gaeilge ar bith ar an ngearrliosta don chomórtas, cé gurb iad seo cuid de na duaiseanna is mó i saol litríochta na hÉireann.**

Is iad na leabhair a bhuaigh duaiseanna sa deich catagóir ná: *Room* le Emma Donoghue, *Come What May* le Donal Og Cusack, *Dark Times in the City* le Gene Kerrigan, *A Coward If I Return A Hero If I Fall* le Neil Richardson, *The Oh My God Delusion* le Ross O'Carroll Kelly, *A Football Man* le John Giles, *JFK in Ireland: Four Days that Changed a President* le Ryan Tubridy, *Good Mood Food* le Donal Skehan, *On the Road with Mavis and Marge* le Niamh Sharkey agus *Skulduggery Pleasant: Mortal Coil* le Derek Landy. Chomh maith leis sin, bronnadh duais speisialta eile ar Derek Landy as an chéad leabhar sa tsraith Skulduggery Pleasant, duais don leabhar is fearr le deich mbliana anuas.

Roimh an ócáid bhronnta, labhair **Meadhbh Ní Eadhra** le cuid de na húdair a bhí ainmnithe ar an ngearrliosta. Seo a bhí le rá acu:

Niamh Sharkey (On the Road with Mavis and Marge)
Tá an-áthas orm a bheith ar an ngearrliosta. Is buaicphointe é nuair a éiríonn leat áit a bhaint amach ar ghearrliosta nó rud ar bith mar sin, agus tá sé iontach aitheantas a fháil do do chuid scríbhneoireachta. Tá páistí agam agus tá sé iontach dóibh siúd nuair a tharlaíonn rud mar seo freisin. Bíonn sé go deas na páistí a bheith thart orm agus ó thaobh mo chuid scríbhneoireachta de, cuidíonn siad le taighde margaidh a dhéanamh. Seo an cúigiú leabhar atá foilsithe ag Walker Books dom. On the Road with Mavis and Marge is ainm dó agus fuair mé an smaoineamh ó mhúrmhaisiú a bhí i scoil m'iníon, le pictiúir de shicíní agus madra air. Chuir sé ag smaoineamh mé faoi saor-raoin mé (*free-range*), agus faoi é sin a thógáil chomh fada agus is féidir. Tá suim agam i ndearadh an leabhair chomh maith leis an scéal agus déanaim dearadh ar mo chuid léaráidí féin.

Michael Murphy (At Five in the Afternoon)
Bhí an-iontas orm a bheith ar an ngearrliosta, caithfidh mé a rá. Tháinig an smaoineamh don leabhar seo chugam thart ar 10 lá i ndiaidh dom obráid a bheith agam mar gheall ar ailse sínte (*prostrate cancer*). Bhí mo ríomhaire glúine agam san ospidéal agus thóg sé m'aigne ón bpian. Sin nuair a thosaigh mé ag scríobh an leabhar, agus anois tá sé foilsithe agus tá an-áthas orm gur éirigh liom áit a bhaint amach ar an ngearrliosta!

Derek Landy (Skulduggery Pleasant: Mortal Coil)
Tá sé i gceist agam sult a bhaint as an ócáid (bronnadh na nduaiseanna). Ba mhaith liom stíl George Clooney a bheith agam. Bhuel, déanfaidh mé mo dhícheall ach níl a fhios agam an éireoidh liom é a dhéanamh i gceart! Fuair mé amach i rith an tSamhraidh gur bhuaigh mo chéad leabhar sa tsraith *Skulduggery Pleasant* Duais don leabhar is fearr le deich mbliana anuas. Mar sin tá a fhios agam go mbeidh mé ag glacadh le duais amháin ar a laghad ag an ócáid. Tá sé iontach a bheith ar an ngearrliosta seo ach déarfainn go bhfuil sé deacair do leithéidí John Banville agus scríbhneoirí mar sin, mar is iad an pobal a bhíonn ag vótáil agus níl a fhios agam an mbeadh sé de nós ag a gcuid léitheoirí a bheith ag vótáil ar líne. Bíonn na páistí ar nós arm de chineál éigin agus iad go léir ag vótáil!

Alex Barclay (Time of Death)
Bhí an-iontas orm anuraidh nuair a bhuaigh mé an duais do leabhar ficsin coir na bliana. Ní raibh mé réidh ar chor ar bith le dul suas ar an stáitse! Ach i mbliana, táim cinnte nach mbeidh orm éirí ó mo shuíochán, tá neart leabhair iontacha in iomaíocht liom. Beidh sé deas a bheith ag an ócáid ach bím neirbhíseach go leor ag dul go rudaí mar seo.



Sarah Webb (Ask Amy Green: Bridesmaid Blitz)
Tá sé ar fheabhas a bheith ar an ngearrliosta do mo leabhar nua, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair. Bhí mé ag scríobh leabhair do dhaoine fásta le blianta agus mar sin tá sé deas aitheantas a fháil do leabhar do pháistí atá scríofa agam. Tá sé dírithe ar chailíní óga sna déaga agus sílim go bhfuil easpa leabhair ann don mhargadh seo. Is breá liom a bheith ag scríobh dóibh agus is cuimhin liom go maith na laethanta a chaith mé féin agus mé ag an aois sin.

Sinead Moriarty (Pieces of my Heart)
Tá sé andheas a bheith ar an ngearrliosta don duais seo mar is post aisteach í an scríbhneoireacht; caitheann tú an oiread sin ama i d'aonar go n-éiríonn tú saghas paranóideach. Bíonn aitheantas de chineál ar bith go hiontach. Tá an leabhar seo faoi neamhord itheacháin agus rinne mé go leor leor taighde dó. Tá anáthas orm go ndearna mé sin, mar fuair mé freagairt iontach air agus bhí sé an-suimiúil an taighde a dhéanamh. Tá neamhoird itheacháin ag éirí níos coitianta i measc cailíní agus buachaillí, agus ceapaim go bhfuil íomhá an choirp agus mná chun tosaigh i gcónaí ag saol mná agus tá sé suimiúil aghaidh a thabhairt air seo. Scríobh mé an leabhar thart ar dhá bhliain ó shin agus tá ceann eile scríofa agam ó shin.



Maeve Binchy, a bhuaigh Duais Mór mar gheall ar Ghaisce Saoil a dhéanamh i saol litríochta na hÉireann.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Aistriúcháin Bhéarla ar ghearrscéalta Gaeilge ag teastáil

Meadhbh Ní Eadhra

Tá *Dalkey Archive Press*, a fhoilsíonn an díolaim bhliantúil *Best European Fiction*, ag lorg leaganacha Béarla de ghearrscéalta Gaeilge. Tá síneadh curtha acu leis an spriocdháta d'iarratais go dtí 3 Nollaig. Tá na treoirlínte mar a bhí blianta eile. Ní ghlacfar le scéalta atá ann le breis agus 5 bliana anuas agus ní ghlacfar le scéalta ar foilsíodh leagan Béarla díobh cheana.

Ní mór idir 2,500 agus 5,000 focal a bheith sna scéalta. Seoltar iarratais chuig zuckerman@dalkeyarchive.com nó davies@dalkeyarchive.com. Glacfaidh siad le suas le trí scéal ó Ionad Liteartha na Mumhan agus le scéal amháin, ar an méid, ó gach údar.

Más rud é go raibh údair áirithe ar an ngearrliosta blianta eile, is féidir leo cur isteach ar an gcomórtas seo.

Ní féidir, áfach, saothar le húdair a bhí sa díolaim cheana a chur isteach.

Blúiríní Litríochta

Meadhbh Ní Eadhra

Seoladh Buile Shuibhne agus Cuimhní Pinn, Cuimhní Cinn

Seolfar dhá leabhar nua le Seán Ó Sé (1939-1995): Buile Shuibhne agus Cuimhní Pinn, Cuimhní Cinn, i gClub Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, BÁC 2 Dé hAoine seo chugainn (3 Nollaig) ag 7in. Tá fáilte mhór roimh chách.

Ba é Liam Prút a chuir an dá leabhar in eagar agus tá siad le fáil sa Siopa Leabhar (6 Sráid Fhearchair, BÁC 2) agus sa Chaife Liteartha (An Daingean, Ciarraí). Beidh Ríonach Uí Ógáin (Stiúrthóir, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath) ag labhairt mar aoi speisialta ann. Bhíodh Seán Ó Sé ina leasphríomhaistritheoir i nDáil Éireann idir 1986 agus 1995. Bhí seoladh eile ann den dá leabhar seo i gCiarraí cheana, sa Chaife Liteartha, i mí Lúnasa. Cainteoir dúchais Gaeilge ab ea Seán Ó Sé as Gallaras i gCorca Dhuibhne i gCiarraí.

Bhí cónaí air lena bhean chéile Beatrice agus a seachtar clainne i mBaile Baodáin i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ar an bhfoireann aistriúcháin a d'oibrigh ar na Conarthaí Eorpacha sa Bhruiséil sna blianta 1971-72. Luaitear Buile Shuibhne leis an 12ú haois. Cuirtear síos ann ar an rí Suibhne, a bhí ina rí ar limistéar d'Éirinn go dtí gur cuireadh mallacht air.

Tá an fhilíocht álainn dúlra sa scéal seo ar na seoda is tarraingtí i litríocht na Gaeilge agus an domhain mhóir agus tá cuid de shaothar T.S. Eliot, Seamus Heaney agus Flann O'Brien bunaithe air.

Seo an chéad uair riamh gur cuireadh an buntéacs iomlán de Buile Shuibhne, idir fhilíocht agus phrós, ar fáil i nGaeilge an lae inniu. Is bailiúchán é Cuimhní Pinn, Cuimhní Cinn de shaothar liteartha Sheáin Uí Shé agus de na cuimhní cinn atá ag a chairde agus ag a lucht aitheantais air. Cuirtear ar fáil ann iomlán a shaothair - na haistí, na dánta, na gearrscéalta agus na léirmheasanna.

Tá aistí staire ann faoi Sháipéilín Ghallarais agus faoin iománaíocht i gCiarraí.

Litríocht nuachumtha as Gaeilge de dhíth!

Reáchtálfar chéad Oireachtas Gaeilge Cheanada 1-3 Iúil 2011 i nGaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir. Mar chuid den fhéile stairiúil beidh urraíocht ar chomórtais litríochta. Beidh catagóirí filíochta, próis (ficsean, dráma, neamhfhicsean, eolaíocht, fealsúnacht, is araile), agus ábhar teagaisc/foghlama na Gaeilge ann.

Tá fáilte roimh údair nach bhfuil ina gcónaí i gCeanada cur isteach ar na comórtais ach iad a bheith ag scríobh ar ábhar a bhaineann le Ceanada nó le peirspictíocht shainiúil Cheanadach.

Caithfear iarratais a sheoladh isteach roimh 1 Meitheamh 2011.

Seoladh Leabhair Shéamuis Mhic Sheáin

Seolfar leabhar úr le Séamus Mac Seáin, D'imigh sin agus tháinig seo (scéal oibrí fir i mBéal Feirste a linne), tráthnóna amárach ar a haon a chlog, sa Cheathrú Póilí sa Chultúrlann i mBéal Feirste.

Tá fáilte roimh chách agus beidh sóláistí ar fáil ag an ócáid.

Seimineáir litríochta UCD: meabhrúchán

Beidh an tOllamh Alan Titley, UCC, i mbun seimineáir inniu ag 3.30in dar teideal 'Íomhá na Tuaithe mar Mhagh Meall'. Beidh sé ar siúl sa Choláiste Ollscoile (UCD) i mBaile Átha Cliath. Beidh tae ar fáil ó 3.15in ar aghaidh. Tá fáilte roimh chách.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Féach ar:

TG4: 'Scread Asail' Scrúdaíonn an clár faisnéise seo stair, ról agus nádúr an asail, a bhfuil a chuid suáilcí agus a chuid duáilcí dearmadta ag cuid mhaith den phobal sa lá atá inniu ann. Bhíodh 300,000 asal sa tír seo tráth agus ba mhór an ról a bhí ag an asal i saol na tuaithe. Níl sé imithe as an saol ar fad anseo, áfach, mar a léirítear sa chlár seo. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

BBC 2 TÉ: 'Banríon an Cheoil' agus '**Oidhreacht Dhonncha Uí hAmhsaigh'**. Rinneadh taifead ar an dá chlár seo thar tréimhse dhá bhliain agus díríonn siad ar ghrúpa ceoltóirí atá tugtha don tseanstíl maireachtála agus d'oidhreacht an cheoil thraidisiúnta. Leanann 'Banríon an Cheoil' an déantóir uirlisí ceoil, Seamus O'Kane ó Chontae Dhoire agus an déantóir cruiteanna, Michael Billing as Contae Chorcaí agus iad ag déanamh iarrachta macasamhail Chruit Dhún Bó a dhéanamh. Casann muid le Nodlaig Brolly chomh maith a dhéanann iarracht casadh ar an chruit. Sa dara clár déanann deichniúr cruitirí comóradh ar an fhéile cruitireachta i mBéal Feirste in 1792 le ceolchoirm i gCultúrlann Uí Chanáin i nDoire in 2009. Tá 'Banríon an Cheoil' ar siúl amárach @ 10in agus 'Oidhreacht Dhonncha Uí hAmhsaigh' Dé Sathairn @ 6.40in.



Cnuasach John Huston bronnta ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

TÁ saotharlann chartlainne de chuid John Huston tar éis Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a shroicheadh. Is cnuasach é seo de pháipéir agus taifid fhíorannamha de chuid an Uasail Huston maidir lena chuid oibre mar stiúrthóir scannán, idir dhréachtaí de scripteanna, thaifid agus saothar poiblíochta de chuid roinnt mhaith dá scannáin. Is ar an scannán dá chuid 'The Dead' a bheidh an cnuasach seo dírithe, scannán a bhain amach ainmniúchán Oscar dá mhac Tony a scríobh an scannán.

Ba stiúrthóir é John Huston a bhain amach cáil idirnáisiúnta dá chuid scannán agus i measc na gcnuasach dá chuid saothar beidh ceann de na scripteanna is luaithe a scríobh Jean-Paul Sartre bunaithe ar Sigmund Freud, 'Freud: The Secret Passion'. Is iad clann Huston atá á bhronnadh ar an Ollscoil agus síleann siad go bhfuil sé oiriúnach go mbeadh an cnuasach seo bronnta ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh tar éis an dlúthcheangail a bhí ag Huston le Gaillimh agus le hÉirinn. Bhog Huston agus an chlann go Gaillimh sna 50í. Is ar leabharlann James Hardiman san Ollscoil a bronnadh an cnuasach seo agus é anois ar fáil do dhaltaí na hOllscoile faoi stiúir na leabharlanne.

Scannán faoi shaol 'Terence McSwiney' déanta ag Scoil Oilibhéir

Treasa Bhreathnach

IS ag tús na míosa seo a seoladh an scannán faisnéise ar shaol Terence McSwiney ag Scoil Oilibhéir i mBaile an Mhulláin i gCorcaigh. Tá scannánóir, Tim McCoy, fostaithe ag an scoil chun cabhrú le daltaí an cúigiú rang dul i dtaithí ar scileanna na meán cumarsáide, idir thaighde, scannánaíocht, scileanna teicniúla cosúil le fuaim, dhearadh seit agus araile.

Is faoi stiúir an mhúinteora ranga a rinneadh an scannán le cabhair ó Tim McCoy. Is é seo an tríú scannán faisnéise dá gcuid. Thosaigh siad amach le scannán faoi shaol Annie Moore, an chéad imirceach go Ellis Island i Meiriceá, bean Chorcaíoch, agus, trína gcuid taighde, bhíodar in ann a teach cónaithe i gCorcaigh a aimsiú. Sa dara bliain den tionscnamh scannán thugadar léargas ar shaol Tomás Mac Curtin a bhí mar bhall den '*Glen Rovers Hurling Club*', club a bhain cáil amach de bharr ball eile clúiteach, Christy Ring. Deir príomhoide na scoile, Séamus Ó Dálaigh, "Bhí oíche againn cosúil leis na Acadamy Awards don seoladh seo. Bhí gaolta le Terence McSwiney i láthair, a iníon, agus a neach Cathal Brugha chomh maith le hArd-Mhéara Chorcaí agus baill den Arm. Tá na tionscnaimh scannán seo iontach do na daltaí ar dhá thaobh, ó thaobh an taighde staire a dhéanann siad ar an ábhar agus ó thaobh foghlaim faoi scileanna na meán cumarsáide." Tá rang a cúig na bliana seo anois ag obair ar an chéad scannán faisnéise eile a bheidh á sheoladh ag an scoil an bhliain seo chugainn agus iad ag díriú ar an nGorta Mór i gCathair Chorcaí.

Stair Bhóthar na Seanchille agus Bhóthar na bhFál ar Raidió Fáilte

Treasa Bhreathnach

IS ar an Luan beag seo a chuirfear tús le sraith nua de chuid Raidió Fáilte '*Gualainn ar Ghualainn*' agus beidh an dara cuid den tsraith le cloisteáil ar an 8 Nollaig. Tá an tsraith seo ag díriú ar stair Bhóthar na Seanchille agus Bhóthar na bhFál ó thús an séú céad. Leanfaidh an tsraith ar aghaidh tríd ré na tionsclaíochta go dtí na fadhbanna ollmhóra éagsúla de chuid an fichiú céad. Beidh deis agaibh Máirín Hurndall a chloisteáil agus í ag labhairt le Bobby Foster, Stiúrthóir Ionad 'Spectrum', sa chéad chlár seo chomh maith le hagallaimh le Jake Mac Siacais, Stiúrthóir Fhorbairt Feirste agus Albert Haslett, 'Bard' na Seanchille, atá anois 84 bliain d'aois. Beidh an tsraith seo le cloisteáil ar an idirlíon ag 107.1FM.

Éist le:

RTÉ Pulse: 'Twilight live from Oslo'. Beidh Christian Homan ag craoladh beo ó Osló agus beidh éisteoirí in ann éisteacht le ceol 'house' a bhfuil blas Lochlannach air. Dé hAoine 6-8in. www.rte.ie/pulse

Highland Radio: 'Sounds Traditional as Gaeilge'. Clár ceoil thraidisiúnta agus bailéad ar a ndéantar plé ar chúrsaí reatha na tíre chomh maith. Curtha i láthair ag Rosemary Herraghty gach Déardaoin 8-9in.

Northern Sound: 'Gaeilge go Leor'. Is clár é seo atá curtha i láthair ag Peadar Ó Brádaigh agus Matt Ó Nualláin agus é lán le comhrá faoi imeachtaí áitiúla agus togha na craice. Is féidir éisteacht leis i Ros Comáin, Liatroim, Longfort, sa Chábhán agus i Muineachán. Dé Domhnaigh @ 9in

Pictiúir agus scéalta á lorg de Chlub Chonradh na Gaeilge

Treasa Bhreathnach

Is iad an comhlacht léiriúcháin Woodend Films i mBaile Bhuirne, Contae Chorcaí atá chun tabhairt faoi chlár faisnéise a léiriú ar stair Chlub Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Is é Micheál de Mórdha, Uachtarán Oireachtas na Gaeilge i mbliana, a bheidh mar léiritheoir comhlach agus taighdeoir ar an gclár agus é ag obair as lámha a chéile le stiúrthóir an chomhlachta, Peter Carr. Tá cláir eile déanta ag Micheál agus Peter le chéile, mar shampla, Lucht na Naomhóg: Ciaróga Dubha Chiarraí, agus Tomás na nAmhrán'..

Deir Micheál faoi Chlub Chonradh na Gaeilge, "Bhí an Club mar Ghaeltacht bheag taobh istigh de chathair Bhaile Átha Cliath sna laethanta sin, áit ar phléamar scéalta áirithe an lae, beagnach cosúil le fóram polaitíochta in amanna. Is ann a chás a lán daoine ar a bhfir agus ar a mná céile chomh maith, mé féin ina measc. Chas mé le mo bhean chéile ann agus tá muid fós le chéile."

Tá Woodend Films ag lorg grianghraf, scéalta nó píosaí físe den chlub ó aon duine a bhfuil a leithéid acu. Is sa 1960idí a bunaíodh an Club agus beidh an clár faisnéise seo ag tabhairt léargais ar stair an Chlub ó na laethanta tosaithe ar aghaidh. Tá sé i gceist acu tús a chur leis an taifead go luath an bhliain seo chugainn. Síleann Micheál, "Tá athbheochan i ndán don Chlub leis an méid daltaí ollscoile atá anois ag freastal ar an gClub."

'Ealaín ar Oileán'

Dearbhaile Flynn

BEIDH an chomhdháil bhliantúil d'ealaíontóirí na Gaeilge 'Ealaín ar Oileán' ar siúl an deireadh seachtaine seo (26 agus 27 Samhain) i Ros Muc. Bunaíodh an fhéile in 2004 agus is é an aidhm atá ag an deireadh seachtaine ná ealaíontóirí, scríbhneoirí agus ceoltóirí Gaeilge a thabhairt le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar an ealaín Ghaelach agus chun na healaíontóirí agus an ealaín a spreagadh.

Go dtí seo reachtáladh an chomhdháil i mí na Bealtaine ar Inis Oírr, ach i mbliana, mar gheall ar ghearradh siar airgid, cuireadh siar an deireadh seachtaine go Samhain, i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc. Chomh maith leis sin, reachtálfar an chomhdháil thar dhá lá i mbliana in áit trí lá mar a bhíodh ann. Ach fós beidh anam na comhdhála láidir agus spreagúil. Beidh réimse iontach d'ealaíontóirí ann - chomh láidir is a bhí riamh. I measc na ndaoine a bheidh páirteach in Ealaín ar Oileán 2010 beidh Clíodna Cussen, ealaíontóir; na ceoltóirí Mairéad Ní Mhaonaigh, Phillip King agus Dermot McLaughlin; Peadar Ó Riada, an cumadóir ceoil; na scríbhneoirí Dara Ó Conaola, Darach Ó Scolaí agus Liam Mac Cóil; an ceoltóir agus an drámadóir Breandán Ó hEaghra; Biddy Jenkinson, file; Celia de Fréine, file agus drámadóir; agus go leor leor eile.

Tá fáilte roimh gach uile dhuine ar spéis leo an ealaín agus a bhfuil Gaeilge acu (beidh na himeachtaí ar fad trí Ghaeilge amháin).

Níl táille na comhdhála ach caoga euro. Seolfaidh Beairtle Ó Conaire, an scríbhneoir aitheanta as Ros Muc, an chomhdháil anocht, ag a sé agus beidh coirm cheoil ar siúl ag a 9 le Mairéad Ní Mhaonaigh agus Dermot McLaughlin. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh chuig www.ealainaroilean.ie.

Gigeanna le teacht

Dearbhaile Flynn

Jimmy Mc Carthy agus Donal Lunny
Beidh beirt fhear a bhfuil clú agus cáil orthu, Jimmy Mc Carthy, an t-amhránaí, agus Donal Lunny, an ceoltóir, ag seinm san Áras Ceoldrámaíochta, Corcaigh ar an cúigiú lá de Nollaig. Beidh an cheolchoirm ar siúl chun ceiliúradh a dhéanamh ar albam nua de chuid Jimmy darbh ainm '*Hey Ho Believe*'. Seinnfear a chnaig go léir '*No Frontiers*', '*Ride on*', '*The Contender*' agus '*Katie*' san áireamh. Tá an t-eolas ar fad ar fáil ar www.corkoperahouse.ie.

Ellie Goulding
Beidh an t-amhránaí Briotanach, Ellie Goulding, ag seinm i nGaillimh, ar an naoú lá is fichead de Shamhain. Bhain Ellie cáil amach lena amhráin '*Starry Eyed*' i mbliana agus ó shin i leith tá sí ag éirí níos cáiliúla agus níos aitheanta dá fuaim féin - pop leictreach atá bunaithe ar ghuth álainn. Bhí an cheolchoirm cheaptha a bheith ar siúl sa Róisín Dubh ach mar gheall go raibh glaoch mór ar thicéid beidh sé ar siúl sa Radisson BLU. Téigh chuig www.roisindubh.net le haghaidh an eolais ar fad.

Laura Marling
Beidh an t-amhránaí álainn uathúil, Laura Marling, ag dul ar aghaidh leis a turas in Éirinn i Mí na Nollag. Bhí a cuid ceolchoirm go léir thall i Sasana díolta amach agus níl ticéid faighte ach le haghaidh a ceolchoirm dheireanach i mBaile Átha Cliath- tá na ticéid le haghaidh Corcaigh agus Béal Feirste díolta céanna féin. Is cumadóir iontach í Marling – is féidir léi mothúcháin láidir agus casta a chur in iúl go héasca agus go simplí ina cuid liricí. Tá sí thar barr agus í ag casadh beo - bíonn sí níos láidre ná a bheadh tú ag tnúth leis. Ar a dlúthdhioscaí '*I Speak Because I Say I Can*' agus '*Alas I Cannot Swim*' agus tú ag éisteacht leis a guth, cloiseann sí cruimh agus sobhriste - ach agus í ag seinm bheo bíonn an lucht féachana faoi gheasa aici. Tá sé ráite go mbeidh todhchaí gheal ag an gcailín seo agus is léir ón slí go bhfuil a próifíl ag fás agus ag fás go bhfuil sé sin fíor- ná cailligí amach uirthi! Le haghaidh tuilleadh eolas téigh chuig www.lauramarling.com.



Tá duais do 3 DVD do Riverdance á thairiscint againn do léitheoirí Gaelscéal

Níl ort ach d'ainm, agus sonraí teagmhála a sheoladh chuig fograi@gaelsceal.ie nó cárta phoist chuig Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal.
Co na Gaillimhe roimh an 1 Nollaig, 2010

9 OIDEACHAS

Cruinniú Cinn Bhliana Chomhar na Múinteoirí Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ cruinniú cinn bhliana Chomhar na Múinteoirí Gaeilge ar siúl Dé Sathairn seo caite i mBaile Átha Cliath, agus bhí thart ar leathchéad duine ó gach cearn den tír i láthair ag an ócáid.

Chuir Comhar na Múinteoirí Gaeilge tús leis an lá trí phlé a dhéanamh ar ghnó na heagraíochta agus ar bhuaicphointí na heagraíochta i rith na bliana, rudaí mar sheoladh *Gabh le Gaeilge*, pacáiste eolais do dhaltaí TGMO (GCSE) i dTuaisceart Éireann ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne, agus Buntáiste Breise na Gaeilge i mBéal Feirste i mí Dheireadh Fómhair, seimineár do dhaltaí faoi ghairmeacha beatha i gcomhar le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Bhí múinteoirí, scríbhneoirí agus daoine éagsúla eile i láthair ar an lá agus chaith an grúpa roinnt mhaith ama ag plé dhá mhórcheist ar maidin: an Béaltriail Roghnach don Teastas Sóisearach agus an líon mór daltaí atá ag fáil díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge mar ábhar scoile, ábhar atá ag cur imní ar go leor múinteoirí, de réir dealraimh.

Bhí léacht leis an Dr Muiris Ó Laoire ann agus bhí go leor tuairimí nua ann do mhúinteoirí. Díríodh ar mhodhanna teagaisc d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge ag gach leibhéal, daoine atá líofa go leor agus daoine nach bhfuil chomh líofa sin. Bhí seisiún anphraiticiúil ann, agus cuireadh gach duine i ngrúpaí beaga chun plé a dhéanamh ar rudaí le chéile.

Deir Anna Davitt, Stiúrthóir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, go raibh siad an-sásta leis an lá agus gur éirigh go maith leis.

"Bíonn múinteoirí i gcónaí ag lorg ócáidí mar sin chun cuidiú leo agus iad ag teagasc," ar sí. "Bhí siad an-sásta leis an lá agus bhí muid féin chomh sásta céanna. Bhí meascán aoisghrúpaí ann agus bhí neart le déanamh againn ar an lá. S

eoladh an leabhar Teagasc na Gaeilge Dé Sathairn freisin. Ba é an Dr Muiris Ó Laoire an príomheagarthóir agus bhí seisean i láthair. Tá an leabhar dírithe ar mhúinteoirí ag gach leibhéal, sna scoileanna, sna hollscoileanna nó in áit ar bith."

Bhí Anna féin ar dhuine d'eagarthóirí an leabhair, agus deir sí go mbíonn siad i gcónaí ag lorg alt ar chúrsaí oideachais le cur i gcló ann.

"Tá sé sin luaite againn ag tús an leabhair," ar sí. "Táimid ag súil go mbeidh an leabhar ar fáil ar líne amach anseo chomh maith."

Tá Comhar na Múinteoirí Gaeilge ag déanamh athstruchtúrú ar a suíomh idirlín faoi láthair.

Beidh bliain eile ann go mbeidh an chéad Chruinniú Cinn Bhliana eile ann ach idir an dá linn beidh neart oibre ar bun ag an eagraíocht agus iad ag iarraidh tacú le múinteoirí Gaeilge ar fud na hÉireann.

Eagarthóirí agus scríbhneoirí Teagasc na Gaeilge 9: Muiris Ó Laoire (Institiúid Teicneolaíocht, Trá Lí), Deirdre Ní Mhurchú (Coláiste Dheasmhumhain/Gaelcholáiste Uí Chonbá, Co. Luimnigh), Máire Ní Laoire (Leas-Uachtarán Chomhar na Múinteoirí Gaeilge), Seosamh Ó Cuinneagáin (Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach), Anna Davitt (Stiúrthóir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge), Micheál Ó Máirtín (Uachtarán Chomhar na Múinteoirí Gaeilge), Caoimhe Ní Chuinn (Oifigeach Forbartha Réigiúnach, An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge), Helen Ó Murchú (Uachtarán Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Iar-Stiúrthóir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge) agus Carmel Nic Eoin (Comhordaitheoir Náisiúnta, An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge). Tá Teagasc na Gaeilge 9 ar fáil ó Lároifig Chomhar na Múinteoirí Gaeilge ar €10.00.

An Gaeloideachas – croílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ Comhdháil Bhliantúil Gaelscoileanna Teo ar siúl an deireadh seachtaine seo caite i hTulach Mhór agus ba é an tAire Pat Carey a d'oscail é. Ina óráid, thug sé aitheantas oifigiúil don ról fíorthábhachtach a bheidh ag na scoileanna lán-Ghaeilge i bhforbairt na straitéise 20 bliain don Ghaeilge agus do na heagrais dheonacha Ghaeilge a bheidh lárnach do thodhchaí na Gaeilge mar theanga bheo.

Rinneadh ceiliúradh ar dhíograis agus ar dhúthracht Mhíchíl Uí Mhuircheartaigh ar son earnáil na Gaelscolaíochta i ndiaidh do Ó Muircheartaigh óráid bhreá a thabhairt ar thábhacht na Gaelscolaíochta sa tsochaí, sa stair agus sa todhchaí.

Labhair Príomhchigire Cúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna, Éamonn Murtagh, ar thacaíocht iomlán na Roinne don Ghaeloideachas, agus d'aithin sé ról lárnach na Gaelscolaíochta agus obair luachmhar na múinteoirí i gcur chun cinn na straitéise. Leag sé béim ina chuid cainte ar luachanna agus ar bhuntáistí an chórais tumoideachais agus thagair sé don dul chun cinn atá déanta ar cheist an luath-thumoideachais de bharr comhráití leanúnacha le GAELSCOILEANNA TEO., eagrais eile agus scoileanna . Dúirt Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach na heagraíochta, ina leith, "Fáiltímid go mór roimh aitheantas agus tacaíocht oifigiúil na Roinne don chóras oideachais is éifeachtaí sealbhaithe teanga in Éirinn. Beimid ag súil go mór le dul i gcomhairle leis an Roinn maidir leis an dréacht-Ionstraim Reachtúil a bheidh á eisiúint go luath chun a chinntiú go léireofar tríd an reachtaíocht nua buanna iomlána an chórais." Ghabh sí buíochas le rannpháirtithe uile na Comhdhála thar an dá lá a "chuir go gníomhach agus go paiseanta le rath na Comhdhála. Is iontach an rud é an fonn láidir ceiliúrtha a fheiceáil ar ardchaighdeán oideachais sna scoileanna lán-Ghaeilge agus táimid thar a bheith buíoch de na scoileanna lán-Ghaeilge a ghlac páirt ghníomhach sa phlé agus sna díospóireachtaí."

Ina aitheasc, d'éiligh Mícheál Ó Broin, Uachtaráin na heagraíochta, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna, "beart a dhéanamh de réir briathair i gcomhthéacs forbairt na hearnála Gaelscolaíochta trí infheistíocht chuí a dhéanamh sa chóras, ach go háirithe sna saincheisteanna práinneacha a bhaineann le cóiríocht chuí do scoileanna agus bunú scoileanna nua chun freastal ar an éileamh ollmhór."

D'fhreastail níos mó ná 250 duine ar an gComhdháil agus bhí ionadaíocht ann ó na bunscoileanna, na hiar-bhunscoileanna agus na heagrais Ghaeilge agus oideachais ar bhonn 32 contae. Beidh ábhar na gcur i láthair agus na gcainteanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta go luath, www.gaelscoileanna.ie.

Faisnéis do Shaoránaigh

Bíodh Eolas agat ar do Chearta : Maireachtáil i bhfochair a chéile agus tástálacha acmhainne

Ceist Táim díreach tar éis tréimhse 12 mhí a chaitheamh ar Shochar Cuardaitheora Poist. Chuir mé isteach ar Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta atá tástáilte ó thaobh acmhainne de, ach dúradh liom nach raibh mé incháilithe toisc tuilleamh mo pháirtí. Táimid inár gcónaí lena chéile ach nílimid pósta, agus roinnimid ár gcostais go cothrom. Ní thuigim cén fáth go bhfuilimid á measúnú mar lánúin phósta.
Freagra Caitheann an Roinn Coimirce Sóisialaí le lánúineacha pósta agus neamhphósta ar an gcaoi chéanna. Déanann an Roinn measúnú ar ioncam iomlán an líon tí seachas ar imthosca an éilitheora aonair. Dá bhrí sin, má tá tú pósta nó ag cónaí le duine eile mar fhear céile agus bean chéile, déantar acmhainní do chéile nó do pháirtí a thógáil san áireamh chomh maith. Baineann an Roinn Coimirce Sóisialaí úsáid as sainmhínithe agus critéir mhionsonraithe le measúnú an bhfuil lánúin ag maireachtáil i bhfochair a chéile, agus is féidir iad seo a léamh ar líne ag welfare.ie.

AG brath ar an íocaíocht a gcuirtear isteach uirthi, ní hionann conas a dhéantar measúnú ar acmhainní lánúine. Má tá tú ag cur isteach ar an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, ar an Liúntas Míchumais nó ar Chúnamh Feirme, déantar measúnú ar ioncam an líon tí trí acmhainn iomlán an líon tí a asbhaint ón íocaíocht is mó a gheobhadh duine sna cúinsí atá agat (an ráta pearsanta móide méaduithe iomlána le haghaidh cleithiúnaithe fásta nó linbh). Má tá do chéile nó do pháirtí i bhfostaíocht inárachais, baineann neamhaird de €20 in aghaidh an lae leis/léi suas go huasmhéid 3 lá sa tseachtain (uasmhéid €60 sa tseachtain), agus déantar measúnú ar 60% den fhuílleach. Déantar measúnú freisin ar ioncam agus ar shócmhainní eile (seachas do theach). Uaireanta, ní dhéantar méid áirithe ioncaim nó ioncam ó fhoinsí áirithe a thógáil san áireamh. Tugtar neamhaird ioncaim air sin. Mar shampla, déantar neamhaird i gcónaí do Shochar Leanaí.

Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil ag do chéile/pháirtí ina c(h)eart féin, is é a thuigtear le d'acmhainní ná leath na n acmhainní iomlána atá agat féin agus ag do chéile/pháirtí. Sa chás seo, ní bhfaighfeá íocaíocht iomlán i leith leanaí incháilithe, ach d'fhéadfá leath-íocaíocht a fháil ina leith.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

LOGÁIL ISTEACH
www.citizensinformation.ie

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

BUAIL ISTEACH
260 ionad ar fud na tíre

Faisnéis sothuigthe!

Daltaí Éireannacha páirteach i gcomórtas aistriúcháin an AE

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ comórtas speisialta ar siúl an tseachtain seo ina ndearna nach mór 3,300 déagóir ó ar fud an Aontais Eorpaigh a scileanna teanga a thriail i gcomórtas le haghaidh scoileanna atá á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach den cheathrú bliain i ndiaidh a chéile. Comórtas d'Aistritheoirí Óga atá i gceist, nó "*Juvenes Translatores*". Reáchtáladh an comórtas ag an am céanna sna scoileanna ar fad, ó Kittilä i Laplainn na Fionlainne go Limassol na Cipire. Mhair an triail dhá uair an chloig, ó 10 a chlog ar maidin go dtí meán lae am na Bruiséile, agus is iad na scoileanna féin a rinne maoirseacht uirthi.

"Is cúis mhór áthais dom a mhéad scoileanna atá ag iarraidh a bheith páirteach sa chomórtas. Tá méadú 13% tagtha ar líon na rannpháirtithe i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus beidh 60 scoil sa bhreis, nach mór, páirteach an babhta seo," a dúirt Androulla Vassiliou, an Coimisinéir um Oideachas, Cultúr, Ilteangachas agus Óige. "Is deis iontach é do dhaoine óga dul in iomaíocht leis na daltaí is fearr ó thíortha eile ó thaobh a scileanna teanga de. Léiríonn sé freisin a thiomanta atá údaráis oideachais agus múinteoirí d'fhoghlaim teangacha."

Chuir breis is 1,600 scoil iarratas isteach ar an gcomórtas. Is é sin an líon iarratas is mó a fuarthas ó seoladh an comórtas den chéad uair. Ar chúiseanna praiticiúla, is go randamach a roghnaigh an Coimisiún na scoileanna a bheadh páirteach sa chomórtas.

I measc na scoileanna i bPoblacht na hÉireann a bhí páirteach i mbliana, tá Coachford College i gCorcaigh, Coláiste Chiaráin i Luimneach, Confey College i gContae Chill Dara agus Pobalscoil Inbhear Scéine i gContae Chiarraí.

Beidh aistritheoirí gairmiúla ó Ard Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin ag marcáil na n-aistriúchán anois agus roghnóidh giúiré an chomórtais an t-aistriúchán is fearr ó gach Ballstát. Fógrófar na buaiteoirí i mí Feabhra 2011.

Dála mar a rinneadh na blianta eile, tabharfar cuireadh do na buaiteoirí teacht chuig searmanas bronnta sa Bhruiséil chun a nduaiseanna a fháil ó Androulla Vassiliou, an Coimisinéir um Oideachas, Cultúr, Ilteangachas agus Óige, agus chun bualadh le haistritheoirí de chuid an AE.

Dámhachtainí Eco-Unesco 2011 do Chomhshaolaithe Óga

Caroline Ní Chualáin

IS clár comhshaoil é Dámhachtainí Eco-Unesco 2011 do Chomhshaolaithe Óga. Tríd an gclár seo, tugtar aitheantas do dhaoine óga agus bronntar duaiseanna orthu as daoine eile a chur ar an eolas faoi chúrsaí timpeallachta agus as feabhas a chur ar chúrsaí timpeallachta.

Tugann Dámhachtainí Eco-Unesco 2011 do Chomhshaolaithe Óga deis d'ógánaigh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí timpeallachta. Tá na mílte comhshaolaí óg i scoileanna, i ngrúpaí óige agus in Ógtheagmháil ag déanamh obair dhearfach ar son na timpeallachta ar fud na tíre. Bronnann an clár seo cumhacht orthu i gcúrsaí timpeallachta agus tugann sé deis dóibh, freisin, a bheith gníomhach mar shaoránaigh ina sochaí féin.

Is féidir le grúpaí ina bhfuil idir beirt agus 25 duine cur isteach ar an gcomórtas. Tá trí réimse sa chomórtas: Bunsóisearach (10-12 bhliain d'aois), Sóisearach (12-14 bliana), Sinsearach (15-18 mbliana). Tá naoi gcatagóir ar féidir na grúpaí cur isteach orthu: fuinneamh, dramhaíl, bithéagsúlacht, uisce, athrú aeráide, iompar, forbairt éiceaphobail, éiceaghnó, agus éiceadhearadh agus éicealaín. Tá go dtí 23 Nollaig ag comhshaolaithe óga a gcuid tionscnamh a chlárú.

Is féidir le múinteoirí agus ceannairí óga na grúpaí a chlárú ag www.ecounesco.ie . Nuair atá na grúpaí cláraithe is féidir leo comhairle agus tacaíocht a fháil ó Eco-Unesco agus iad ag obair ar a gcuid tionscnamh. Tá go dtí Feabhra 2011 ag na grúpaí chun a gcuid tionscnamh a chríochnú.

Bunaíodh Dámhachtainí Eco-Unesco do Chomhshaolaithe Óga in 1999. Tá páirt glactha ag 200,000 duine óg sa scéim ó cuireadh tús léi. Tá na mílte duine curtha ar an eolas trína bhfeachtais in 1,500 grúpa óige, scoil agus pobal ar fud na tíre.

I mí na Bealtaine gach bliain bíonn sárthaispeántas ann agus searmanas dámhachtainí mar aitheantas ar mhórghníomhartha glasa na muintire óga ar fud na hÉireann. Faigheann na grúpaí a bhíonn ar an ngearrliosta cuireadh lena dtionscnaimh a chur i láthair. Bíonn an sárthaispéantas náisiúnta oscailte don phobal.

Crosfhocal 26.11.2010



NODANNA

TRASNA

1 Oibrithe ag diúltú oibriú ar mhaithe le pá níos fearr a bhaint amach (6)
2 Cócaireacht - arán, cácaí mar shampla (6)
7 Ith go tapa, slog siar bia gan é a ithe (3)
9 Cairde ag fanacht leat sa bhaile (6)
10 Gníomh 'draíochta'
11 Planda a ndéantar siúcra as a fhréamhacha (6)
13 Cróga, gan eagla (5)
14 Gaineamh ar chósta na tíre (3)
15 Ainmhí oibre, cosúil leis ach níos lú ná an capall (4)
19 Intinn, barúil (5)
20 Tarraing as a chéile (6)
22 Gearradh an fhómhair? (5)
24 Tá sé chomh simplí le dó móide a dó (8)
25 Earrach, Samhradh, Fómhar nó Geimhreadh (6)
26 Dún, cuir faoi ghlas (5)

SÍOS

1 Mise `Éire, Michael Collins, ET, Shrek srl (7)
2 Bíonn tú i do chodladh ann gach oíche (5)
3 Tús, as seo a tháinig gach rud atá ann (5)
4 Éan a bheireann a huibheacha i nead éin eile (5)
5 Rannpháirtí i gcluiche (7)
6 Buachaill óg (5)
8 Áit foghlamtha, iar-bhunoideachais áitiúil (5,5)
12 Áit ard charraigeach (4)
13 Caithfidh an duine nach bhfuil láidir a bheith mar seo (6)
16 An chuid den bhainne a théann go barr (7)
17 Gobharnóir, ionadaí na corónach (6)
18 Duine l galar a itheann feoil an choirp (6)
21 Uirlis i gcomhair glanadh duilleoga sa ghairdín (4)
23 Eolaí, duine lá d'fhios (nach mbíonn gan a lochtanna deirtear (4)

Crosfhocal 19.11.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Clíodhna Ní Mhathúna,
78 Bóthar Lotts Theas,
An Rinn, Baile átha claith 4

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 1 Nollaig, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie



Cúrsaí Cumarsáide don Idirbhliain

TÁ Gael Linn ag tabhairt seans do dhaltaí na hidirbhlian blas a fháil ar an chraoltóireacht trí mheán na Gaeilge.

Tá an cúrsa seo á chur ar fáil chun bunscileanna cumarsáide a mhúineadh agus a chothú i measc daltaí idirbhliana. Tabharfaidh an cúrsa seo blas ar na meáin scríofa, raidió agus teilifíse do dhaltaí. Is deis í seo do dhaltaí tuiscint a fháil ar mhodhanna éagsúla cumarsáide agus taithí a fháil ar conas trealaimh teicniúil a úsáid.

Cuirfidh siad clár raidió le chéile agus déanfar taifead air i stiúideo raidió. Chomh maith leis seo gheobhaidh daltaí deis blas a fháil ar na meáin shóisialta agus tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann leis an mhodh cumarsáide seo sa saol comhaimseartha.

Gheobhaidh gach dalta cóip dá n-obair raidió ar dhlúthdhiosca agus beidh fillteán oibre ag gach dalta. Is cúrsa cúig lá atá i gceist. Beidh sé ar siúl ón Luan go dtí an Aoine, 9.30 - 15.00 in oifigí Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Beidh uaslíon de 16 ar gach cúrsa.

Tá táille €100 an dalta le híoc. Is féidir tuilleadh eolas a fháil ag www. gael-linn.ie.

An tAire Cumarsáide Eamonn Ryan.

Seirbhís leathanbhanda d'ard luas faighte ag sé scoil i nGaillimh faoi scéim rialtais

D'FHÓGAIR an tAire Éamonn Ryan an tseachtain seo caite go bhfuair sé scoil i nGaillimh seirbhís leathanbhanda d'ard luas 100 meigighiotán. Táthar ag súil go ndéanfar fairsingiú ar an scéim seo go gach scoil in Éirinn roimh dheireadh 2012.

Tá Éire ar cheann de na chéad tíortha ar domhan chun clár leathanbhanda náisiúnta ar an scála seo a chur i bhfeidhm. Tá an tseirbhís leathanbhanda atá faighte ag na scoileanna ar an luas céanna leis an tseirbhís leathanbhanda atá in úsáid ag corparáidí ilnáisiúnta atá lonnaithe sa tír. Freisin faoin scéim fuair na scoileanna áiseanna leasaithe teicneolaíocht faisnéise agus cumarsái, teilgeoirí digiteacha gan sreang agus 124 ríomhaire glúine.

Deir an tAire Éamonn Ryan, " Is sa gheilleagar digiteach a bheidh poist le fáil sa todhchaí agus caithfidh páistí a bheith compordach agus muiníneach úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. Tabharfaidh seirbhís leathanbhanda den mhéid agus den chaighdeán seo deis do pháistí rudaí a fheiceáil agus a fhoghlaim nach bhféadfadh an ghlúin ar fhás mise aníos ann a bheith ag brionglóideach faoi. Tá muid ag athrú an eispéireas laethúil scoile. Ní oibreoidh 'cailc agus caint' níos mó"

Is iad an sé scoil a fuair an tseirbhís leathanbhanda d'ardluas ná Coláiste Naomh Iósaf, Oileán Altanach, Coláiste na Toirbhearta, Áth Cinn, Colásite Calasanctius Órán Mór, Gairmscoil Éinne, Cill Rónáin, Inis Mór, Coláiste Ghobnatan, Inis Oírr, agus Pobalscoil Ghort Inse Guaire.

Gluais

leathanbhanda d'ardluas: highspeed broadband
meigighiotán: megabit
corparáidí ilnáisiúnta: multinational corporations
teilgeoirí digiteacha gan sreang: wireless digital projectors

Reifreann Bunreachta ar Chearta Leanaí go Luath

DAR leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barry Andrews, tá seans maith go mbeidh reifreann bunreachtúil againn in Éirinn ar chearta leanaí go luath an bhliain seo chugainn. I rith agallaimh leis an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, dúirt an tAire go molfaidh an rialtas alt a dhíreoidh ar an pháiste amháin agus gurb é sin an bealach is fearr chun ceiliúradh a dhéanamh ar 21 bliain ó thionscnaigh na Náisiúin Aontaithe an Coinbhinsiún um Chearta Leanaí.

Cúltaca

Ceannlínte Nuacht na nÓg Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir a úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSPS- Piarbhrú

TÁ muid ag plé piarbhrú an tseachtain seo ar líne. Tá piarbhrú coitianta i measc an aosa óig. Tá tionchar mór ag daoine ar comhaois linn orainn. Uaireanta ní thugann muid faoi deara cé mhéad de thionchar a bhíonn acu orainn. Foghlaimíonn piaraí uainn agus foghlamaíonn muid uathu. Tá sé nádúrtha go n-éisteann agus go bhfoghlaimaíonn muid ó dhaoine atá sa ghrúpa céanna linn. Ar líne tá muid ag plé samplaí den dea-thionchar agus den droch-thionchar ar féidir le piaraí a bheith acu orainn. Géilleann déagóirí áirithe do phiarbhrú mar go bhfuil siad ag iarraidh a bheith páirteach i ngrúpa. Géilleann cuid eile mar go bhfuil siad fiosrach faoin rud atá a gcomhpháirtithe ag déanamh m.sh ag ól agus ag caitheamh toitíní. Tá ceisteanna le fáil ar líne a spreagfaidh comhrá ranga faoin ábhar.

OSSP- Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe

TÁ muid ag leanúint ar aghaidh an tseachtain seo leis an topaic, cearta agus leas ainmhithe. Ceist chonspóideach is ea cearta ainmithe. Tá daoine ann a chreideann nach bhfuil cearta ag ainmhithe mar nach daoine iad. An tseachtain seo ar líne beidh eolas ar fáil faoi Chumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe. Is é aidhm an chumainn ná cosc a chur ar dhrochíde ar ainmhithe, leas ainmhithe a chur chun cinn agus faoiseamh a thabhairt d'ainmhithe ar fud na tíre atá ag fulaingt. Tugann an cumann tacaíocht d'eagraíochtaí timpeall an domhain a bhfuil an aidhm chéanna acu. Tá eolas le fáil ar líne faoi stair an chumainn agus faoi conas is féidir leat tacaíocht a thabhairt dóibh.

ISPCA
The Society Cares for All Animals

Gaeilge- Dialann phictiúrtha bunaithe ar fhoireann rugbaí na hÉireann

DO CHÚRSA na hArdteistiméireachta an tseachtain seo tá dialann de shraith pictiúr ar fáil d'fhoireann rugbaí na hÉireann. Tá pictiúir shuimiúla ann den fhoireann ag imirt cluichí. Tá réimse de mhothúcháin le feiceáil sna pictiúir chun comhrá ranga spreagadh. An tseachtain seo tá tuilleadh seanfhocal againn i bhfoirm taispeántas sleamhnán. Do chúrsa an Teastais Shóisearaigh tá treoracha do chluichí ranga ar fáil ar líne. Is bealach iontach iad cluichí chun comhrá a spreagadh sa rang. Tá crosfhocail agus cuardach focal le fáil ar líne freisin, faoin duine agus faoin saol. Tá ceisteanna léamhthuisceana ar ár suíomh www.gaelsceal.ie an tseachtain seo bunaithe ar na hailt i Nuacht na nÓg.

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

LE TACAÍOCHT
Conradh na Gaeilge
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
RAIDIÓ RÍ-RÁ
DO CHAIRTSTÁISIÚN GAEILGE!

TÁ sceitimíní orainn anseo i bPopNuacht go bhfuil an chéad scannán bunaithe ar leabhar deireanach Harry Potter sa phictiúrlann ar deireadh! B'fhéidir go raibh réaltaí móra X Factor i láthair ag an chéad taispeáint i Londain le déanaí ach bhí ár n-aisteoirí móra féin ag an chéad léiriú i mBaile Átha Cliath. Ní hamháin go bhfuil an t-aisteoir Éireannach de cháil idirnáisiúnta, Brendan Gleeson, le feiceáil ar ais i bpáirt Moody sa scannán, ach tá ról ag a mhac, Domhnall, in Harry Potter and the Deathly Hallows: Part 1 mar Bill Weasley. Bhí Domhnall ag an chéad taispeáint speisialta san ionad siopadóireachta i nDún Droma i dteannta Evanna Lynch, aisteoir óg eile ó Cheatharlach a rinne jab iontach i bpáirt Luna Lovegood i sraith HP go dtí seo. B'fhéidir go bhfuil deireadh an bhóthair nach mór sroichte ag sraith na scannán Harry Potter ach bhuaigh JK Rowling chéad ghradam litríochta Hans Christian Andersen sa Danmhairg an mhí seo caite agus, tá súil againn go scríobhfaidh sí cúpla scéal iontach eile dúinn le léamh agus le feiceáil ar an scáileán mór amach anseo!

TAR éis 20 bliain a chaitheamh in earnáil an phopcheoil, tá réalta ag Christina Aguilera ar an gcosán is cáiliúla in Hollywood ar deireadh! Bhain Christina clú amach di féin ar an gclár The Mickey Mouse Club i dteannta leithéidí Britney Spears agus Justin Timberlake nuair a bhí sí an-óg, agus is iomaí cnag mór ceoil atá eisithe aici ó shin. Ach tá cúpla mí deacair curtha di aici le déanaí - níor éirigh go hiontach sna cairteanna lena halbam nua Bionic agus scar Christina óna fear céile, Jordan Bratman, i mí Dheireadh Fómhair. Ach beidh an scannán nua a rinne sí i gcomhar le Cher, Burlesque, le feiceáil sa phictiúrlann anseo in Éirinn i mí na Nollag agus is féidir na hamhráin ar fad ón scannán a chloisteáil ar an bhfuaimrian oifigiúil freisin. Agus réalta uimhir 2,432 ar an Walk of Fame ag Christina anois, áfach, agus tá súil againn nach bhfuil ach rudaí iontacha i ndán don amhránaí amach anseo!

IS cosúil go bhfuil Brad Pitt ag iarraidh scéal mhianadóirí na Sile a léiriú ar an scáileán mór. Chaith 33 mianadóir breis agus dhá mhí sáinnithe faoi thalamh nuair a thit an sloc ina raibh siad ag obair isteach orthu níos luaithe i mbliana. Scéal idirnáisiúnta dóchais a bhí ann nuair a d'éirigh le lucht slándála gach duine acu a thabhairt go sábháilte ón mianach ar deireadh. Ní haon ionadh é, mar sin, go bhfuil an oiread sin tairiscintí tráchtála faighte ag aturnae na mianadóirí chun scannán a dhéanamh bunaithe ar an eachtra. Tá tairiscint ag Plan B, cuideachta Brad Pitt, i measc na dtairiscintí sin agus deirtear go bhfuil luach cúpla milliún dollar ar an tairiscint chun cearta léiriúcháin a chinntiú don scéal. Seans go mbeidh deis ag na mianadóirí féin cur lena gcuid scileanna aisteoireachta má ghlactar le tairiscint Plan B ó meastar go mbeadh ról ag cuid acu sa scannán a dhéanfaí. Chomh fada agus a bheidh Brad Pitt féin le feiceáil ann, beimidne i bPopNuacht sásta pé scéal é!

Éist leis an bpopnuacht seo mar Audio MP3 nó íoschóipeáil é ag www.rrr.ie/popnuacht-19-samhain-2010/

Comórtas Nuacht na nÓg

I gcomhair le Gael Linn

TÁ Gaelscéal i gcomhair le Screenway ag tabhairt seans duitse iPod Shuffle a bhuachan. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach seachtain agus beidh na buaiteoirí seachtainiúil san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann do Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-300 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Seol iarratas chuig: eolas@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheannt eideal air.
Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig:
'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Screenway
Galway's authorised Apple Reseller, Support and Training Centre

GAEL LINN

Coláistí Samhraidh atá difriúil

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** [Teastas Eorpach na Gaeilge]
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí coicíse agus 3 seachtaine

Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid
Eachléim, Co. Mhaigh Eo.
- modúl scannánaíochta

Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne
Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.
- Béim ar na spóirt dhúchasacha

Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir
Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.
- modúl roghnach spórt uisce

Bróisiúir ar fáil anois gach eolas: Teil: 1890 675 675
www.gael-linn.ie

Spórt

Do scéal féin Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil. Má tá ócáidí, imeachtaí nó aon rud mar sin ar siúl agaibh, bí i dteagmháil linn. Cur nuacht , pictiúir agus ábhar eile chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie**

Nuacht na nÓg

"An Spórt a Chosaint ar Chiorruithe"

THÁINIG go leor de réalta spóirt na tíre seo le chéile le déanaí, Paul O'Connell, Katy Taylor agus Andrew Bree ina measc, chun aighneacht a thabhairt do Mary Hanafin, an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt. Ba é aidhm na h-aighneachta ná a chur in iúl don Aire an drochthionchar a bheadh ag ciorruithe ollmhóra sa chéad bhuiséad eile ar chúrsaí spóirt in Éirinn. Rinneadh an aighneacht ar son eagraíochtaí spóirt na tíre ar fad. Dar leis an doiciméad, dhéanfaí an-dochar don spórt in Éirinn dá ndéanfaí ciorruithe móra air sa bhuiséad dochair a dtógfadh sé na blianta é a chur ina cheart arís. Léiríonn an aighneacht go bhfuil maoiniú ón rialtas riachtanach ionas go mbeidh an spórt in Éirinn in ann forbairt amach anseo.

"Na Mná Buacacha"

TUGADH aitheantas an tseachtain seo caite do na mná óga, cróga, ar fhoireann Sacar Ban na hÉireann faoi 17.Ainmníodh iad mar "Réalta Óga Spóirt Texaco 2010" agus bhuaigh siad Duais Chothrom na Féinne i gCraobhchomórtas UEFA. Bhí bliain angnóthach ag na mná óga. D'éirigh leo dul chomh fada leis an chluiche ceathrú ceannais i gCorn an Domhain ag FIFA i mbliana, ach bhuail na Seapánaigh iad sa chluiche sin.

Beidh dúshlán eile rompu an t-earrach seo chugainn chun cailiú do Chraobhchomórtas UEFA na mBan faoi 17. Tá grúpa cáilithe deacair go leor acu agus iad i gcoinne na hIodáile, na Rómáine agus na Macadóine.

Dúshlán: Challenge
Grúpa Cáilithe: Qualifying Group

"Tiománaí Óg Railí na Bliana"

D'AINMNIGH Raonrásaíocht Carranna Éireann Robert Barrable le déanaí mar bhuaiteoir Dhuais Billy Coleman 2010, do Thiománaí Óg Railí na Bliana. Tá Robert trí bliana is fiche d'aois agus is as Sord, i mBaile Átha Cliath é. Tá a lán duaiseanna buaite ag Robert cheana féin, ina measc Trófaí Rásaíochta na hÉireann agus a chomhionann i Sasana. Bronntar Duais Billy Coleman gach uile bhliain ar an tiománaí is fearr i rith na bliana. Bronnfar an duais go hoifigiúil ar Robert ar 7 Nollaig ag searmanas i mBaile Átha Cliath. Mar chuid den bhronnadh gheobhaidh Robert pacáiste táirgí de luach €50,000 mar thacaíocht dó i gcomórtais railí.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

Denman sna Leabhra Staire?

Gráinne McElwain

Denman chun stair a chruthú? (Pic. David Maher / SPORTSFILE)

BEIDH súile an domhain ar an *Hennessy Gold Cup* in Newbury, Sasana amárach agus ar ndóigh ar Denman, an capall atá ag iarraidh a bheith ar an chéad chapall riamh chun an rás seo a bhuachan den tríú huair. In 2007 agus anuraidh a bhuaigh Denman an Gold Cup agus i mbliana is é Sam Thomas a bheas mar mharcach in áit Ruby Walsh a bhfuil a chos briste aige. Tuigeann Sam an capall seo go maith mar bhí sé ina mharcach air nuair a bhuaigh sé a chéad Gold Cup in 2007 agus lean an bheirt ar aghaidh chun an Cheltenham Gold Cup a bhuachan tamall ina dhiaidh sin.

Is é Paul Nicholls traenálaí Denman agus tá ceithre chapall eile aige sa rás: Neptune Collonges, Taranis, The Tother One agus Niche Market. Má tá fonn ort dul go dtí na geallghlacadóirí, is fiú smaoineamh ar airgead a chur ar Neptune Collonges atá 14/1 faoi láthair ach atá ag dul go maith ó tháinig sé ar ais ó ghortú anuraidh. Tá trí rás i ngrád a haon buaite ó shin ag an chapall seo atá naoi mbliana d'aois.

Beidh an buaiteoir ó 2008, Madison de Berlais, ag rith agus is é Weird Al, atá á thraenáil ag Ian Williams, atá mar dhara rogha ag na húdáir. Is capall óg é seo agus, as na cúig rás atá rite aige, níor chaill sé oiread agus ceann acu. Is maith leis na geallghlacadóirí é chomh maith.

Deirtear go bhfuil deis freisin ag China Rock, atá á thraenáil ag Mouse Morris i dTiobraid Árann, sa rás, le Barry Geraghty sa diallait. Ní raibh ach ceithre staid go leith idir é féin agus Kauto Star in Down Royal cúpla seachtain ó shin agus bhuaigh sé in Gowran Park agus Punchestown le déanaí. Tá sé ag 16/1 faoi láthair.

Feicfear capaill eile ó stáblaí na hÉireann, Pandorama ó Noel Meade agus Hills of Aran agus Rare Bob ag an traenálaí Dessie Hughes.

Tá deis ag Burton Port le Andrew Tinkler sa diallait agus atá á thraenáil ag Nicky Henderson. Seo capall óg, sé bliana d'aois, a bhuaigh cúig cinn as sé seilg-rás mar núíosach anuraidh agus atá ag 15/2 faoi láthair.

Tá an talamh geallta go maith ach fan go bhfeicfimid an féidir le Denman a ainm a bhuanú sna leabhra staire?

Cúrsaí Láimhe

NUAIR a bheas muid uilig ag baint suilt as dinnéar agus craic na Nollag i mbliana, is fiú smaoinemh ar sheisear imreoirí óga agus a mbainstíocht a bheidh i San Diego, Meiriceá ag glacadh páirte sna cluichí náisiúnta faoi aois ag tosnú ar Lá Fhéile Stiofáin.

An deireadh seachtaine seo caite i Muineachán agus sa Chabhán, bhí na babhtaí cáilithe ann faoi aois 15, 17 agus 19 i gcomórtasisí na mban agus na bhfear. Bhí an-choimhlintí ann agus cháiligh beirt imreoirí nua dul thar lear den chéad uair.

Fuair Darren Doherty ó Mhuineachán an lámh in uachtar ar Martin Mullins ó Cheatharlach i ngrád f-15 agus seo é an chéad deis dó dul le foireann na hÉireann go Meiriceá. Sa ghrád f-17, tháinig Killian Carroll ó Chorcaigh amach chun cinn ar Niall O'Carroll ó Chill Dara agus beidh Caolan Daly ó Thír Eoghain ag imeacht le foireann na hÉireann den chéad uair chomh maith mar gur bhuaigh sé féin ar Stephen Cooney ó Mhaigh Eo sa ghrád f-19.

Beidh triúr cailíní ag taisteal freisin agus, cosúil leis na fir, bhí sé deacair an bua a fháil. Sa ghrád f-15, ba í Lauren O'Riordan a bhuaigh ar Chiana Ní Churraoin ó Indreabhán, Gaillimh. Bhí an-bhua ag Catríona Casey ó Bhaile Deasumhan, Corcaigh ar Aisling O'Keefe as an chlub agus contae céanna sa ghrád f-17 agus bhuaigh Lorraine Havern ó Chontae an Dúin ar Shauna Hilley as Cill Mhantáin sa ghrád f-19.



Paul Brady, An Cabhán. (PIC. OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE)

Is iad Joe McCann (Maigh Eo) agus Ashley Prendeville (Ciarraí) atá i mbun bainistíochta agus tá sé ar intinn acu go mbeidh an fhoireann ag traenáil faoi dhó idir seo agus mí na Nollag.

Amárach beidh ócáid bhronnta na ngradam ar siúl ag a seacht a chlog i bPáirc an Chrócaigh le haitheantas a thabhairt do na himreoirí is fearr idir fhir, mhná agus faoi aois. Beidh gradaim á mbronnadh chomh maith ar Oifigeach na Bliana, Pearsa Club na Bliana, Cóitseálaí na Bliana, Foireann na Bliana, Club na Bliana agus Hall of Fame. Bronnadh Gradaim na gCúigí ar gach imreoir atá ainmnithe do Ghradam na Bliana le déanaí.

Imreoir is Fearr na bhFear: Vinnie Moran (Maigh Eo), Eoin Kennedy (Baile Átha Cliath), Seamus O'Carroll (Luimneach), Paul Brady (An Cabhán).

Imreoir is Fearr na mBan: Marianna Rushe (Ros Comáin), Shauna Hilley (Cill Mhantáin), Maria Daly (Ciarraí), Aisling Reilly (Aontroim)

Sraith Magner's na Seachtaine Seo

Benetton Treviso v Cúige Uladh
Dé hAoine @ 19.05, Stadio Monigo
Seo an chéad uair sa tSraith Magners go mbeidh an dá fhoireann seo ag imirt in aghaidh a chéile ach chas siad lena chéile i gCorn na hEorpa faoi cheathair, le Cúige Uladh ag críochnú chun cinn gach uair. Le sé chluiche anuas níor chaill Cúige Uladh in aghaidh foirne as an Iodáil, ach i mbliana bhí sé deacair ag foirne eile taisteal agus buachaint i Stadio Monigo mar a fuair Cúige Chonnacht agus Cúige Laighean amach. Bhí bua maith ag na hUltaigh in aghaidh Cardiff an tseachtain seo caite 37-15, ach tá imní orthu faoin imreoir dara sraith sa phaca Johann Muller (muineál) agus an tosaí scoilte Robbie Diack (rúitín). Tá cúig chluiche as ocht gcinn buaite ag Ulaidh go dtí seo agus bí ag faire amach don imreoir óg Craig Gilroy ar an chliathán. Fuair sé dhá úd in aghaidh Cardiff ina chéad chluiche ag tosnú do Chúige Uladh. Ba cheart go mbeadh Cúige Uladh ró-láidir do Treviso anocht.
Bua: Cúige Uladh

Dún Éideann v Cúige Chonnacht
Dé hAoine @ 19.05, Murrayfield
Bhí an-díomá ar Eric Elwood agus Cúige Chonnacht tar éis an chluiche in aghaidh na hOspreys. Bhí Connachta sé phointe chun cinn le ceithre bhomaite fágtha ach scóráil na hOspreys úd chun an cluiche a bhuachan le pointe 16-15. Níl Connachta tar éis buachaint i Murrayfield ó 2005 ach fuair siad an lámh in uachtar ar Ghlaschú i mí Mhéan Fómhair 19-17 agus beidh siad muiníneach gur féidir leo buachaint anocht. Tagann John Muldoon ar ais ar an fhoireann chomh maith tar éis do Declan Kidney é a ligean saor ó phainéal na hÉireann don chluiche seo.
Is cosúil le dún é Murrayfield ag Dún Éideann agus tá trí chluiche as a chéile buaite acu ann. Tá atmaisféar maith ann tar éis don fhoireann náisiúnta an bua a fháil in aghaidh na hAfraice Theas agus cé go bhfuil roinnt imreoirí in easnamh mar gheall ar na cluichí idirnáisiúnta, ina measc Allan Jacobsen, Ross Ford, Scott McLeod, Fraser Brown, Chris Patterson agus Greg Laidlow, tá Dún Éideann muiníneach as an fhoireann atá acu agus ceapfar go mbeidh an oíche leo.
Bua: Dún Éideann

Newport Gwent Dragons v Cúige Mumhan
Dé hAoine @ 19.05, Rodney Parade
Cé go bhfuil Cúige Mumhan gan imreoirí idirnáisiúnta ar nós Ronan O'Gara agus Peter Stringer, níl an chuma ar an fhoireann go bhfuil siad ag strachailt ar chor ar bith. Bhí bua le pointe amháin acu in aghaidh na Scarlets 27-26 an deireadh seachtaine seo caite ach chaill siad na trí huaire dheireanacha gur imir siad sa Bhreatain Bheag. Bhí sé iontach Barry Murphy a fheiceáil ar ais tar éis gortú fadtéarmach agus fuair sé bualadh bos mór ón tslua, go háirithe tar éis an úid a fuair sé. Feicfear John Hayes ag imirt ar an fhoireann anocht mar gur mhaith le Declan Kidney go bhfaigheadh sé tuilleadh cluichí leis an chúige.
Is ar bharr an tábla atá Mumha ach is iad na Dragons an dara foireann ón íochtar ar thábla na bpointí. Bhí drochthoradh acu in aghaidh Chúige Laighean an deireadh seachtaine seo caite 6-27 ach tá na sé chluiche dheireanacha buaite ag na Dragons in aghaidh foirne Éireannacha i Rodney Parade. An dtabharfaidh sé sin buntáiste dóibh?
Ní dóigh liom é. Cúige Mumhan chun na pointí a fháil.
Bua: Cúige Mumhan

Ospreys v Cúige Laighean
Dé Domhnaigh @ 17.00, Liberty Stadium
Beo ar TG4
Seo an chéad uair a bheidh an dá fhoireann ag imirt in aghaidh a chéile ó chaill Cúige Laighean i gCluiche Ceananis na Sraithe Magners níos luaithe i mbliana 17-12. Tá an dá fhoireann gan na himreoirí idirnáisiúnta agus deir cóitseálaí na foirne, Joe Schimdt, gur scrúdú géar é do Laighin.
Is ag deireadh na himeartha in aghaidh Chonnacht a bhuaigh na hOspreys an tseachtain seo caite ach imríonn Cúige Laighean go maith as baile sa Liberty Stadium leis na trí chluiche dheireanacha buaite acu ann. Fuair siad réidh leis na Dragons go héasca an Aoine seo caite 27-6 le Shane Horgan ag aimsiú a 63ú agus 64ú húd sa chluiche sin don chúige. Seans maith go mbeidh an fhoireann gan Leo Cullen chomh maith mar bhí sé ag traenáil le foireann na hÉireann i rith na seachtaine. Tá Trevor Hogan agus Ed O'Donoghue tar éis teacht ar ais ó ghortuithe fadtéarmacha.
Bua: Cúige Laighean

Imreoirí Óga na Todhchaí ar Fhoireann Dhún na nGall

Gráinne McElwain

THÁINIG Jim McGuinness isteach mar bhainisteoir nua ar an chontae le linn an tsamhraidh agus idir sin agus seo tá na céadta imreoir feicthe aige ach ní bheidh deis ag an fhoireann teacht le chéile go mí Eanáir . "Sin an rud is deacra faoi chosc ar thraenáil i mí na Samhna agus mí na Nollag. Tá muid tar éis aithne a chur ar 90% de na himreoirí ba mhaith linn a roghnú do Dhún na nGall ach níl siad in ann traenáil.

Is leis na coláistí agus Naomh Conaill na 10% eile agus beidh siad ag traenáil lena gcoláistí féin agus ag glacadh páirte i gcomórtaisí ar nós Comórtas Mhic Shigiúir. Ciallaíonn sin nach mbeidh ár bhfoireann féin againn i ndáiríre go dtí an tSraith agus níl na hullmhúcháin sin ró-mhaith ar chor ar bith."

Beidh Jim ag tógáil isteach go leor de na himreoirí óga f-21 a chaill Cluiche Ceannais na hÉireann f-21 anuraidh in aghaidh Átha Cliath agus beidh roinnt de na himreoirí f-21 i mbliana ar an phainéal chomh maith.

"Tá muid ag iarraidh imreoirí nua chun dearcadh úrnua a chur chun cinn. Beidh an fhoireann ar an mheán fiche is a trí bliana d'aois."

Tá Jim ag eagrú Comhdháil Oiliúna CLG i nDún na nGall ag tús na míosa seo chugainn. Beidh cainteoirí ar nós Benny Tierney, Peter Canavan, Darragh Ó Sé, Paddy Tally, Mick McGurn, Joe Kernan, Conor Counihan agus Liam Sheedy ann. Tuilleadh eolais ar www.achieveconsultancy.com

Na Sáirseálaigh ag iarraidh stair a chruthú Beidh na Sáirseálaigh ó Thiobraid Árann ag tabhairt aghaidh ar De La Salle as Port Láirge ar an Domhnach i gCluiche Ceannais Iomána na Mumhan agus na Sáirseálaigh ag iarraidh é a bhaint den chéad uair. Ní bheidh Ger "Redser" O'Grady ag imirt mar go bhfuil sé ar fionraí ach tá imreoirí den scoth acu, ina measc Lar Corbett, Pa Burke agus Pádraic Maher a bhuaigh Craobh Shinsir na hÉireann dhá mhí ó shin.

Jim McGuinness, Iar-imreoir agus Iar-bhainisteoir Naomh Conaill (Pic. Oliver McVeigh / SPORTSFILE)

Bhuaigh De La Salle Craobh na Mumhan den chéad uair dhá bhliain ó shin agus is é John Mullane an réalta is mó atá acu. Bhí cluiche an-dian acu in aghaidh na Sáirseálach ó Chorcaigh sa chluiche leathcheannais ach, de réir na ngeallghlacadóirí, beidh an bua ag na Sáirseálaigh ó Thiobraid Árann agus bainfidh siad áit amach i gCluiche Leathcheannais na hÉireann in aghaidh Dhroichead an Chláirín, Gaillimh ar 18 Feabhra.

Ar an Domhnach chomh maith, tabharfaidh Abhallort-An Bealach, Loch Garman aghaidh ar Ghaeil Uí Lochlainn, Cill Chainnigh i gCluiche Ceannais Iomána Laighean.

Neart na Foirne nach bhfuil Réalta Mór Ann

Gráinne McElwain

LEIS an Nollaig timpeall an chúinne, tá deireadh ag teacht le Comórtaisí Craoibhe na gCúigí CLG. Ar an Domhnach beidh De La Salle ó Phort Láirge ag tabhairt aghaidh ar Na Sáirséalaigh ó Thiobraid Árann i gCluiche Ceannais Iomána na Mumhan agus ar an lá céanna beidh foireann na Gaeltachta, Naomh Conaill ó na Gleannta, ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar b'fhéidir an fhoireann chlub is fearr riamh, Crois Mhic Lionnáin, i gCluiche Ceannais Uladh.

Tá Craobh Club na hÉireann buaite ag fir Ard Mhacha ceithre huaire agus tá siad ag cuartú a n-ochtú Craobh Uladh. Is foireann óg iad ach, le taithí ó imreoirí ar nós Oisín McConville, John McEntee agus Francie Bellew ar an fhoireann, bí cinnte nach gcuirfidh an ócáid isteach orthu siúd. Ach cé chomh mór is atá an buntáiste sin?

"Aontaím leat gur buntáiste é ach is é an rud faoi fhoireann Naomh Conaill ná nach bhfuil faitíos orthu agus ní dóigh liom go gcuirfidh an ócáid isteach orthu," a deir Jim McGuinness, bainisteoir Dhún na nGall agus iar-imreoir agus iar-bhainisteoir Naomh Conaill.

"D'imir an chuid is mó de na leaids seo leis an chontae f-18 agus f-21 agus tá a gcuid taithí féin acu. Is foireann óg cinnte iad ach tá imreoirí óga ag Crois Mhic Lionnáin chomh maith. Cé go bhfuil imreoirí mór le rá acu, tá siad ag atógáil na foirne na laethanta seo agus beidh cluiche an-chothrom againn mar sin."

Ag féachaint siar ar Naomh Conaill agus an bóthar a bhí acu go dtí seo, is díol suntais é go raibh an t-ádh leo i roinnt de na cluichí.

"Tá an fhoireann seo tar éis feabhsú le linn na bliana. Chaill muid ár gcéad chluiche sa Chraobh in aghaidh Chill Charthaigh agus chuaigh muid amach ar an dara lá le bua ag teastáil chun fanacht sa chomórtas. Bhí muid chun cinn ach bhí deis ag Cill Charthaigh ag deireadh an chluiche scór a aimsiú chun an cluiche a bhuachan ach buíochas le Dia gur chaill siad an deis."

"Tharla an rud céanna i gCluiche Leathcheannais an Chonate in aghaidh Ghleann tSuilí. Le linn am breise, bhí muid dhá chúilín taobh thiar agus rudaí ag féachaint go dona. Ach fuair muid cúl agus bhuaigh muid an cluiche. Tá carachtar ag an fhoireann seo agus ní stopann siad ag obair."

Is iad Leo McLoone agus Dermot "Brick" Molloy na hainmneacha a sheasann amach ar an fhoireann ach ní dóigh le Jim go bhfuil siad ag brath ar na himreoirí sin.

"Faoi láthair is é Leo McLoone an t-imreoir is fearr i gCúige Uladh ach sílim an neart is mó atá ag Naomh Conaill nach bhfuil siad ag brath ar aon imreoir amháin. Níl réalta mór amháin again."

"Nuair a d'imir muid in aghaidh Chluain Thiobraid as Muineachán sa chéad bhabhta de Chraobh Uladh, bhí a fhios againn go gcaithfeadh muid triúr nó ceathrar imeoirí contae a bhí acu a mharcáil go maith agus go mbeadh an-deis againn ansin an cluiche a bhaint. Ach tá níos mó ná triúr nó ceathrar imreoirí maithe ag Naomh Conaill."

Bhí bua éasca ag Naomh Conaill in aghaidh Chluain Thiobraid leis an scór ag lán ama 2-12 in aghaidh 0-9. Bhí cluiche níos déine acu in aghaidh Oileáin an Ghuail sa chluiche leathcheannais ach tháinig siad amach le bua cúilín amháin, 1-10 in aghaidh 1-9. An mbeidh siad in ann mar sin Crois Mhic Lionnáin a bhualadh?

"Ní bheidh easpa muiníne againn don chluiche seo. Ceapaim féin go mbeidh an-choimhlint ann agus mothaím nach mbeidh mórán idir na foirne. Tá Crois Mhic Lionnáin an-fhisiciúil ach beidh Naomh Conaill ábalta cloí leis sin. Tá siad níos airde ná muid agus cé nach gceapaim go gcuirfeadh an ócáid isteach ar na leaids, tá go leor imreoirí ag Cross a bhí anseo cheana. Déarfainn go mbeidh ról lárnach ag Oisín McConville sa chluiche."

Fuair Oisín 1-6 in aghaidh Naomh Gall sa chéad bhabhta de Chraobh Uladh. Cé mar sin a bheas in ann an cluiche a bhaint?

"Beidh dúshlán mór ag Naomh Conaill ar an Domhnach ach ní beidh iontas ar bith orm dá mbeadh an lá linn. Ní bheidh na himreoirí neirbhíseach agus tá a fhios acu nach dtagann laethanta mar seo timpeall ró-mhinic agus caithfidh tú iad a bhaint.

Is iad Crois Mhic Lionnáin rogha na n-údar ach ní bheadh a fhios agat cad a tharlódh ar an lá. Is féidir le cinneadh nó dhó dul leat nó i d'aghaidh. Go dtí seo bhí an t-ádh linn agus anois cá bhfios?"

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Samhain, 2010

“Bheinn ag ceapadh go mbeidh leaids Ard Mhacha róláidir”

John Allen

Comhghairdeas le hiománaithe Dhroichead an Chláirín a thug leo craobh an chontae an Domhnach seo caite. Bhí lámh amháin ag Baile Locha Riach ar an gcorn agus gnáth-am beagnach caite ach ghéilleadar trí chúilín chun an cluiche a chur isteach go ham breise, áit ar chríochnaigh Droichead an Chláirín níos láidre.

An deireadh seachtaine seo tagann móruaisle iomáint sinsir chlubanna na Mumhan le chéile sa chraobhchluiche i bPáirc Uí Chaoimh i gCorcaigh. Coicís o shin bhí an-choimhlint idir De La Salle Phort Láirge agus Sáirséalaigh Chorcaí i gcluiche a chuaigh chuig am breise agus an t-ádh dearg ar na buaiteoirí ón Rinn an cluiche a chothromú i ngnáth-am. Bhíodar sórt ag snámh in aghaidh easa an chuid is mó den am i ndiaidh dhá chúl a ghéilleadh sa chéad leath ach lean siad leo ag ísliú na bearna ach thóg sé cúilín den scoth ó Kevin Moran chun an cluiche a thógaint chuig am breise. Fuaireadar an lámh in uachtar sa tréimhse seo agus anois tá siad ar ais sa chluiche craoibhe, i gcoinne Sháirséalaigh Dhúrlas Éile an uair seo.

Bhí coimhlint ghéar ag foireann Thiobraid Árann freisin agus iad ag fáil an-chluiche ó Chill Mocheallóg . Ní raibh faic idir na foirne sa chéad leath agus murach dhá chúl ag na Tiobradaigh bheidís i dtrioblóid mar bhí leaids Luimnigh chomh maith leo sna coimhlintí go léir ach lig an t-aimsiú síos iad rómhinic .

Ta sé deacair a chreidiúint nár imir foireann Dhúrlais sa chraobh seo riamh ach tá seans acu anois an Domhnach seo corn eile a thabhairt cois Siúire chun cur leis na cinn eile atá buaite ag na foirne idirchontae i mbliana.

Dar ndóigh tá laoch na dtrí chúl sa craobh shinsir Lar Corbett acu chomh maith leis an sár-imreoir óg Pádraig Maher. Freisin tá an cúlaí Michael Cahill a d’imir le foirne sinsir agus faoi fiche haon na dTiobradach i mbliana.

D’fhoireann na Déise ní raibh John Mullane ar bharr a réime i gCorcaigh agus beidh De La Salle ag súil le taispeántas i bhfad níos fear as an Domhnach seo . Bhí Kevin Moran ar fheabhas sa leathchraobh ach beidh air bheith amhlaidh arís chun smacht a choimeád ar thosaithe tapa Dhúrlais .

Le níos mó taithí ag dul isteach sa chraobh seo ceapaim go mbeidh an lá ag foireann na Déise ach ní bheidh mórán eatarthu. Dála an scéil ní aontaíonn Paddy Power liom.

Ó thuaidh ar an Domhnach tá craobh shinsir pheile na gclubanna á himirt. Casfaidh prionsaí an chomórtais seo, Crois Mhic Lionnáin, agus buachaillí nua, Naomh Conaill ó na Gleannta i nDún na nGall ar a chéile . Seo an chéad uair riamh d’fhoireann Thír Chonaill an chraobh seo a shroichint ach cad é mar fhreasúra atá acu . Raonaithe Chrois Mhic Lionnáin agus ceithre chraobh uile-Éireann buaite acu, seacht gcinn cúige agus gach craobh contae ó thosach na mílaoise ach ceann amháin.

Dar ndóigh sin stair agus buaitear cluichí ar lá na coimhlinte . Sa dá leath-chraobh Uladh ní raibh ach cúilín amháin idir na foirne. Tá na hainmneacha mór le rá go léir ag foireann na Croise, ainmneacha cosúil le Namee, Hearty, Kernan agus McConville agus tá an stair go léir acu. Is deacair iad a bhualadh ach seo craobh agus tarlaíonn gach rud ar an lá ar an bpáirc imeartha.

Faraor, bheinn ag ceapadh go mbeidh leaids Ard Mhacha róláidir an uair seo.

I gCúige Laighean beidh na seannaimhde Cill Chainnigh agus Loch Garman ag tabhairt faoina chéile nuair a thiocfaidh Abhallort-An Bealach agus Gaeil Uí Lochlainn ceann le ceann sa chraobhchluiche iomána i gCeatharlach ar an nDomhnach .

Ag an bpointe seo agus leithéidí Phort Omna agus Sheamróga Bhaile Héil imithe as an gcomórtas, ceapann na sé fhoireann atá fágtha go bhfuil gach seans acu bheith ag imirt i bPáirc an Chrócaigh ar Lá Fhéile Pádraig agus ag crochadh leo chorn Chraobh na hÉireann.

Ta sé deacair a chreidiúint nár imir foireann Dhúrlais sa chraobh seo riamh ach tá seans acu anois an Domhnach seo corn eile a thabhairt cois Siúire chun cur leis na cinn eile atá buaite ag na foirne idirchontae i mbliana.

Tá an-mheas ar Abhallort-An Bealach agus tá siad mar rogha na n-údar ag na geallghlacadóirí don chluiche seo. An rud is annamh is iontach mar ní minic le blianta beaga anuas a bhíonn foireann ó Chill Chainnigh ag dul isteach in aon chraobh mar íochtaráin.

Sa leath-chraobh bhí an t-ádh dearg ar Ghaeil Uí Lochlainn fáil réidh le Baile Baodáin. Chuaigh an cluiche isteach in am breise, agus is ansin a chuir Gaeil Uí Lochlainn solas lae idir iad féin agus foireann Bhaile Átha Cliath. Leis na laochra contae Brian Hogan agus Martin Comerford ag imirt leo ní rachaidh siad síos go ró-éasca.

Sa leath-chraobh eile thug Ráth Fhearna na hIar-Mhí dúshlán Abhallort-An Bealach agus ní raibh ach trí chúilín idir na fóirne ag an deireadh. Tá scata maith imreoiri contae ag imirt le hAbhallort-An Bealach freisin, ainmneacha mar Jacob, Rossiter, Roche agus Redmond .

Ós rud e nach bhfuil a lán cur amach agam ar na foirne rachaidh mé leis na geallghlacadóirí agus tabharfaidh mé an nod d’Abhallort-An Bealach.

Beir Bua.

Michael McNamee, Crois Mhic Lionnáin. (PIC. PAUL MOHAN / SPORTSFILE)

Stephen Forde, Droichead an Chláirín, in iomaíocht le Vinnie Maher, Baile an Loch Riach, in athimirt sa Chraobh Chontae Sinsir le déanaí i mBaile Átha an Rí.

"Tá lúcháir orm a bheith ag tosú d'Éirinn": Shane Long

Pádraig Bán Ó Broin

Is cinnte nach bhfuil sé éasca d'aon imreoir fanacht ar bhinse na bhfear ionaid agus iad lánaclaí. Go hidirnáisiúnta, Seamus Coleman agus Marc Wilson a bhí ann le déanaí. I dtaobh an chlub de, tá do rogha agat - le Shay Given (*Man City*), Robbie Keane (*Tottenham*), agus Glenn Whelan (*Stoke City*) i measc imreoirí na tíre atá ag lobhadh ar bhinsí Shasana. Agus b'shin mar a bhí do Shane Long ar feadh achar fada.

In ainneoin na gcúl a scóráil Long in aghaidh na Rúise agus na hIorua le déanaí, déantar dearmad gur i mí Feabhra 2007 a roghnaíodh Long d'Éirinn den chéad uair. Beagnach ceithre bliana ón gcluiche sin i gcoinne Shan Mairíne, ar deireadh tá áit tosaigh nach mór daingnithe ag Long le Reading agus le hÉirinn.

"Tá lúcháir orm a bheith ag tosú d'Éirinn," a dúirt Long le Gaelscéal. "Tagann sé ó bheith ag imirt ag leibhéal club gach seachtain. Mothaíonn sé go bhfuilim in iomaíocht le Robbie (Keane) agus Kevin (Doyle) ar feadh tamall fada. Tá sé an-deacair iarracht a dhéanamh áit a fháil rompu."

Labhair Giovanni Trapattoni an tseachtain seo caite faoi, á rá: "Má leanann sé ag imirt dá chlub, tá tosach eile faighte againn. Go dtí seo, bhí Robbie Keane agus Kevin Doyle againn. Anois, tá ceann eile aimsithe againn."

An fhadhb atá ann do Long, mar aon le Wilson agus Coleman, ná go bhfuil Trapattoni daingnithe ina bhealaí féin. Bheadh a fhios ag Trapattoni gur rogha a bhí i Long roimhe seo, dá mba rud é gur thug sé deis don fhear óg. Níor chuir taispeántas Long iontas ar éinne, seachas ar an Iodálach.

Is cinnte gur bliain mhaith atá ann go dtí seo do Long. Tá a bhainisteoir idirnáisiúnta tar éis a admháil gur rogha é d'áit tosaigh i measc thosaithe na hÉireann. Le blianta, ní raibh aon bhainisteoir sásta an caidreamh imeartha idir Keane agus Doyle a bhriseadh. Ní amháin sin, ach is beag bainisteoir a thug deis d'aon imreoir eile dul in iomaíocht leo.

I gcás Long, bhí an t-ádh air gur bhain gortuithe do Doyle agus Keane le gairid. Seachas sin, tá sé deacair a shamhlú go dtabharfadh Trapattoni áit tosaigh dó in aghaidh na Slóvaice agus na hIorua. Ach anois, smaointí aite Trapattoni san áireamh fiú, ba chóir d'fhear Reading aghaidh a thabhairt ar an Nollaig agus a fhios aige go mbeidh sé lárnach i ndeis cáilíochta na Poblachta do Chraobh na hEorpa. Tá 17 cluiche tosaithe aige do Reading i mbliana, agus anois tá an cumas léirithe aige ar an staid idirnáisiúnta agus tá an t-ógánach ag baint lán taitnimh as.

Shane Long. (PIC. DAVID MAHER / SPORTSFILE)

An fhadhb atá ann do Long, mar aon le Wilson agus Coleman, ná go bhfuil Trapattoni daingnithe ina bhealaí féin. Bheadh a fhios ag Trapattoni gur rogha a bhí i Long roimhe seo, dá mba rud é gur thug sé deis don fhear óg. Níor chuir taispeántas Long iontas ar éinne, seachas ar an Iodálach.

"Tá sé iontach a bheith ag imirt os comhair cibé míle duine agus imirt ar son do thír," ar sé. "Bainim sult as gach aon nóiméad ar pháirc na himeartha. Gan amhras, tá sé éagsúil imirt do Reading. Rugadh mé in Éirinn agus is Éireannach tríd is tríd mé. Táim ag baint sásaimh as mo pheil do Reading faoi láthair, ach mothúcháin dochreidte atá ann agus tú ag imirt dod' thír.

Cé gur scóráil Long in aghaidh na hIorua, bhí díomá air an lámh in uachtar a thabhairt dóibh tar éis dul chun tosaigh orthu sa chúigiú nóiméad. Leis an gcailliúint sin, 1-2, ar chúl a chinn, díríonn sé a aird ar Reading agus ar iad a threorú i dtreo Phríomh-Roinn Shasana.

"Measaim go bhfuil mé ag imirt go maith do Reading, ach téann gach tosach tríd seal nuair nach n-aimsíonn siad cúl. Le gairid, tá an liathróid á chur sa líon agam - tá sé níos éasca cúl a aimsiú i ndiaidh roinnt cúl a fháil.

"Níl a fhios agam cad go díreach atá ann, ach táim sásta le caighdeán na peile atá á imirt agam faoi láthair. Tá a fhios agam go dtiocfaidh na cúil agus caithfear an obair chrua a chur isteach mar fhoireann."

Tá ceithre chúl faighte ag Long an séasúr seo do Reading, ach tá a fhios aige go mbeidh air cur leis sin má tá sé chun Reading a thabhairt chun na Príomh-Roinne. "Ní leagaim amach spriocanna dom féin," a deir Long. Bheinn ag súil go mbeidh mé in ann an méid cúl a scóráil mé an bhliain seo caite a shárú. Táim breá sásta ag Reading faoi láthair. Tá dóchas agam go mbeidh mé in ann m'imirt féin a neartú agus cur leis an méid a dhein mé an bhliain seo caite."

Dar lena chomrádaí idirnáisiúnta Shay Given, tá todhchaí mhaith roimh Long. "Tá Shane tar éis an-dul chun cinn a dhéanamh. Tá sé ag aimsiú cúl do Reading, roinnt cúl gleoite ina measc, agus tá cúil á scóráil aige don fhoireann idirnáisiúnta chomh maith. Bainfidh sé ard-mhuinín as sin agus tógfaidh sé air," a dúirt Given. Leis an 17 cluiche a thosaigh Long go dtí seo i mbliana le Reading, beidh líon na gcluichí a d'imir sé anuraidh dóibh sáraithe aige faoin Nollaig. Ó thaobh na foirne idirnáisiúnta de, tá Long ag tnúth le cluichí cáilithe Chraobh na hEorpa an bhliain seo chugainn. Go gearrthéarmach áfach, tá aigne Long dírithe ar Reading atá sa cheathrú háit sa Championship faoi láthair.

Níl ach cluiche amháin sa tsraith nár imir Long ann, ach sa 11 áit, tá gá ag Long agus Reading díriú ar mhian an lucht tacaíochta. Dóibh siúd, ní bheidh siad sásta le haon ní seachas ardú céime a fháil go dtí an Phríomhroinn.

"Má thugann tú sracfhéachaint ar dheireadh an tséasúir seo caite, bhíomar ar an bhfoireann is fearr tar éis Newcastle United sa dara leath den séasúr. An méid pointí atá againn cheana féin an séasúr seo, ní raibh an méid sin againn go dtí lár mhí Eanáir an séasúr seo caite. Dá bharr, tá gach uile sheans ann go rachaidh muid chomh fada leis na cluichí cáilithe ar a laghad. Agus cá bhfios, b'fhéidir go mbeimid sa chéad dá áit.

"Cinnte, tá an scuad againn chun sin a dhéanamh. An t-aon rud gur gá dúinn a dhéanamh ná ár gcumas a léiriú seachtain i ndiaidh seachtaine. Is scuad óg atá ann ag Reading, ach táimid maith go leor. Sa Championship faigheann gach éinne an lámh in uachtar ar a chéile. Sraith chrua atá ann chun teacht as, ach nuair a chuireann tú roinnt buanna le chéile, tógann tú air sin. Caithfimid leanúint ar aghaidh leis an méid atá déanta againn go dtí seo agus tiocfaidh muid slán.

Beidh neart fisiciúlachta idir na foirne ar an Domhnach. (PIC. STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE)

Pumas le greim a bhaint as Éirinn!

An Airgintín v. Éire, Staid Aviva, Dé Domhnaigh, RTÉ 2 @14:30

Gráinne McElwain

MÁ cheapeann tú go raibh an rugbaí dian agus fisiciúil in aghaidh na hAll Blacks an deireadh seachtaine seo caite, bí cinnte go mbeidh sé fisiciúil arís d'fhoireann na hÉireann nuair a chuirfidh siad fáilte roimh na Pumas ar an Domhnach.

I rith na seachtaine, tugadh moladh do na hÉireannaigh as an taispeántas cróga agus díograiseach a thug siad, ach ag deireadh an lae, chaill siad le fiche pointe. Mar a dúirt Declan Kidney i ndiaidh an chluiche, "Níl suim againn i mbua mórálta" agus cuimhnigh nach bhfuil ach cluiche amháin buaite acu le hocht gcluiche. Seo cluiche tábhachtach mar sin in aghaidh na hAirgintíne, ó thaobh na siceolaíochta de agus deireadh na bliana ag teacht.

Is ar maidin atá Declan Kidney ag ainmniú a fhoirne agus is iad na gortuithe an fhadhb is mó atá ag cur as dó. Rinneadh cinneadh go luath an tseachtain seo nach mbeadh Rory Best, Rob Kearney ná Luke Fitzgearld ag imirt mar gheall ar ghortuithe ón Domhnach. Beidh Best, Fitzgearld agus Kearney in easnamh ar feadh míosa ar a laghad. Bhí gortuithe calpa ag cur as do Tommy Bowe agus Gordon D'Arcy, a ghualainn atá gortaithe ag Brian O'Driscoll, ach bhí siad uilig ag traenáil i rith na seachtaine agus ba chóir go mbeadh an triúr sin ar fáil don Domhnach.

Cá seasann foireann na hÉireann mar sin? Níor imir siad go maith in aghaidh na hAfraice Theas ná in aghaidh Shamó ach tháispeáin siad in aghaidh na hAll Blacks an bealach gur féidir le hÉirinn imirt. Bhí Johnny Sexton thar barr mar leathchúlaí amuigh, lena chuid ciceála go háirithe. Deirtear nach bhfuil ciceáil Johnny Sexton chomh maith le Ronan O'Gara ach chreid Declan Kidney ann agus níor theip ar Sexton. Bhí fadhbanna ag an síneadh amach agus an chlibirt sa chéad chúpla cluiche ach d'fheabhsaigh sé sin go mór in aghaidh na hAll Blacks. Ba bhreá liom Devin Toner a fheiceáil ag teacht isteach níos luaithe sa chluiche sin sa dara líne ach is leaid óg é agus gheobhaidh sé deis arís an Domhnach seo. Bhí Gordon D'Arcy agus Brian O'Driscoll an-mhaith agus chonaic muid ceannaireacht, obair chrua agus cosaint fhíormhaith ar fud na páirce. Beidh na tréithe céanna de dhíth an deireadh seachtaine seo.

Aon uair go mbuaileann na Pumas agus Éire le chéile, bíonn coimhlintí fisiciúla agus dúshlánacha ann. Seo é an naoú huair go mbeidh an dá fhoireann seo ag imirt in aghaidh a chéile ó thús na mílaoise, agus tá cheithre chluiche buaite ag an dá thaobh. Ba í mí na Samhna 2008 an uair dheireanach a chas na foirne ar a chéile, nuair a d'imir siad i bPáirc an Chrócaigh. Ba ag Éirinn a bhí an lá le bua 17-3. Ach fuair na Pumas an lámh in uachtar ar Éirinn sna trí chluiche roimhe sin. Ina measc bhí an cluiche i gCorn Rugbaí an Domhain in 2007 in Parc de Princes, Páras nuair a díbríodh Éire as an chomórtas ar fad leis an scór 30-15 an lá sin.

Cé gur imir Felipe Contepomi le Cúige Laighean, ní éiríonn ró-mhaith leis do na Pumas in aghaidh gheansaithe na hÉireann. Níl Juan Martin Hernandez ar fáil mar gheall ar ghortú agus beidh Contepomi ag imirt ina áit. Bhí bua maith acu in aghaidh na hIodáile sa chéad teist ach chaill siad 15-9 in aghaidh na Fraince in Montpellier an deireadh seachtaine seo caite. Is sa Fhrainc agus sa Super 14 a imríonn an chuid is mó den fhoireann seo ach tá an-taithí acu le Contepomi, Nicolas Vergallo ag uimhir a naoi, an húcálaí Mario Ledesma, Gonzala Tiesi sa lár agus Mario Ledesma sa chéad líne.

Mar nach mbeidh Rob Kearney ag imirt mar lánchúlaí d'Éirinn tá seans ann go mbeidh Geordan Murphy nó Keith Earls ann ach is fiú súil a choinneáil ar Martin Rodruiguez, an lánchúlaí ó na Pumas. Níl sé ach 25 bliain d'aois ach is imreoir den scoth é nach bhfuil teoranta d'ionad amháin ar an fhoireann ach an oiread.

Mar sin, seo scrudú dian do Declan Kidney agus a fhoireann, go háirithe leis an méid imreoirí atá in easnamh mar gheall ar ghortuithe. Bhí Éire ag déanamh ar ais ar bhóthar an leasa an deireadh seachtaine seo caite ach ní bheidh sé furasta acu fanacht ar an bhóthar sin an Domhnach seo.